

## **Clár Ábhair**

### **Brollach**

**Rannán 1: Díl na hiomaíochta a chur i bhfeidhm**

**Rannán 2: Cumaisc agus Éadálacha a Mheasúnú**

**Rannán 3: An Iomaíocht a chur chun cinn in Éirinn**

**Rannán 4: Polasaí agus Seirbhísí Corparáideacha**

**Aguisíní**

## BROLLACH

---

Sa bhliain 2008 bhí an tÚdarás Iomaíochta gnóthach ag iarraidh cur lena raibh bainte amach aige go dtí sin agus níl dabht ach go raibh deacrachtaí móra le sárú aige sa chomhshaol a bhí ann.

Ba lúide na hacmhainní a bhí againn chun an jab a dhéanamh na cúinsí deacra eacnamaíochta – rud a thuigfí agus nár chóir a bheith ag súil lena mhalairt sna himthosca. Mar a léiríonn gach tuairisc áfach leanamar ar aghaidh go héifeachtúil d’ainneoin na gcorruithe riachtanacha seo chun ár gcuspóirí reachtúla a baint amach. Ba chóir moladh a thabhairt do shaineolas agus do dhúthracht na foirne as an éacht sin.

Ba dheis do roinnt daoine an meath a tháinig ar chúrsaí eacnamaíochta chun ról na hiomaíochta mar thiomántóir táirgiúlachta agus fiú fáis a cheistiú. Leis an fhírinne a rá is tábhachtaí ná riamh an ról atá ag polasaí na hiomaíochta i ndáil le téarnamh gheilleagar na hÉireann. Níos minice ná a mhalairt is in aimsir an chúlaithe eacnamaíoch is fearr a fhásann cairtéil agus is mó a thagann an t-iompar frithiomaíoch chun uachtar. Gearrann cairtéil agus monaplachtaí muirir níos airde i leith earraí – rud is cúis le laghdú ar chaiteachas tomhaltóra agus le cur amú maoinithe poiblí agus is iad an dá rud sin a dhéanann an cúlú sa gheilleagar níos measa.

Is mó ná riamh is gá do mhuintir na hÉireann a bheith ar an airdeall maidir le cairtéil, le cumaisc a laghdaíonn an iomaíocht agus le hiompar frithiomaíoch eile. Má osclaítear na hearnálacha sin den gheilleagar atá faoi fhothain sa chaoi go méadófar an iomaíocht ísleofar na costais a bhaineann le gnó a dhéanamh in Éirinn agus is iomaíthí a bheidh an tír dá bharr agus is mó a bheidh tarraingt uirthi ag infheisteoirí ón iasacht.

Fáiltímid roimh fhógra an Tánaiste go bhfreagróidh an Rialtas go foirmeálta moltaí an Údaráis Iomaíochta atá foilsithe i dtuarascálacha foirmeálta dár gcuid. Is fógra tábhachtach é seo a mhéid is a chuireann sé in iúl go bhfuil an Rialtas ag cinntiú margadh iomaíoch ar fud an gheilleagair. Tá sé curtha in iúl anseo go bhfuil ag an Údarás Iomaíochta liosta sách fada de mholtaí nach bhfuil curtha i bhfeidhm. Beidh an Rialtas ag tabhairt aghaidh orthu sin ar mhodh bisiúil mar chéad chéim chun an polasaí nua seo a chur i ngníomh.

Ina theannta sin fáiltímid roimh chinneadh an Rialtais an tÚdarás Iomaíochta a chónascadh leis an nGníomhaireacht Tomhaltóra Náisiúnta. Glactar go forleathan ar bhonn idirnáisiúnta lena leithéid de ghníomhaireacht a bhfuil feidhm chomhcheangailte aici. Ach í bheith comhdhéanta i gceart agus acmhainní aici mar is cuí beidh sé ar chumas na gníomhaireachta nua bheith ina habhchóide agus ina forfheidhmí níos láidre ar son an chustaiméara nó mar bhí an dá ghníomhaireacht leithleacha go dtí seo.

Maidir le forfheidhmiú rinneamar dul chun cinn ar bhonn leanúnach. De bhrí bur baineadh amach ceithre dhaorbhreith choiriúla de bhreis i mbliana, tá sé cinnte go deimhnitheach gur féidir daorbhreitheanna coiriúla i leith cionta iomaíochta a bhaint amach in Éirinn. Ina theannta sin tionscnaíodh imeachtaí i gcoinne dhá chairtéil nua. Anois ar teacht na bliana 2009, tá liosta den suntas de chásanna coiriúla curtha faoi bhráid na gcúirteanna ag an Údarás Iomaíochta. Is léiriú sin ar an rath atá ar an obair agus is deacracht le sárú é siocair na n-acmhainní teoranta atá againn.

Is breá an obair atá déanta againn go n-uige seo maidir le forfheidhmiú agus ní mór dúinn an jab a chur i gcrích trína chinntiú go mbeidh an forfheidhmiú ina mbac éifeachtúil i gcoinne iompair frithiomaíoch. I 2008 bhí an pobal ag éirí níos tuisceanaí maidir lena thromchúise is a bhíonn coireanna lucht an bhóna bháin agus lena riachtanaí atá sé pionóis chuí a ghearradh ina leith. Is gníomhaireacht an tÚdarás Iomaíochta atá i dtús cadhnaíochta maidir le coiriúlacht lucht an bhóna bháin in Éirinn a throid. I rith na bliana, d'éagraigh an tÚdarás Iomaíochta comhdháil chun ceist na bpionós i leith cionta iomaíochta a phlé; bhí breithimh ón gCúirt Uachtarach agus ón Ard-Chúirt ina modhnóirí agus cuireadh tuairimí an Ard-Aigne in iúl. Bhí rud suntasach le rá acu agus ag lear mór d'oifigigh forfheidhmithe idirnáisiúnta – go raibh gá le pionóis thromchúiseacha agus chomhsheasmhacha i leith cionta iomaíochta.

Mar ab amhlaidh riamh bain tábhacht leis an earnáil chúram sláinte i dtaca le hobair an Údaráis Iomaíochta de. Éilíonn an brú atá ar chúrsaí airgeadais phoiblí go ndíreodh an Rialtas ar an éifeachtacht san earnáil seo a threisiú a thuilleadh. Maidir leis seo is é tuairim meáite an Údaráis Iomaíochta gur comhghuaillí láidir a bheidh san tAcht Iomaíochta san iarracht a dhéanfar chun an cuspóir inmhianaithe seo a bhaint amach agus creidim gurbh fhearr a bheidh an Rialtas in ann luach ar airgead a sholáthar sa mhargadh cúram sláinte de bharr na hoibre atá déanta againn go dáta.

Níos faide amach, sheas Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach (CBCE) le tuairim an Údaráis Iomaíochta maidir le cás Chumann Forbartha Thionscal na Mairteola (BIDS). Sheas CBCE le tuairim an Údaráis Iomaíochta go raibh comhaontuithe idir iomaitheoirí chun comhordú comhordaithe tionsclaíoch a chur i dtoll a chéile clúdaithe le Airteagal 81(1) agus dá bhrí sin nár mhór anailís chúramach eacnamaíoch a dhéanamh orthu sula dtabharfaí aon díolúine ina leith. Baineann an cinneadh seo go mór le polasaí iomaíochta de réir mar a théitear ar aghaidh leis, an cathú a bheidh ar thionscail eile comhtháthú dá leithéid a thriail curtha san áireamh.

Ba lú ná mar bhí sna blianta atá thart an ghníomhaíocht chumaisc, rud is toradh dosheachanta ar an gcúlú eacnamaíoch. Ní raibh aon ghanntanas áfach ar chumaisc dhúshlánacha a cuireadh faoi bhráid an Údaráis Iomaíochta, agus cuireadh bac i rith na bliana ar an tríú cumasc agus ní raibh ann ach trí go dáta – is é sin éadail Breeo Foods Limited agus Breeo Brands Limited a fháil ag Kerry Foods plc.

Maidir le hobair aighneachta, chuidigh an tÚdarás Iomaíochta go mór leis an bpolasaí i leith an mhargaidh ghrósaeireachta nuair a chuir sé an Tionscadal Monatóireachta Grósaeireachta i gcrích agus nuair a d'fhoilsigh sé athbhreithniú cuimsitheach ar iarmhairtí an chórais phleanála mhiondíola ar an iomaíocht sa mhargadh grósaeireachta. Tá cuimse shrianta ar an iomaíocht sa chóras phleanála agus tá siad leagtha amach go soiléir sa tuarascáil. Dá luaithe a thugann an Rialtas na srianta sin chun bealaigh is ea is tapúla a thairbheoidh tomhaltóirí den iomaíocht. Ba léir do thomhaltóirí na buntáistí a lean den chur i bhfeidhm i 2008 de roinnt moltaí a rinne an tÚdarás roimhe sin.

Faoi dheireadh mar is gnách, gabhaim mo bhuíochas le foireann an Údaráis Iomaíochta. Tráth ar ndearnadh iniúchadh níos mó ná riamh ar go leor gnéithe den tseirbhís phoiblí agus go minic cáineadh láidir lena chois, tig leis an bhfoireann bheith bródúil as a bhfuil bainte amach acu i gcúinsí deacra.

A handwritten signature in black ink, appearing to read 'William Prasifka'.

William Prasifka  
Cathaoirleach

## 1. DLÍ na hIOMAÍOCHTA a CHUR i bhFEIDHM

---

Tá dlí na hiomaíochta ceaptha, go príomha, chun dul chun sochair do thomhaltóirí atá ag súil le hearraí agus le seirbhísí a cheannach ar phraghas iomaíoch agus chun iad a chosaint. Soláthraíonn an méadú ar an iomaíocht luach maith ar airgead do chustaiméirí, spreagann gnó agus feabhsaíonn an gilleagar ina iomláine. Is de thoradh iompair fhrithiomaíoch a íocann tomhaltóirí praghsanna níos airde gan aon sochair bhreise a fháil agus is é a lagaíonn iomaíocht gheilleagar na hÉireann.

Is iad na cairtéil is mó a dhéanann dochar to thomhaltóirí: praghas-socrú, camastaíl tairiscintí agus cionroinnt margaidh ag iomaitheoirí a bhaineann de thomhaltóirí na sochair a ghabhann le dian-iomaíocht maidir le praghas, seirbhís agus nuálaíocht. Ní bhaineann tomhaltóirí aon sochair is toradh ar an iomaíocht ó chairtéil; níos minice ná a mhalairt ceaptar iad sa chaoi is gur costais fholaithe agus ardú ar praghsanna a thairbhíonn iomaitheoirí an toradh a bhíonn orthu agus bíonn an iomaíocht agus an tomhaltóir thíos leo.

Bhíothas thar bheith gnóthach i 2008 chomh fada is a bhain sé le forfheidhmiú i leith cairtéal. Ba é 23 líon iomlán na gcientuithe a bhí bainte amach ag ceann na bliana i dtaca le ciontuithe faoin dlí iomaíochta<sup>1</sup>. Bhain an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) ceithre chiontú amach i 2008 i ndáil le fiosrúchán an Údaráis Iomaíochta i leith praghas-socraithe feithiclí Citroen ag comhaltáí Cumann Déileálaithe Citroen. Cuireadh pianbhreith ar dhá ghnóthas agus ar dhá dhuine aonair a phléadáil ciontach maidir le praghas-socrú carranna Citroen. Gearradh féineálacha de €12,000 agus de €20,000 faoi seach ar James Durrigan & Sons Limited agus ar Ravenslodge Trading Limited. Gearradh téarma príosúnachta de trí mhí, curtha ar fionraí ar feadh dhá bhliain, ar James Durrigan i gCúirt Chuarda Choiriúil Dhún Dealgan agus gearradh téarma príosúnachta de trí mhí, curtha ar fionraí ar feadh chúig bhliain ar Jack Doran gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Troim.

### ***Cásanna Praghas-Socraithe ina bhfuiltear ag Feitheamh ar Phianbhreith agus ar Thriail***

Roimh dheireadh na bliana 2008 phléadáil dhá dhuine aonair agus gnóthas amháin ciontach i dtrí chúiseamh breise arna n-ionchúiseamh ar díotáil ag an SIP i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath i dtaca leis an imscrúdú i leith Cumann Déileálaithe Citroen <sup>2</sup> Gearrfar pianbhreith sna trí chás sin de réir sceidil an 30 Aibreán 2009 (féach tábla 1.2 thíos). Beidh naoi n-ionchúiseamh breise á gcur faoi bhráid Cúirteanna Cuarda Coiriúla agus Príomh-Chúirteanna Coiriúla i dtaca le praghas-socrú mótarfheithiclí<sup>3</sup> Citroen arna líomhain (féach tábla 1.2. thíos).

### ***Ionchúiseamh na Chéad Daoine a Raibh Amhras fúthu i dtaca le Praghas-Socrú***

Léiríonn na hionchúisimh a tionscnaíodh i 2008 go raibh dea-thoradh ar obair imscrúdaithe an Údaráis Iomaíochta a bhí dírithe ar chamastaíl tairiscintí; níos

---

<sup>1</sup> Cuimsítear san iomlán seo aon chiontú amháin a bhaineann le praghas-socrú peitрил; 17 gcientú a bhaineann le praghas-socrú ola téimh; agus 5 chiontú a bhaineann le praghas-socrú mótarfheithiclí.

<sup>2</sup> An SIP i gcoinne Gowan Motors (Parkgate) Limited, Brian Smyth, agus Michael Patrick Gibbs.

<sup>3</sup> An 26 Eanáir 2009 chuir an ceathrar cúisithe pléadáil chiontach bhreise isteach i ndáil leis an imscrúdú seo mar atá sonraithe sa tábla thíos.

luaithe bhí an tÚdarás ag díriú ina obair forfheidhmithe ar chásanna praghas-socraithe. Is foirm d'iompar cairtéil camastaíl tairiscintí, nó tairiscintí claonpháirteacha ina ndéanann na daoine lena mbaineann comhaontú roimh ré maidir le cé acu a mbeidh rath ar a dtairiscint. Bíonn camastaíl tairiscintí i gceist nuair a aontaíonn dhá cheann nó níos mó de ghnóthais gan chur in aghaidh a chéile ina gcuid tairiscintí nó chonartha, nó nuair a aontaíonn siad ina gcuid tairiscintí leithleacha, earraí nó seirbhísí a sholáthar. De rogha air sin féadfaidh gnóthais atá in iomaíocht lena chéile custaiméirí nó cineálacha sonracha custaiméirí a chionroinnt ar a chéile ionas nach gcuirfidh iomaitheoirí tairiscintí isteach (nó nach gcuirfidh siad isteach ach tairiscint chomhlántach) ar chonartha a tháirgeann aicme áirithe de chustaiméirí ionchasacha agus atá cionroinnte ar ghnóthas sonrach. Mar chúiteamh ní chuirfidh an iomaitheoir sin tairiscint iomaíoch chuig ghrúpa custaiméirí sainithe atá cionroinnte ar ghnóthais eile is páirtithe sa chomhaontú. Cuireann sin ar chumas gach gnóthais praghsanna a shocrú agus a bheith lánchinnte faoi nach mbeidh praghsanna níos ísle ag na daoine eile.

Déanann tairiscintí claonpháirteacha i ndáil le soláthar don earráil phoiblí dochar don tsochaí de bhrí go n-athreoraíonn sé maoiniú arbh fhéidir úsáid a bhaint as chun seirbhísí fiúntacha eile a sholáthar don phobal. Is é an cáiníocóir a íocann as ar deireadh thiar nuair a íocann gníomhaireachtaí an Rialtais praghsanna níos airde ar earraí agus ar sheirbhísí.

I Samhain 2008 chúisigh an SIP ocht nduine aonair i dtaca le mainneachtanaí camastaíl tairiscintí líomhanta faoin Acht Iomaíochta 2002. Cúisíodh na cúisithe i gcion sa mhéid is go ndearna siad comhaontuithe mídhleathacha maidir le comórtas tairisceana chun seirbhísí bailiúchán dramhaíl teaghlaigh a sholáthar i gContae Mhaigh Eo.<sup>4</sup> Cuireadh seisear de na cosantóirí ar aghaidh chuig an bPríomh-Chúirt Choiriúil an 15 Nollaig 2008. Is é 23 Meitheamh 2009 an dáta trialach atá socraithe ag an bPríomh-Chúirt Choiriúil, a mbeidh suí aici i nGaillimh le haghaidh na trialach, do na cásanna comhcheangailte.

Thionscain an tÚdarás Iomaíochta imeachtaí achomair i mí Dheireadh Fómhair 2008 i gCúirt Dúiche Bhaile Átha an Rí i gcoinne trí pháirtí i ndáil le camastaíl tairiscintí líomhanta i leith conradh um sheirbhísí gearrtha fáil agus um ghlanadh glasra ar iarr Iarnród Éireann tairiscintí ina leith.<sup>5</sup> Dhiúltaigh an Chúirt Dúiche dlínse ar an mbonn gurbh é tuairim an bhreithimh nach cás ar bheagán tábhachta a bhí ann agus dá bhrí sin nár chóir é a thriail sa Chúirt Dúiche. Cheadaigh an SIP go dtrialfí an cás seo in athuair sa Phríomh-Chúirt Choiriúil de réir mar a fhoráiltear in alt 11 den Acht Iomaíochta 2002. Láithrigh na cosantóirí os comhair na Phríomh-Chúirte Coiriúla an 15 Nollaig 2008.

---

<sup>4</sup> *An SIP i gcoinne Pádraig Hughes, An SIP i gcoinne Paul Francis Gleeson, An SIP i gcoinne Stanley Bourke, An SIP i gcoinne Patrick McGrath, An SIP i gcoinne Declan McGrath, An SIP i gcoinne Wheeley Environmental Refuse Services Limited, An SIP i gcoinne Bourke Waste Removal Limited, agus An SIP i gcoinne McGrath Industrial Waste Limited.*

<sup>5</sup> *An SIP i gcoinne Oliver Dixon; An SIP i gcoinne Oliver Dixon (Hedgecutting & Plant Hire) Limited; agus, An SIP i gcoinne John Joe McNicholas ag trádáil mar John Joe McNicholas Plant Hire.*

## Clár Díolúine Cairtéil

Ar na pionóis is féidir a ghearradh ar dhaoine aonair agus ar chuideachtaí a dhéanann cionta tromchúiseacha faoin Acht Iomaíochta tá fíneálacha substaintiúla agus téarmaí príosúnachta. Féadfaidh daoine aonair agus cuideachtaí a bhfuil dliteanas acu maidir le hiompar dá leithéid áis a bhaint as an deis a thugtar dóibh faoin *gClár Díolúine Cairtéil* a riarann an tÚdarás Iomaíochta agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i bpáirt le chéile, chun díolúine ó ionchúiseamh a fháil. Féadfaidh sé go mbeidh buntáistí substaintiúla ag dul go dtí an chéad duine nó go dtí an chéad chuideachta a thuairiscíonn gníomhaíocht chairtéil agus a chomhoibríonn go huile agus a sholáthraíonn faisnéis iomlán don Údarás Iomaíochta agus don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Maidir leis na buntáistí sin féadfaidh sé go mbeifear in ann ionchúiseamh coiriúil a sheachaint, go bhfaighfear díolúine ó théarmaí príosúnachta agus ó fhíneálacha substaintiúla agus go seachnófar pionóis choimhdeacha a leithéidí cosc ar fhónamh mar oifigeach nó mar stiúrthóir cuideachta faoi Alt 160 d'Acht na gCuideachtaí.

Féadfaidh sé go dtairbheoidh cuideachtaí a ghlacfaidh freagracht iomlán, trí rún corparáideach, as gníomhartha mídhleathacha a gcuid oifigeach, stiúrthóirí agus fostaithe agus a chomhaontóidh ar chomhoibriú leis an Údarás Iomaíochta, de dhíolúine faoin *gClár* don chuideachta féin agus do na hoifigigh atá anois inti agus a bhí inti, do stiúrthóirí agus do na fostaithe. Fiú mura dtagann cuideachta chun tosaigh chun freagracht a ghlacadh as a cuid gníomhartha mídhleathacha féadfaidh fostaithe, oifigigh, agus stiúrthóirí aonair tairbhiú de dhíolúine aonair faoin *gClár Díolúine Cairtéil* agus fíneálacha agus téarmaí príosúnachta a sheachaint.

Ar an gcéad ásc ba chóir iarratais ar dhíolúine a chur chuig Oifigeach Díolúine an Údarás Iomaíochta, ar duine é/í nach bhfuil aon cheangal aige/aici le Rannán na gCairtéil. Is é uimhir Líne Aicearra an Chláir Dhíolúine Cairtéil:

**087 7631378**

Mar chuid den *Chlár Díolúine Cairtéil* tá córas marcála lena gcoinnítear feidhmiúil an fhéidearthacht díolúine a thabhairt don chéad duine nó don chéad chuideachta aonair a bheidh a iarraidh agus lena mbeidh sé ceadaithe do dhaoine eile deis ar dhíolúine a chur in áirithint sa chás nach dtairbhíonn na chéad iarrthóirí den díolúine. Tá breis eolais faoin gclár ar fáil ar shuíomh idirlín an Údarás Iomaíochta ag [www.tca.ie](http://www.tca.ie).

## 1.1 Cásanna Coiriúla ar Ghlac an SIP leo is a d'Éirigh as Fiosrúcháin an Údaráis Iomaíochta

### **Cairtéal Ola Téimh**

*SIP i gcoinne Pat Hegarty*

Tionscnaíodh triail an aon chosantóra eile Pat Hegarty i gcás an Ola Téimh ag éisteacht i gCúirt Choiriúil na Gaillimhe an 21 Bealtaine 2008.

Ar maidin na trialach thairg Eddie Walsh SC, abhcóide an chúisithe, tairiscint an díotáil i leith a chliaint a neamhniú. Ba é ba bhunús leis an moladh seo go raibh ciontacht líomhanta an chúisithe ag brath air go ndéanfaí cinneadh go ndearna an chuideachta Park Limited, a bhí ag trádáil mar Sweeney Oil/Rabbitt Oil agus a raibh an cúisí ina bhainisteoir uirthi, cion agus gur theastaigh, ar a sheal, i ndáil leis an gcinneadh sin, go mbeadh ciontú ann cheana féin i leith Fate Park Limited. Tá an cúisí ainmnithe ar an díotáil mar bhainisteoir ar Fate Park Limited, atá ag trádáil mar Sweeney Oil/Rabbitt Oil. Níor tionscnaíodh aon chúiseamh i gcoinne Fate Park Limited atá ag trádáil mar Sweeney Oil/Rabbitt Oil i ndáil le comhaontú praghas-socraithe líomhanta.

Chuir an tUasal Vaughan-Buckley SC ar son an SIP i gcoinne iarratas an abhcóide chosanta an díotáil a neamhniú ar an mbonn go bhféadfadh an giúiré an cúisí a chiontú a luaithe a bheifí sásta go raibh an cion a bhí i gceist déanta ag an gcuideachta agus nár ghá ón taobh foirmiúil de an chuideachta a chiontú le go mbeifí sásta amhlaidh.

I ndiaidh don bhreitheamh Groarke éisteacht le haighneachtaí cuimsitheacha an ionchúisitheora agus an chosantóra ghlac sé le hiarratas an ionchúisitheora ar chás a shonrú le cur chuig an gCúirt Uachtarach maidir leis an gceist. Chuir an Breitheamh an cheist a leanas ar aghaidh chuig an gCúirt Uachtarach lena breithniú:

#### An Cheist:

Iarrtar dá bhrí sin tuairim na Cúirte Uachtaraí maidir leis na ceisteanna dlí a leanas: I gcás go n-ionchúisítear duine aonair de bhun alt 3(4)(a) den Acht Iomaíochta 1996:

(a) Cé acu is féidir breithniú a dhéanamh nó nach féidir maidir le cé acu atá cion déanta ag an ngnóthas lena mbaineann nó nach bhfuil i gcás nár tionscnaíodh ionchúiseamh i gcoinne an ghnóthais.

(b) Cé acu atá sé riachtanach nó nach bhfuil go gciontófaí an gnóthas sa chion sular féidir an duine aonair a chiontú.

Cuireadh an cás ar atráth ag feitheamh ar thoradh an Cháis Shonraithe sa Chúirt Uachtarach. Go n-uige seo níl aon dáta socraithe le haghaidh éisteachta faoin gceist.

### **Cairtéal Cumann Déileálaithe Citroen**

I 2007 chuir an SIP cúiseanna i gcoinne sé cinn de ghnóthais Citroen agus i gcoinne seacht nduine aonair ó na gnóthais sin idir oifigigh agus stiúrthóirí, ag líomhain gur aontaigh siad praghsanna a shocrú agus na praghsanna socraithe sin a chur i bhfeidhm i ndáil le díolachán carranna Citroen,



contrártha le hAlt 4 de idir an Acht Iomaíochta 2002 agus an Acht Iomaíochta 1991 atá aisghairithe (arna leasú). Chuir an SIP cúiseanna in aghaidh Rúnaí Cumann Déileálaithe Citroen ag líomhain gur chabhraigh sé agus gur neartaigh sé leis na comhaontuithe praghas-socráithe líomhanta a rinne na déileálaithe.

I 2008 phléadail dhá dhuine aonair agus dhá chuideachta ciontach i gcúiseanna a bhain le praghas-socrú; ciontaíodh iad agus gearradh pianbhreith orthu sa Chúirt Chuarda Choiriúil. Tá achoimre ar na cásanna seo leagtha amach i dTábla 1.1 thíos.

An 24 Samhain 2008 taifeadadh trí phléadail bhreise i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath agus gearrfar pianbhreith sna cásanna sin de réir sceidil an 30 Aibreán 2009. Is féidir a thuairisciú freisin tráth scríofa na tuarascála seo gur phléadail dhá dhuine aonair breise agus dhá chuideachta breise ciontach i bpraghas-socrú sa Phríomh-Chúirt Choiriúil an 26 Eanáir 2009 agus go ngearrfar pianbhreith orthu níos deireanaí i 2009. Tá cur síos i dTábla 1.2 thíos faoin gcaoi a sheasann rudaí faoi láthair sna cásanna sin, a bhfuil na socruithe deireanacha maidir leo fós gan bheith déanta ag na Cúirteanna.

### **Imeachtaí a Thionscain an SIP i gcoinne Gnóthas Citroen, a chuid Oifigeach agus Stiúrthóirí**

*SIP i gcoinne James Durrigan agus James Durrigan & Sons Limited.*

An 8 Bealtaine 2008 os comhair an Bhreithimh Michael O'Neill i gCúirt Chuarda Dhún Dealgan phléadail James Durrigan agus James Durrigan & Sons Limited ciontach in aon scór an duine go ndearna siad comhaontú dar aidhm an iomaíocht i dtrádáil mhótarfeithicilí i Laighean a chosc, a shríonadh nó a shaobhadh trí phraghas díola feithicilí Citroen a shocrú go díreach nó go hindíreach. Gearradh fineáil de €12,000 ar James Durrigan and Sons Limited, agus gearradh téarma príosúnachta trí mhí, curtha ar fionraí ar feadh dhá bhliain ar James Durrigan. Le linn dó an phianbhreith a ghearradh ar an Uasal Durrigan dúirt an Breitheamh O'Neill go ndeachaigh praghas-socrú i gcion ar an tomhaltóir ar bhealach tromchúiseach de bhrí gur chuir sé luach margaidh an táirge as a riocht.

De dheasca a chiontaithe faoin Acht Iomaíochta 1991 agus de bhun Alt 160(1) de Acht na gCuideachtaí 1990, dícháileofar James Durrigan go huathoibríoch ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta a chiontaithe, chun bheith ceaptha nó chun gníomhú mar iniúchóir, mar stiúrthóir nó mar oifigeach eile i gcuideachta ar bith.

*SIP i gcoinne Jack Doran agus Ravenslodge Trading Limited*

An 28 Deireadh Fómhair 2008 i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Troim, le linn don Bhreitheamh Michael O'Neill bheith ina shuí in athuair, phléadail Ravenslodge Trading Limited, ag trádáil mar Jack Doran Motors, agus Jack Doran araon ciontach in aon scór an duine go ndearna siad comhaontú dar aidhm an iomaíocht i dtrádáil mhótarfeithicilí i Laighean a chosc, a shríonadh nó a shaobhadh trí phraghas díola feithicilí Citroen a shocrú go díreach nó go hindíreach. Gearradh fineáil de €20,000 ar Ravenslodge Trading Limited agus gearradh téarma príosúnachta trí mhí, curtha ar fionraí ar feadh cúig bliana, ar Jack Doran

De dheasca a chiontaithe faoin Acht Iomaíochta 1991 agus de bhun Alt 160(1) de Acht na gCuideachtaí 1990, dícháileofar Jack Doran go huathoibríoch ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta a chiontaithe chun bheith ceaptha nó chun

gníomhú mar iniúcháir, mar stiúrthóir nó mar oifigeach eile i gcuideachta ar bith.

*SIP i gcoinne Gowan Motors (Parkgate) Limited, Michael Patrick Gibbs agus Brian Smyth*

An 28 Aibreán 2008 d'iarr Gowan Motors (Parkgate) Limited, Michael Patrick Gibbs, agus Brian Smyth cead chun agóid a dhéanamh in aghaidh a n-ionchúisimh trí bhíthin athbhreithniú breithiúnach. Mar chuid den phróiseas seo ceadaíodh bac ar ionchúiseamh do na chosantóirí. An 21 Samhain 2008 d'iarr na trí chúisí ar an Ard-Chúirt an bac a chealú agus thug le tuiscint nach raibh sé de rún acu cás an athbhreithnithe breithiúnaigh a shaothrú. Ina dhiaidh sin, an 2 Nollaig 2008, scriosadh na himeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh.

An 24 Samhain 2008 phléadáil Gowan Motors (Parkgate) Limited, Michael Patrick Gibbs, agus Brian Smyth ciontach os comhair Chúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath i gcomhaontuithe a dhéanamh chun praghas mótarfheithiclí Citroen a shocrú contrártha le halt 4 den Acht Iomaíochta, 1991, arna leasú ag an Acht Iomaíochta 1996. Tá an 30 Aibreán 2009 socraithe mar dháta na héisteachta chun pianbhreith a ghearradh sna cásanna seo.

*SIP i gcoinne John McGlynn*

Thionscain an SIP imeachtaí i gcoinne John McGlynn i Meitheamh 2007 ag líomhain gur chabhraigh sé agus gur neartaigh sé le comhaltaí Cumann Déileálaithe Citroen chun cion a dhéanamh, is é sin chun comhaontú a dhéanamh dar aidhm an iomaíocht i dtrádáil mhótarfheithiclí sa Stát a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh trí phraghas díola feithiclí Citroen a shocrú go díreach nó go hindíreach. Tá cion dá leithéid, má chruthaítear é, contrártha le hAlt 4(1) and 6 den Acht Iomaíochta 2002 dá bhforáiltear in Alt 7(1) den Acht um an Dlí Coiriúil, 1997.

An 28 Eanáir 2008 cheadaigh an Ard-Chúirt do John McGlynn agóid a dhéanamh in aghaidh a ionchúisimh ag an SIP trí bhíthin athbhreithniú breithiúnach. Cuireadh triail an Uasal McGlynn, a raibh sé beartaithe tús a chur léi ar an 3 Márta 2008, ar atráth ag feitheamh ar thoradh imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh i gcoinne an SIP. Tionscnófar na himeachtaí Athbhreithnithe Breithiúnaigh seo os comhair na hArd-Chúirte i 2009 lena gcinneadh.

*Staid láithreach chásanna Cumann Déileálaithe Citroen*

Ag am scríofa na tuarascála seo is féidir a thuairisciú gur phléadáil Patrick Duffy, Patrick Duffy Motors (Newbridge) Limited, Bernard Byrne agus Finglas Motors (M50) Limited ciontach an 26 Eanáir 2009. Tá sé socraithe pianbhreith a ghearradh de réir tábla 1.2 thíos.

**Tábla 1.1: Ionchúisimh a Diúscaíodh i 2008**

<b>Cosantóir</b>	<b>Dáta Éisteachta</b>	<b>Toradh</b>
James Durrigan & Sons Limited	8 Bealtaine 2008	fíneáil de €12,000
James Durrigan	8 Bealtaine 2008	téarma príosúnachta 3 mhí – curtha ar fionraí ar feadh 2 bhliain.

Ravenslodge Trading Limited	28 Deireadh Fómhair 2008	fíneáil de €20,000
Jack Doran	28 Deireadh Fómhair 2008	téarma príosúnachta 3 mhí – curtha ar fionraí ar feadh 5 bliana.

**Tábla 1.2: Ionchúisimh a bhí fós ar siúl ag Deireadh na Bliana**

<b>Cosantóir</b>	<b>Céad Láithriú i gCúirt</b>	<b>Staid</b>
John McGlynn	5 Meitheamh 2007	Curtha ar atráth ag feitheamh ar chinneadh na nImeachtaí Athbhreithnithe Breithiúnaigh.
Bursey Peppard Limited	7 Eanáir 2008	Cás in úd trialach 23 Márta 2009.
James Bursey	9 Eanáir 2008	Cás in úd trialach an 23 Márta 2009.
Patrick Duffy Motors (Newbridge) Limited	9 Eanáir 2008	Pianbhreith sceidealta do 23 Márta 2009
Patrick Duffy	9 Eanáir 2008	Pianbhreith sceidealta do 23 Márta 2009.
Finglas Motors (M50) Limited	4 Feabhra 2008	Pianbhreith sceidealta do 17 Meitheamh 2009 os comhair Chúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath.
Bernard Byrne	14 Feabhra 2008	Pianbhreith sceidealta do 17 Meitheamh 2009 os comhair Chúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath.
Gowan Motors (Parkgate) Limited	4 Feabhra 2008	Pléadáladh ciontach an 24 Samhain 2008. Éisteacht phianbhreithe sceidealta do 30 Aibreán 2009 os comhair Chúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath.
Michael Patrick Gibbs	4 Feabhra 2008	Pléadáladh ciontach an 24 Samhain 2008. Éisteacht phianbhreithe sceidealta do 30 Aibreán

<b>Cosantóir</b>	<b>Céad Láithriú i gCúirt</b>	<b>Staid</b>
		2009 os comhair Chúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath.
Brian Smyth	4 Feabhra 2008	Pléadáladh ciontach an 24 Samhain 2008. Éisteacht phianbhreithe sceidealta do 30 Aibreán 2009 os comhair Chúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath.

### ***Cásanna Iarnród Éireann***

*SIP i gcoinne John Joe McNicholas ag trádáil mar John Joe McNicholas Plant Hire, Oliver Dixon agus Oliver Dixon (Hedgecutting & Plant Hire) Limited*

An 14 Deireadh Fómhair 2008 thionscain an tÚdarás Iomaíochta imeachtaí achomaire ag Cúirt Chuarda Bhaile Átha an Rí i gcoinne John Joe McNicholas ag trádáil mar John Joe McNicholas Plant Hire, Oliver Dixon agus Oliver Dixon (Hedgecutting & Plant Hire) Limited. Is de bhun Alt 8(9) den Acht Iomaíochta 2002 a thionscain an tÚdarás Iomaíochta na himeachtaí seo d'fhonn an cás a ionchúiseamh go hachomair. Toghaireadh an triúr cosantóirí chun teacht os comhair Chúirt Dúiche Bhaile Átha an Rí le cúisimh a fhreagairt go ndearna siad comhaontú an 15 Eanáir 2007 dar aidhm an iomaíocht sa ghnó is seirbhísí glanta glasra a sholáthar, a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh trína chomhaontú go gcuirfí isteach phraghas íosta tairisceana go hIarnród Éireann go díreach nó go hindíreach.

An 14 Deireadh Fómhair 2008 chuir an tÚdarás Iomaíochta in iúl do Bhreitheamh na Cúirte Dúiche, an Breitheamh Joseph Mangan go raibh sé ar intinn an Údaráis Iomaíochta an cás i gcoinne an triúr cosantóirí a ionchúiseamh go hachomair. Féadfar fineálacha de suas go €3000 móide phianbhreith choimeádta faoi réir uasteorann de 6 mhí i bpríosún a ghearradh i gcás cionta achomaire faoin Acht Iomaíochta 2002. I ndiaidh don Breitheamh Mangan cur síos ar chreatlach an cháis a éisteacht ó Oifigeach Údaraithe an Údaráis Iomaíochta dhiúltaigh sé dlínse agus chuir in iúl gur chóir na cásanna a thriail os comhair cúirte níos airde. Ina dhiaidh sin ar an 11 Samhain 2008 seirbheáladh leabhair fianaise ar an triúr cúisithe; dhá ghnóthas agus duine aonair. Cuireadh an triúr cosantóirí chun a dtrialach go dtí an Phríomh-Chúirt Choiriúil an 11 Samhain 2008.

Tá an SIP ag ionchúiseamh na gcásanna seo faoi láthair os comhair na Príomh-Chúirte Coiriúla. Láithrigh an triúr cosantóirí os comhair an Bhreithimh Onóraigh Carney sa Phríomh-Chúirt Choiriúil i mBaile Átha Cliath an 15 Nollaig 2008 tráth ar cuireadh na cásanna ar atráth agus cuireadh ar an liosta de chásanna a raibh dátaí trialach le socrú lena n-aghaidh iad i mí Eanáir 2009.  
*Staid láithreach cásanna Iarnród Éireann*

Ag am scríofa na tuarascála seo is féidir a thuairisciú go raibh, ar 26 Eanáir 2009, John Joe McNicholas ag trádáil mar John Joe McNicholas Plant Hire, Oliver Dixon, agus Oliver Dixon (Hedgecutting & Plant Hire) Limited ar an liosta de chásanna a raibh dátaí le socrú lena n-aghaidh sa Phríomh-Chúirt

Choiriúil. Ar an dáta sin chuir an Chúirt an triail ar an gclár le haghaidh 2 Samhain 2009.

Coimríonn an tábla thíos na himeachtaí cúirte go dáta.

Cásanna Iarnród Éireann

Dáta	Cúirt	Toradh
14 Deireadh Fómhair 2008	Cúirt Chuarda Bhaile Átha an Rí	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ionchúisimh achoimre tionscanta</li> <li>• Céad Láithriú.</li> <li>• Dlínsé Diúltaithe.</li> <li>• Curtha ar atráth chun leabhair fianaise a ullmhú agus a sheirbheáil.</li> </ul>
11 Samhain 2008	Chúirt Chuarda Bhaile Átha an Rí	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Leabhair fianaise seirbheáilte</li> <li>• Curtha chun trialach go dtí an Phríomh-Chúirt Choiriúil</li> </ul>
15 Nollaig 2008	Príomh-Chúirt Choiriúil (Baile Átha Cliath)	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Céad Láithriú</li> <li>• Curtha ar atráth go dtí 26 Eanáir 2009<sup>6</sup>.</li> </ul>

### **Cásanna Diúscartha Dramhaíola Mhaigh Eo**

*SIP i gcoinne Stanley Bourke, Bourke Waste Removal Limited, Patrick McGrath, Declan McGrath, McGrath Industrial Waste Limited, Paul Gleeson, Wheeley Environmental Refuse Services Limited ag trádáil mar Wers Waste, agus Padraig Hughes*

Go luath i mí na Nollag 2008 ag na Cúirteanna Cuarda Coiriúla i gCaisleán an Bharraigh, i dTuaim agus i gCathair na Mart, thionscain an SIP imeachtaí i gcoinne Stanley Bourke, Bourke Waste Removal Limited, Patrick McGrath, Declan McGrath, McGrath Industrial Waste Limited, Paul Gleeson, Wheeley Environmental Refuse Services Limited T/A Wers Waste, agus Padraig Hughes. Tionscnaíodh na himeachtaí i ndáil le ciontaí a bhí contrártha le hAlt 4(1) and le hAlt 6 den Acht Iomaíochta 2002. Toghairmeadh na cosantóirí uile cé is moite de Padraig Hughes chun cúisimh a fhreagairt go ndearna siad comhaontú idir 24 Lúnasa 2005 agus 2 Meán Fómhair 2005 dar aidhm an iomaíocht i ngnó seirbhísí bailiúcháin dramhaíola a sholáthar i gContae Mhaigh Eo a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh. Toghairmeadh Padraig Hughes chun cúisimh a fhreagairt gur chabhraigh sé agus gur neartaigh sé leis na trí ghnó dramhaíola arna n-ainmniú chun an cion sin a dhéanamh i gContae Mhaigh Eo.

<sup>6</sup> Socraíodh ó shin i leith go gcuirfí na cúrsaí seo ar thriail os comhair na Príomh-Chúirte Coiriúla an 2 Samhain 2009.

Seirbheáladh leabhair fianaise ar an gcúisí agus cuireadh na cúisithe chun trialach go dtí an Phríomh-Chúirt Choiriúil.

An 15 Nollaig 2008 láithrigh na cosantóirí uile cé is moite de Paul Gleeson agus Wers Waste sa Phríomh-Chúirt Choiriúil. Láithrigh an tUasal Gleeson agus Wers Waste os comhair na Príomh-Chúirte Coiriúla an 26 Eanáir 2009.

#### *Staid láithreach i gcásanna Dramhaíola Mhaigh Eo*

Ag am scríofa na tuarascála seo is féidir a thuairisciú go raibh, ar an 23 Feabhra 2009, Stanley Bourke, Bourke Waste, Patrick McGrath, Declan McGrath, McGrath Waste, Pádraig Hughes, agus Wheeley Environmental Services ar an liosta de chásanna a raibh dátaí le socrú lena n-aghaidh sa Phríomh-Chúirt Choiriúil.

Chuir an Chúirt an triail ar chlár le haghaidh 23 Meitheamh 2009 i suí den Phríomh-Chúirt Choiriúil i nGaillimh.

Coimrionn an tábla thíos na himeachtaí cúirte go dáta.

#### Cásanna Dramhaíola Mhaigh Eo

<b>Dáta</b>	<b>Cúirt</b>	<b>Toradh</b>
3 Nollaig 2008	Cúirt Dúiche Chaisleán an Bharraigh - Patrick McGrath, Declan McGrath, McGrath Industrial Waste Limited, agus Pádraig Hughes	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Céad láithriú.</li> <li>• Leabhair fianaise seirbheáilte.</li> <li>• Curtha chun trialach go dtí an Phríomh-Chúirt Choiriúil.</li> </ul>
4 Nollaig 2008	Cúirt Dúiche Chathair na Mart -  Stanley Bourke agus Bourke Waste Removal Limited	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Céad láithriú.</li> <li>• Leabhar fianaise seirbheáilte.</li> <li>• Curtha chun trialach go dtí an Phríomh-Chúirt Choiriúil.</li> </ul>
5 Nollaig 2008	Cúirt Dúiche Thuama -  Paul Gleeson and Wheeley Environmental Refuse Services Limited	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Céad láithriú.</li> <li>• Leabhar fianaise seirbheáilte.</li> <li>• Curtha chun trialach go dtí an Phríomh-Chúirt Choiriúil.</li> </ul>
15 Nollaig 2008	Príomh-Chúirt Choiriúil -  Patrick McGrath, Declan McGrath, McGrath Waste, Pádraig Hughes, Stanley Bourke, agus Bourke Waste	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Céad láithriú.</li> <li>• Curtha ar atráth go dtí 26 Eanáir 2009.</li> </ul>

## 1.2 Úsáid Chumhachtaí Forfheidhmithe

Faoi Ailt 31 agus 45 den Acht Iomaíochta 2002 féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta toghairm a eisiúint agus/nó iarratas ar bharántais chuardaigh a chuideodh leis chun imscrúduithe a dhéanamh ar shárúithe líomhanta ar an Acht, a chur chuig an gCúirt Dúiche. I 2008 fuair an tÚdarás Iomaíochta 7 gcinn de bharántais chuardaigh agus chur i bhfeidhm iad i dtaca le himscrúduithe leanúnacha ar líomhaintí i leith iompar frithiomaíochta. Ba iad Oifigigh Údaraithe an Údaráis a chur i bhfeidhm na barántais chuardaigh seo. Fuarthas cabhair ó Bhiúró an Gharda um Imscrúdú Calaoise agus ó bhaill logánta an Gharda Síochána ar fud na tíre.

Ina theannta sin d'eisigh an tÚdarás Iomaíochta 40 toghairm finné i rith na bliana. Is féidir leis an Údarás Iomaíochta toghairmeacha a eisiúint chun iallach a chur ar fhinnéithe teacht os a chomhair faoi mhionn agus/nó doiciméid a thabhairt ar airde de réir mar a iarrtar orthu. Is cion é faoin Acht Iomaíochta 2002 neamh-chomhlíonadh na dtoghairmeacha seo.

Tábla 1.3

Úsáid Chumhachtaí Forfheidhmithe	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002
Barántais Chuardaigh	7	10	9	42	24	21	18
Toghairmeacha	40	18	38	46	58	69	56

## 1.3 Treoir maidir le cur chun feidhme Dhlí na hIomaíochta

### ***Comhairliúchán Poiblí i ndáil le Gníomhaíocht Chomhchoitinn in Earnáil Chógaisíochta an Phobail***

I mí Dheireadh Fómhair 2007 chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le himscrúdú ar Gníomhaíocht Chomhchoitinn líomhanta a rinne conraitheoirí cógaisíochta mar fhreagairt ar iarrachtaí Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS) an aisíocaíocht a gheofaí de bharr seirbhísí a sholáthar faoi scéimeanna éagsúla drugaí arna riar ag FSS, an Scéimeanna Pobail Drugaí mar is fearr aithne orthu, a mhodhnú. I gcúrsa an imscrúdaithe, tháinig an tÚdarás Iomaíochta ar an tuairim gurbh fhiú smaoineamh air go gcuideodh sé leis an obair dá n-eiseofaí dearbhú de bhun alt 4(2) den Acht Iomaíochta 2002 nó dá n-eiseofaí treoir de bhun alt 30(1)(d), a thabharfadh aghaidh go sonrath ar imthosca na ceiste.

Dá dheasca sin, lainseáil an tÚdarás Iomaíochta comhairliúchán poiblí an 11 Deireadh Fómhair 2008 d'fhonn an oiread agus ab fhéidir le gnóthais chógaisíochta comhoibriú lena chéile chun socrú a dhéanamh faoi théarmaí agus faoi choinníollacha, táillí san áireamh, maidir le seirbhísí a chuirfí ar fáil trí chógaslanna pobail a thaiscéaladh. Sa doiciméad comhairliúcháin a foilsíodh go comhuaineach leis an gcomhairliúchán poiblí, [www.tca.ie](http://www.tca.ie), tá leagtha amach ag an Údarás Iomaíochta an tuiscint atá aige ar fhorálacha infheidhme dhlí iomaíochta na hÉireann agus an CE, agus pléitear ann na meicníochtaí a thabharfadh, dá mbaintí úsáid astu, méid áirithe ionchur comhchoiteann do ghnóthais neamhspleácha i ndáil le téarmaí agus coinníollacha conarthacha a leagan síos laistigh de theorainneacha an dlí.

Liostaíodh 7 gceist sa doiciméad seo ar thug an tÚdarás Iomaíochta cuireadh do pháirtithe leasmhara freagra sonracha a thabhairt orthu maille le tuairim ghinearálta faoin doiciméad agus faoin bpróiseas ina iomláine. Ba é 28 Samhain 2008 an dáta deireanach le haghaidh aighneachtaí. Faoi láthair tá an tÚdarás Iomaíochta ag breithniú na n-aighneachtaí a fuarthas agus tá súil leis cinneadh a dhéanamh go luath i 2009 maidir le haon bheart breise a bheifear a dhéanamh.

### **Cinneadh Forfheidhmithe FSS**

An 10 Deireadh Fómhair 2008 d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta cinneadh forfheidhmithe (ED/01/008) maidir le *hiompar frithiomaíoch Líomhanta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte* a bhaineann le riarachán Scéimeanna Drugaí an Phobail.

Foilsíonn an tÚdarás Iomaíochta faisnéis ar imscrúduithe roghnaithe chun an pobal a chur ar an eolas maidir le ceisteanna iomaíochta agus chun an trédhearcacht i leith fhorfheidhmiú an Achta Iomaíochta 2002 a mhéadú. Aidhmeanna eile le faisnéis dá leithéid a fhoilsiú is ea níos mó cinnteachta dlíthiúil a sholáthar agus na costais chomhlíonta a bhaineann le gnó a laghdú.

Ní fhoilsíonn an tÚdarás Iomaíochta Nótaí Cinntí Forfheidhmithe ach i ndáil le himscrúduithe roghnaithe:

- A chruthaíonn fasach;
- A bhaineann le leas poiblí (m.sh. tá an t-imscrúdú sa réimse phoiblí, tá plé agus díospóireacht nach beag déanta faoin gceist); agus,
- A ardaíonn saincheisteanna leasa nó castachta.

Is í FSS an comhlacht Stáit atá freagrach as seirbhísí sláinte a sholáthar don phobal i gcoitinne. Fuair an tÚdarás Iomaíochta roinnt gearán a líomhain gur sháraigh FSS ailt 4 agus 5 den Acht Iomaíochta 2002 i ndáil le scéimeanna éagsúla a riarann sí chun drugaí oidis a sholáthar don phobal i gcoitinne; na Scéimeanna Drugaí Pobail. I ndiaidh réamhscrúdú a dhéanamh ar na gearáin tháinig an tÚdarás Iomaíochta ar an tuairim go raibh gníomhaíochtaí an FSS lasmuigh de théarmaí an Achta Iomaíochta i ngach cás. Measadh freisin go mbeadh sé tairbhiúil cinneadh forfheidhmithe a fhoilsiú lena leagfaí amach a sheasamh maidir leis an ceisteanna seo. Tugann an cinneadh forfheidhmithe aghaidh ar dhá ghníomhaíocht shonracha FSS: caibidlíocht a dhéanamh le comhlachtaí ionadaíocha an tionscail chógaisíochta in Éirinn chun praghas drugaí cógaisíochta a bhailítear díreach ón monarcha a laghdú; agus seirbhís cógaisíochta pobail a cheannach ó ghnóthais chógaisíochta san earnáil príobháideach faoi na Scéimeanna Drugaí Pobail.

Chun críocha an Achta Iomaíochta, ciallaíonn gnóthas aon duine aonair, aon chomhlacht corpraithe nó aon chomhlacht neamhchorpraithe de dhaoine atá ag saothrú a leasa trí earraí a sholáthar nó a dháileadh nó trí sheirbhís a sholáthar. I bhfianaise an tsainmhínithe reachtúil seo agus i bhfianaise a léirmhínithe ag cúirteanna na hÉireann, tá an tÚdarás Iomaíochta den tuairim nach gnóthas chun críche an Achta Iomaíochta atá in FSS nuair is i mbun na ngníomhaíochtaí atá i gceist atá sí. Ina theannta sin, sa mhéid agus is féidir leis na gníomhaíochtaí difear a dhéanamh do thrádáil idir Bhallstáit, tá an tÚdarás Iomaíochta den tuairim nach gnóthas chun críche an Achta Iomaíochta atá in FSS nuair is i mbun na ngníomhaíochtaí atá i gceist atá sí. Le linn dó teacht ar an tuairim seo, bhreithnigh an tÚdarás Iomaíochta agus chuir sé i bhfeidhm na heisceachtaí ó thaobh an údarais phoiblí de agus na heisceachtaí ó thaobh an dlúthpháirtíochta de a bhaineann leis an gcoincheap gnóthas a forbraíodh i ndlí an CE. Tá réasúnú an Údarais Iomaíochta maidir



leis na ceisteanna sin leagtha amach ina iomláine sa chinneadh forfheidhmithe atá ar fáil ar an suíomh idirlín ag [www.tca.ie](http://www.tca.ie).

### **Comhaontuithe Solus**

I 1993 dheonaigh an tÚdarás Iomaíochta Ceadúnas Catagóire i ndáil le comhaontuithe eisiacha ceannacháin de níos lú ná 10 mbliana le haghaidh athdhíola táirgí peitriam i stáisiúin seirbhíse. Tugtar *comhaontuithe solus* ar na comhaontuithe seo. Chuaigh an Ceadúnas Catagóire<sup>7</sup> in éag an 30 Meitheamh 2008 agus cuireadh Dearbhú Catagóire<sup>8</sup> a rachaidh féin in éag an 30 Meitheamh 2010 ina áit.

I ndiaidh comhairliúchán poiblí, chinn an tÚdarás Iomaíochta Dearbhú Catagóire a eisiúint. Beidh sé d'éifeacht ag an Dearbhú go n-athnuafaidh sé, le hathruithe ar bheagán tábhachta, an Ceadúnas Catagóire go dtí 30 Meitheamh 2010, tráth a ndéanfar athbhreithniú air mar chuid d'athbhreithniú sceidealta an Údaráis ar Dhearbhú na n-Ingear. Is dócha go n-aistrefar Athbhreithniú na n-Ingear go dtí tréimhse díolúine 5 bliana; dá bhrí sin ní dóigh go mbeidh cosaínt díolúine na n-ingear ón mbliain 2010 ar aghaidh ar aon chomhaontuithe solus deich mbliana a gcuirfear i gcrích le linn don Dearbhú seo bheith dlisteanach.

Bhí claochlú radachach ar margadh athdhíola an pheitрил ó 1993 i leith. Ar an gcéad dul síos tháinig laghdú thar na bearta bliain i ndiaidh a chéile ar líon na stáisiún peitрил. Ar an dara dul síos tháinig méadú suntasach ar mhéid na stáisiún peitрил. Ar an tríú dul síos rinneadh comhtháthú ar an earnáil agus ar deireadh, is dlúthchuid anois an tsiopadóireacht áisiúil den stáisiún peitрил agus is cuid den ghnó í atá ag méadú i gcónaí, rud a chuireann le líon na ndaoine a bhíonn ag ceannach agus le héagsúlacht na sreafa ioncaim chuig mhiondíoltóirí urleasa.

Is é an t-athrú is suntasaí ar an Dearbhú Catagóire gur baineadh de an cosc ar chothabháil praghsanna athdhíola **uasta**. Beidh feidhm ag an Dearbhú anois i leith comhaontuithe solus i gcásanna ina sonrúidh an soláthraí praghas áirithe nach gceadófar do mhiondíoltóirí dul thairis i ndáil le díolachán breosla mótaí.

#### 1.4 Cásanna Sibhialta ar ghlac an tÚdarás Iomaíochta leo

##### **An tÚdarás Iomaíochta i gcoinne Chumann Forbartha Thionscal na Mairteola**

---

<sup>7</sup> Faoin Acht Iomaíochta 1991 a aisghairmeadh ó shin i leith agus ar cuireadh an Acht Iomaíochta 2002 ina áit, cuireadh ar chumas an Údaráis Iomaíochta ceadúnas eisiúint ar a dtugtar ceadúnas catagóire i ndáil le haon chomhaontú, le haon chinneadh nó le haon chleachtas comhbheartaithe, a chuidigh de réir thuairim an Údaráis le feabhas a chur ar tháirgeadh nó ar dháileachán earraí nó ar sholáthar seirbhísí, nó a chuidigh chun forbairt eacnamúil nó teicniúil a chur chun cinn le linn dó a gcion cothrom den sochar ba thoradh air a cheadú do thomhaltóirí. Dá réir, i gcás a bhfuil critéir shonraithe áirithe comhlíonta, d'fhéadfaí díolúine a thabhairt i ndáil le catagóir chomhaontais, cinnidh nó cleachtas chombheartaithe a sháródh murach sin, ba dhóigh, alt 4 den Acht trí cheadúnas a dheonadh.

<sup>8</sup> Tar éis achtúchán an Achta Iomaíochta 2002, tugadh an chumhacht don Údarás Iomaíochta dearbhuithe catagóire a eisiúint seachas ceadúnais chatagóire. Tá sé d'éifeacht ag díolúintí freisin comhaontuithe áirithe a dhíolmhú ó raon feidhme dhlí na hiomaíochta. Tagann cumhacht an Údaráis Iomaíochta ceadúnais, agus le deireanas, dearbhuithe a eisiúint ó Airteagal 81(3) de Chonradh CE lena gceadaítear freisin díolúintí do chomhaontuithe áirithe.

I Samhain 2008 d'éisigh Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach (CBCE) cinneadh an-fhabhrach i gcás a bhain le *Cumann Forbartha Thionscal na Mairteola (BIDS)*. Bhain an cás seo le cóimheas arna bheartú de thionscal próiseála na mairteola - faoi cheannaireacht grúpa próiseálaithe mairteola - ar thug an tÚdarás Iomaíochta a dhúshlán os comhair na hArd-Chúirte mar chomhaontú frithiomaíoch contrártha le hAirteagal 81 CE. Ba é tuairim an Bhreithimh Onórach McKechnie nach raibh sé d'aidhm ná d'éifeacht ag an gcomhaontú an iomaíocht a shrianadh agus dá bhrí sin nár sháraigh sé Airteagal 81 CE; tá achomharc curtha chuig an gCúirt Uachtarach ag an Údarás Iomaíochta mar gheall ar an seasamh seo. Is trí bhíthin tagairt in Airteagal 234 CE a rinneadh an Chúirt Uachtarach i mí Márta 2007, inar ceistíodh arbh é an *aidhm*, ní hionann agus an éifeacht a bhí ag comhaontú i bhfoirm scéim an BIDS, an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, contrártha le hAirteagal 81(1) CE, a tháinig BIDS os comhair CBCE.

An 4 Meán Fómhair 2008 thug Abhcóide Ginearálta Trstenjak a tuairim maidir leis an gcás BIDS. Thug sí dá haire nach bhfuil aon liosta dóthanach de chomhaontuithe aidhme "object" chun críche Airteagal 81(1) CE. Na fíricí curtha san áireamh ba é a tuairim gurbh é an rún a bhí ag comhaontuithe den chineál a bhí i gceist teorainn a chur le saoirse ghnóthaí a bpolasaí sa mhargadh a chinneadh go neamhspleách agus gurbh ionann i ndáiríre iad agus an iomaíocht a dhíbirt trí bhreab "the 'buying off' of competition". Dá dheasca sin chinn sí gurbh é an aidhm a bhí ag comhaontú den chineál seo an iomaíocht a shrianadh agus dá bhrí sin nach mbeadh sé ag teacht le hAirteagal 81(1) CE i gcás go mbeadh na coinníollacha eile a bhí leagtha síos sa bhforáil sin comhlíonta.

D'aontaigh an CBCE i mbreithiúnas dá cuid a rinneadh i Samhain 2008 leis na hargóintí a chuir an tÚdarás Iomaíochta chun cinn agus le tuairim an Abhcóide Ghinearálta. Ba í tuairim CBCE maidir le comhaontú cosúil leis an socrú BIDS gur léir go raibh sé bunoscionn leis an gcoincheap is dlúth agus inneach de na forálacha sin de Chonradh CE a bhaineann leis an iomaíocht, nach mór do gach oibreoir eacnamaíoch an polasaí i leith an chómhargaidh a bhfuil sé de rún aige a ghlacadh, a chinneadh go neamhspleách dá réir "*conflicts patently with the concept inherent in the EC Treaty provisions relating to competition, according to which each economic operator must determine independently the policy which it intends to adopt on the common market.*" Ba fhreagra dearfach mar sin é ar cheist na Cúirte Uachtaraí, is é sin dhearbhaigh sé go raibh sé d'aidhm ag comhaontú den chineál socrú BIDS an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 81(1) CE a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh.

Téann an cás ar ais anois chuig an gCúirt Uachtarach a leanfaidh ag éisteacht le hachomharc an Údaráis Iomaíochta. Déanfaidh an Chúirt Uachtarach cinneadh maidir le cén chaoi a gcuirfear breith an CBCE i bhfeidhm i BIDS agus cinneadh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 81(3) CE sa chás más féidir. Leagtar amach in Airteagal 81(3) CE ceithre choinníoll nach mór a shásamh sular féidir aon ghníomhaíochtaí a thagann faoi réir 81(1) CE a bheith díolmhaithe óna thoirmisc. Is fiú a thabhairt faoi deara maidir leis an gceist seo go raibh an Ard-Chúirt den tuairim, *obiter*, nach raibh ceangail Airteagal 81(3) CE comhalta maidir leis na fíricí, ach níl dabht ach go gcinneadh an Chúirt Uachtarach an cheist as an nua.

### ***Gealltanais a Fuarthas san Earnáil Mhiondíola Cógaisíochta***

I 2008 rinne an tÚdarás Iomaíochta Comhaontú agus Gealltanais 'Agreement and Undertakings' le ceithre chonraitheoir cógaisíochta. Réitigh an Comhaontú agus Gealltanais seo buairt a bhí ar an Údarás Iomaíochta maidir le cleachtas

comhbheartaithe líomhanta i measc conraitheoirí cógaisíochta a bhí contrártha le halt 4(1) den Acht Iomaíochta 2002.

Thionscain an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú de bharr amhrais faoi chleachtas comhbheartaithe frithiomaíoch i measc conraitheoirí i gcathair mhór in Éirinn. Fuair an tÚdarás amach gur tháinig conraitheoirí le chéile agus gur phléigh siad moladh an FSS luach a saothair a laghdú; chuir conraitheoir amháin litir shamplach i gcúrsaíocht a bheartaigh sé chur chuig an FSS ag bagairt fionraí ó bheith rannpháirteach sna Scéimeanna Drugaí Pobail ar na daoine eile agus sheol siad uile cóip den litir seo chuig an FSS.

Ba é tuairim an Údaráis Iomaíochta gurbh ionann sin agus cleachtas comhbheartaithe contrártha le alt 4(1) den Acht. Mar mhodh chun gearáin a réiteach go héifeachtach agus go héifeachtúil, agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní ag an am céanna, chuir an tÚdarás Comhaontú agus Gealltanais i gcrích le ceithre chonraitheoir cógaisíochta.

Is éard atá sa Chomhaontú agus Gealltanais geallúint ó na cógaiseoirí nach rachadh siad i mbun aon ghníomhaíocht chomhbheartaithe a d'fhéadfadh alt 4(1) den Acht a shárú. Gheall an tÚdarás Iomaíochta gan imeachtaí dlí a thionscnamh i gcoinne na bpáirtithe lena mbaineann a fhad is a chomhlíonfadh siadsan an Comhaontú agus Gealltanais.

### ***Metro/Joint National Readership Survey (JNRS)***

I mBealtaine 2006 thionscain an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú i ndiaidh gearán a fháil a cuireadh chuige thar ceann *Metro*, nuachtán a dháiltear saor in aisce i mBaile Átha Cliath, maidir le diúltú an Joint National Readership Survey (JNRS) é a cheadú isteach ar a shuirbhé léitheoireachta. Déanann JNRS suirbhé léitheoireachta chun líon an lucht léitheoireachta nuachtán agus irisí a thairgeann ardán fógraíochta in Éirinn a thomhas.

Baineann foilseacháin úsáid as an suirbhé JNRS chun spás fógraíochta a dhíol d'fógróirí agus do ghníomhaireachtaí a bhíonn ag gníomhú thar ceann cliaint. Cuimsítear sa suirbhé JNRS gach nuachtán mór, gach nuachtán Domhnaigh, gach nuachtán tráthnóna agus níos mó ná 50 nuachtán réigiúnach.

Bá é gearán *Metro* nach féidir le *Metro* de bharr diúltú JNRS dul san iomaíocht chun ioncam a bhaint ón fhógraíocht in Éirinn de bhrí go bhfuil staitisticí léitheoireachta atá indeimhnithe go neamhspleách den riachtanas chun údar maith a sholáthar do ghníomhaireachtaí fógraíochta chun airgead a chaitheamh ar fhógraíocht i bhfoilseachán thar ceann a gcliaint.

Mar chuid den fhiosrúchán bhailigh an tÚdarás Iomaíochta faisnéis ó JNRS, ó fhoilsitheoirí nuachtán agus irisí, ó ghníomhaireachtaí fógraíochta, ó ghníomhaireachtaí ceannaigh meán agus ó dhreamanna nach iad. Ina dhiaidh sin chuir an tÚdarás Iomaíochta in iúl do JNRS na réamhfhionnachtana a leanas:

- ní fhéadfadh nuachtáin a leithéid *Metro* a dháiltear saor in aisce dul in iomaíocht go héifeachtach ó thaobh fógraíocht bhrandaí náisiúnta de le nuachtáin laethúla mhóra mura raibh siad in ann staitisticí a bheadh indeimhnithe go neamhspleách maidir lena lucht léitheoireachta, a leithéid torthaí an tsuirbhé JNRS a chur ar fáil;
- bhí sé tábhachtach ó thaobh inmharthanacht airgeadais de go mbeadh sé d'inniúlacht ag *Metro* agus ag nuachtáin eile bheith tarraingteach d'fhógraíocht bhrandaí náisiúnta;
- ní raibh aon dara rogha réasúnach in Éirinn seachas suirbhé JNRS.

Ba é réamhthuirim an Údaráis Iomaíochta go saobhfadh an diúltú *Metro*, agus nuachtáin saor in aisce eile, a chuimsiú i suirbhé JNRS, an iomaíocht sa mhargadh i leith soláthar fógraíocht bhrandaí náisiúnta sa mheán clóite agus dá chionn sin go sáródh sé Alt 4 agus alt 5 den Acht Iomaíochta 2002.

Ag éirí as fiosrúchán an Údaráis Iomaíochta leasaigh an JNRS na critéir admhála gan aon dliteanas a admháil d'fhonn rannpháirteachas sa suirbhé a cheadú do nuachtáin saor in aisce a leithéid *Metro* agus i mí Eanáir 2008 dhún an tÚdarás Iomaíochta an t-imscrúdú.

Tábla 1.4 Cumhachtaí Imscrúdaithe agus Forfheidhmithe an Údaráis Iomaíochta

<b>Cumhachtaí Imscrúdaithe agus Forfheidhmithe</b>	<b>Cur Síos</b>
<p>Cineálacha Imscrúduithe a rinneadh</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Imscrúduithe coiriúla</li> <li>• Imscrúduithe sibhialta</li> <li>• Measúnú Cumasc</li> </ul>
<p>Cumhacht Dul Isteach agus Áitreabh a Chuardach</p>	<p>Féadfaidh oifigigh údaraithe an Údaráis Iomaíochta dul isteach in áitreabh nó i dteaghais agus cuardach a dhéanamh le barántas a eisíonn an Chúirt Dúiche</p>
<p>An Chumhacht Doiciméid agus Taifid a Urghabháil le Barántas</p>	<p>Féadfaidh Oifigigh Údaraithe an Údaráis Iomaíochta doiciméid/taifid a urghabháil ag éirí as barántais a eisíonn an Chúirt Dúiche</p>
<p>Cumhacht Finnéithe a Ghairm, agus a Éileamh go dtabharfaí ar aird Taifid agus Faisnéis</p>	<p>Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta finné a thoghairm chun teacht os a chomhair agus ceisteanna a fhreagairt faoi mhionn agus a éileamh go dtabharfaidh an finné sin ar aird taifid agus faisnéis</p> <p>Beidh na díolúintí agus na pribhléidí céanna ag finnéithe agus a bhíonn ag finné a láithríonn os comhair na hArd-Chúirte</p> <p>Is cion coiriúil é an neamh-chomhlíonadh</p>
<p>An chumhacht faisnéis a éileamh ó thrú páirtithe</p>	<p>Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta faisnéis a fháil ó thrú páirtithe, arna n-áirítear comhairleoirí gairmiúla agus institiúidí airgeadais</p>
<p>Bealaí ar féidir Imscrúduithe a Chur i gCrích</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>Ionchúiseamh coiriúil (ar díotáil)</b> – Arna thionscnamh ag an SIP sa Phríomh-Chúirt Choiriúil (nó sa Chúirt Chuarda Choiriúil faoi Acht na bliana 1991) tar éis imscrúdú an Údaráis Iomaíochta</li> <li>• <b>Ionchúiseamh coiriúil (achomair)</b> – Arna thionscnamh sa Chúirt Dúiche ag an Údarás Iomaíochta</li> <li>• <b>Caingean Sibhialta</b> – Arna thionscnamh ag an Údarás Iomaíochta san Ard-Chúirt d’fhonn stop a chur le hiompar a bhfuil amhras faoi go bhfuil sé frithiomaíoch</li> <li>• <b>Réiteach gan caingean chúirte</b> –</li> </ul>

An Leibhéal Uasta maidir le Fíneálacha agus Pionóis

I gcás go n-aithníonn agus go leigheasann na páirtithe lena mbaineann gníomhaíochtaí a bhféadfadh dlí na hiomaíochta a shárú

• **Coiriúil (ar díotáil sa Phríomh-Chúirt Choiriúil)** – €4 mhilliún nó

10% den láimhdeachas, cibé acu is mó, agus/nó suas go 5 bliana sa phríosún

• **Coiriúil (achomre sa Chúirt Dúiche)** – €3,000 agus/nó suas le sé mhí sa phríosún

• **Caingean Shibhialta (arna thionscnamh ag an Údarás Iomaíochta)** – Faoiseamh urghaire agus dearbhaitheach in áit fíneálacha

• **Caingean Shibhialta (arna thionscnamh ag na páirtithe díobhálaíthe)** – Damáistí de rogha na Cúirte

## **Ranna Forfheidhmithe san Údarás Iomaíochta**

Is ag Roinn na gCairtéal agus ag Roinn na Monaplachtaí atá an fhreagracht phríomha laistigh den Údarás Iomaíochta as dlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú, go sonrach Ailt 4 go 6, go huile, den Acht Iomaíochta 2002 agus Airteagail 81 agus 82 de Chonradh AE. Ina theannta sin tá ról forfheidhmithe ag Roinn na gCumasac atá léirithe sa chéad rannán eile.

### **Ról Roinn na gCairtéal**

Bíonn Roinn na gCairtéal ag díriú ar imscrúdú agus ar ionchúiseamh coiriúil na gcairtéal is cruachrighne "hard-core" a bhíonn ag gabháil do phraghas-socrú, do chamastaíl tairiscintí agus do chionroinnt mhargaidh i measc iomaitheoirí. Is comhchealga atá sna cairtéil agus is coireanna casta a bhíonn ar siúl acu a dteastaíonn scileanna speisialtaithe chun iad a nochtadh. Ar Oifigigh Údaraithe na Roinne a imscrúdaíonn cairtéil áirítear iarbhaill den Gharda Síochána, den Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, de na Coimisinéirí Cánach agus de ghníomhaireachtaí forfheidhmiú dlí a imscrúdaíonn coireanna casta lucht an bhóna bháin, maille le daoine aonair ó dhlínsí ar fud an domhain a bhfuil taithí acu ar dhlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú. Ina theannta sin tá ball amháin de Bhiúró an Ghárda um Imscrúdú Calaoise (BGIS) atá ar iasacht faoi láthair agus atá ag obair go lánaimseartha le foireann an Údaráis Iomaíochta<sup>120</sup> ainmnithe mar Oifigeach Údaraithe den Údaráis.

I gcás go bhfaigheann an tÚdarás Iomaíochta fianaise go bhfuil cairtéal ann cuirtear comhad faoi bhráid an SIP móide moladh go n-ionchúiseofaí na páirtithe atá bainteach leis. Ó 2002 i leith, is sa Phríomh-Chúirt Choiriúil a thriailtear ionchúisimh ar díotáil a bhaineann le dlí na hiomaíochta. Go fíor-annamh i gcás nach greideann an tÚdarás Iomaíochta gur údar go leor iad na líomhaintí chun cás a chur faoi bhráid na cúirte, féadfaidh an tÚdarás féin ionchúiseamh achomair a thabhairt os comhair na Cúirte Dúiche.

### **Ról Roinn na Monaplachtaí**

Go príomha imscrúdaíonn Roinn na Monaplachtaí líomhaintí go bhfuil a staid cheannasach in earnálacha éagsúla den gheilleagar mí-úsáidte ag daoine aonair nó ag cuideachtaí. Tá mí-úsáid ceannasachta mídhleathach faoi Alt 5 den Acht Iomaíochta 2002. Ní haon briseadh dlí é áfach an cheannasacht ann féin. Le go mbí sé ina chion ní mór do dhuine aonair nó do chuideachta mí-úsáid a bhaint as an staid sin. Tá Roinn na Monaplachtaí freagrach freisin as comhaontuithe nach cairtéil iad ach a d'fhéadfadh bheith frithiomaíoch a imscrúdú. Féadfaidh siad bheith idir dhíoltóirí sa mhargadh céanna (comhaontuithe cothrománacha, nó idir ghnóthais ag céimeanna difriúla sa slabhra monaraíochta, sa slabhra dáileacháin nó sa slabhra miondíola (comhaontuithe ingearacha).

I gcás go dtagann an tÚdarás Iomaíochta ar an tuairim gur sáraíodh dlí na hiomaíochta is féidir leis imeachtaí dlí a thionscnamh chun iallach a chur ar na páirtithe stop a chur le gníomhaíocht a mheastar a bheith mídhleathach. De ghnáth is imeachtaí sibhialta (tríd an Ard-Chúirt) a bhíonn in imeachtaí dá leithéid, cé go mbraitheann sé ar imthosca gach cáis faoi leith an oirfeadh imeachtaí coiriúla. Ó 31 Nollaig i leith tá foireann ildisciplíneach de cheithre eacnamaí agus de cheithre dhlíodóir ag Roinn na Monaplachtaí chun an ról imscrúdaitheach atá aici a chomhall.

Is minic a bhíonn na páirtithe i mbun idirbheartaíocht fhorleathan sula dtagann siad ar réiteach a mheasann an tÚdarás Iomaíochta a bheith inghlactha. Ina theannta sin féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta cásanna a réiteach gan dul i muinín na gcúirteanna i gcás go n-aithníonn na páirtithe a meastar bheith ciontach go bhfuil an iompar atá ar siúl acu frithiomaíoch agus go leigheasann siad é.

## **Ag Obair le gníomhaireachtaí eile Stáit**

I 2008 bhí an tÚdarás Iomaíochta ag obair i ndlúth-thadhall le roinnt gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile sa Stát chun géilliúntas i leith dhlí na hIomaíochta a chur chun cinn.

## **An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**

Nuair atá imscrúdú coiriúil curtha i gcrích ag an Údarás Iomaíochta féadfar comhad a chur chuig an Stiúrthóra Ionchúisimh Phoiblí in éindí le moladh triail ar díotáil a thionscnamh.

I gcás go gceapann an SIP go bhfuil cás inchosanta ann, glacann Oifig an SIP freagracht iomlán as aon chaingean forfheidhmithe a thionscnaítear ina dhiaidh sin. I gcásanna dá leithéid is í Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh a ghlacann na himeachtaí faoina cúram thar ceann an SIP agus is í a ullmhaíonn Leabhar Fianaise le seirbheáil ar an gcúisí.

## **An Garda Síochána**

Bíonn caidreamh idir an Roinn agus bainistíocht shinsearach Bhiúró an Gharda um Imscrúdú Calaoise (BGIS) ar bhonn rialta. Bhí Bleachtaire-Sháirsintí ar iasacht ó Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise (BGIS) ag obair le Rannóg na gCairtéal mar Oifigigh Údaraithe an Údaráis Iomaíochta ó mhí an Mhárta 2002 i leith. Tá Bleachtaire-Sháirsint amháin ó BGIS ag obair le Roinn na gCairtéal faoi láthair. Is fiú go mór an cúnamh a thugann sé agus baill eile den Gharda Síochána don Údarás Iomaíochta in am an ghátair, tráth a fhorghníomhaítear barántais chuardaigh mar shampla.

## **Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí eile**

Lena feidhmeanna imscrúdaithe a fheidhmiú, oibríonn an tÚdarás Iomaíochta i gcomhar le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a leithéidí Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Biúró um Shócmhainní Coiriúla agus na Coimisinéirí Cánach.

## **Rialtóirí**

Go minic iarrtar ar an Údarás Iomaíochta imthosca a iniúchadh in earnálacha an gheilleagair a bhfuil rialtóir ceaptha ag an Rialtas dóibh, m.sh. cumarsáid, fuinneamh agus eitlíocht. Cé gurb é an tÚdarás Iomaíochta go príomha atá fhreagrach as an Acht Iomaíochta a fhorfheidhmiú go poiblí is iomchuí i gcúisí áirithe go mbeadh idirchaidreamh idir an Údarás agus an ghníomhaireacht rialúcháin chuí chun cásanna dá leithéid a réiteach.

D'fhéadfadh rialtóir toradh sásúil a bhaint amach níos gasta trí na cumhachtaí rialúcháin atá aici a fheidhmiú ná mar a d'fhéadfadh an tÚdarás Iomaíochta trí imeachtaí dlíthiúla. Ar an dóigh seo, is féidir leis an Údarás Iomaíochta a chinntiú go mbeidh toradh tráthúil agus éifeachtúil ráthaithe do thomhaltóirí. Tá comhaontuithe comhoibrithe déanta ag an Údarás Iomaíochta leis an gCoimisiún Craolacháin in Éirinn, leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh, leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta, leis an Údarás Árachas Sláinte agus le hOifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí.



## **Gearán a Dhéanamh maidir le hIompar Frithiomaíoch**

Is foinse thábhachtach faisnéise don Údarás Iomaíochta gearáin phoiblí faoi iompar frithiomaíoch. Is mór an cúnamh is féidir le tomhaltóirí aonair a thabhairt don Údarás Iomaíochta, a bhíonn ag iarraidh an iomaíocht agus an trádáil chóir a thairbhíonn tomhaltóirí a chinntiú, má thuairiscíonn siad gníomhaíocht fhrithiomaíoch a bhfuil amhras acu fúithi. Chuir líomhaintí faoi chairtéil agus faoi phraghas-socrú eolas luachmhar ar fáil don Údarás agus bhí rath ar imscrúduithe agus ar ionchúisimh dá mbarr.

Tháinig gearáin chuig an Údarás Iomaíochta ó go leor foinsí; orthu siúd áirítear baill an phobail, gnóthaí aonair, eagrais trádála agus ionadaithe poiblí, maille le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais. Spreagtar daoine le faisnéis maidir le gníomhaíocht fhrithiomaíoch chun teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Iomaíochta.

Cuireann an tÚdarás Iomaíochta luach ard ar líomhaintí a bhfuil fianaise ag gabháil leo agus ar féidir úsáid a bhaint astu chun imscrúdú a shaothrú. De bhrí go bhfuil sé de cheangal ar an Údarás líomhaintí a chruthú de réir caighdeán dlíthiúil is mó is dócha go rachaidh an tÚdarás i mbun imscrúdaithe má tá fianaise shubstaintiúil ag gabháil leis na líomhaintí. I gcás go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil trí ghearán dóthanach chun forais réasúnacha a thabhairt don Údarás Iomaíochta chun amhras a chothú go ndearnadh cion faoin Acht Iomaíochta 2002, lainséalfar imscrúdú foirmeálta.

I gcás go gcuireann sonraí an ghearáin in iúl go bhfeidhmítear dlíthe nó rialacháin nó cleachtais riaracháin i Roinn nó i ngníomhaireacht Rialtais a chuireann srianta neamhriachtanacha ar an iomaíocht, cuirtear an cheist faoi bhráid na Roinne Aighneachta.

Mar chéim thosaigh seiceálann an tÚdarás Iomaíochta gur féidir déileáil leis an ngearán faoi dhlí na hiomaíochta. Tá Córas Scagtha Gearán ag an Údarás Iomaíochta trína ndéantar measúnú ar ghearáin agus trína sanntar don roinn chuí iad. Dírionn Córas Scagtha Gearán an Údaráis Iomaíochta a chuid acmhainní ar na cásanna is substaintiúla agus chinntíonn sé go ndéileáiltear go gasta agus go cothrom le gearáin nach bhfuil nó ar éigean a bhfuil aon fhianaise ag tacú leo.

Tá trí chéim i gCóras Scagtha Gearán an Údaráis Iomaíochta:

- Réamhscagadh;
- Measúnacht Mhionsonraithe; agus,
- Imscrúdú.

Sna cásanna is tromchúisí b'fhéidir go ndéanfaí, de thoradh an ghearáin, imscrúdú iomlán as a dtiocfadh líon áirithe gníomhaíochtaí arbh fhéidir leis an Údarás Iomaíochta dul ina mbun ar a n-áirítear:

- Comhad a chur chuig an SIP le moladh go gcúiseofaí duine nó eagrais;
- Imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh san Ard-Chúirt chun iompar frithiomaíoch a chosc;
- Socruithe lasmuigh den chúirt a chaibidliú le cuideachtaí agus le heagrais a aontaíonn gan dul i mbun iompair frithiomaíoch agus, i roinnt cásanna, a aontaíonn iompar a athrú d'fhonn aon dochar iomaíoch a leigheas; agus
- Moltaí a chur chuig an Rialtas maidir le hathruithe ar rialacháin fhrithiomaíocha.

## Géaráin a réiteach gan chaingean dlí a thionscnamh

Ina bhformhór mhór de na gearáin a chuirtear chuig an Údarás Iomaíochta ní nochtar aon sárú ar dhlí na hiomaíochta agus déantar iad a réiteach go luath agus ní bhíonn gá le caingean chúirte.

I ndiaidh réamhscagtha réitítear go leor gearán toisc:

- Gur iarratas ar fhaisnéis atá sa ghearán i ndáiríre;
- Nach mbaineann an gearán le hábhar is cuid de dhlí na hiomaíochta;
- Go dtagann an gearán ó ghnó atá ag tabhairt aghaidh ar iomaíocht dlisteanach sa mhargadh logánta; nó,
- Go mbaineann an gearán le praghsanna comhchosúla gan aon fhianaise maidir le comhaontú idir chuideachtaí.

Déantar measúnacht níos mine ar roinnt gearán féachaint an bhfuil siad tábhachtach agus cibé ar chóir imscrúdú iomlán a thionscnamh nó nár chóir. Féadfaidh sé go mbeadh taighde ar an gcúlra ina chuid den mheasúnacht mhionsonraithe seo agus go nglacfaí le ráitis fhoirmeálta ó ghearánaithe agus ó thríú páirtithe agus go ndéanfaí iniúchadh ar imthosca dlíthiúla an cháis. Ar na príomchúiseanna go réitítear gearáin i ndiaidh measúnachta dá leithéid tá:

- Nach féidir an gearán a fhíordheimhniú;
- Go mbaineann an gearán le conspóid phríobháideach nó chonartha gan aon tábhacht ó thaobh na hiomaíochta de;
- Go bhfuil dlínse freisin ag gníomhaireacht rialúcháin eile agus gur féidir léi na himthosca a leigheas níos tráthúla trína feidhmeanna a fheidhmiú; nó
- Go mbaineann ceisteanna agus fíricí leis an ngearán cosúil leo siúd a d'iniúch agus a réitigh an tÚdarás Iomaíochta níos luaithe.

## Próiseas Scagtha Gearán

	2008	2007	2006	2005	2004
<b>Iomlán a Fuarthas</b>	<b>386</b>	397	419	413	293
<b>Réitithe ag Réamhscagadh</b>	<b>177</b>	211	247	328	212
<b>Measúnacht Mhionsonraithe</b>	<b>135</b>	88	72	61	25
- Ar lean	47	30	31	27	-
- Réitithe	88	58	41	34	25
<b>Curtha le</b>	<b>71</b>	94	23	19	42
<b>himscrúduithe/obair reatha</b>					
<b>Imscrúduithe Iomlána</b>	<b>3</b>	4	5	6	14

## Cén chaoi ar féidir dul i dteagmháil leis an Údarás Iomaíochta le gearán maidir le hamhras faoi shárú an dlí:

Foirm ghearáin gréasáin: [www.tca.ie/complaints.html](http://www.tca.ie/complaints.html)  
Ríomhphost: [complaints@tca.ie](mailto:complaints@tca.ie)  
Teileafón: Loughlao: 1890 220 224  
(idirnáisiúnta: +353-1-8045400)  
Faics: +353-1-8045401  
Gearáin Scríofa: An tÚdarás Iomaíochta, Teach Parnell, 14  
Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1.

## 2. CUMASC AGUS ÉADÁLACHA A LUACHÁIL

---

Faoi chuid 3 den Acht Iomaíochta 2002, tá an tÚdarás Iomaíochta freagrach as cumasc agus éadálacha áirithe a athbhreithniú<sup>9</sup>. Is meicníocht é an cumasc a mbaineann gnóthaí úsáid as chun athstruchtúrú a dhéanamh ar fearrde a gcumas iomaíochta agus a rath dá bharr. Is féidir le tomhaltóirí, le gnóthaí agus leis an ngeilleagar go ginearálta tairbhe a bhaint as cumasc agus déanann siad leas gnóthaí freisin tríd an éifeachtacht a chur chun cinn agus trí chostais neamhriachtanacha a laghdú. Téann roinnt cumasc chun dochar don iomaíocht áfach, agus dá chionn sin téann siad chun dochar don tomhaltóir. Ní mór úsáid a bhaint as anailís eacnamaíoch struchtúrtha chun cumasc agus éadálacha a luacháil ionas go gcinnteofar go mbeidh laghdú substaintiúil ar an iomaíocht dá mbarr. Is trí athbhreithnithe éifeachtúla agus tráthúla a dhéantar cumasc thairbhiúla a chuireann geilleagar dinimiciúil chun cinn agus a thoirmisceann cumasc a chuireann faoi deara laghdú substainteach san iomaíocht agus a théann chun dochar do thomhaltóirí.

Chuir an tÚdarás Iomaíochta tús lena fheidhm i leith cumasc agus éadálacha i mí Eanáir 2003. Is é an príomhról atá ag Roinn na gCumas an fheidhm reachtúil, athbhreithniú, imscrúdú agus cinntí réasúnaithe a sholáthar i leith cumasc nó éadálacha atá beartaithe agus a cuireadh in iúl don Údarás Iomaíochta a fheidhmiú. Tá na tréimhsí ama nach mór don athbhreithniú seo bheith déanta laistigh díobh sonraithe san Acht Iomaíochta 2002. Roimhe seo ba ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go príomha a bhí an fhreagracht maidir le cumasc.

Ó 1 Eanáir 2003 bhí deis ag an Údarás Iomaíochta éifeachtúlacht fhorálacha an Achta Iomaíochta 2002 maidir le cumasc agus le héadálacha a mheas. Ba é an toradh a bhí air sin gur leasaíodh i 2006 léirmhíniú an Údaráis ar an gceangal fógartha maidir le gnó a sheoladh "carries on business", gur foilsíodh treoirlínte nua i ndáil le rochtain ar an gcomhad i gcásanna cumasc agus gur foilsíodh treoirlínte nuashonraithe agus leasaithe i ndáil le hathbhreithniú ar chumasc. Leanadh ar aghaidh leis an obair seo i 2007 nuair a leasaíodh le hOrdú Aireachta na critéir fógartha éigeantacha a bhaineann le cumasc a bhfuil gnóthaí meán bainteach leo.

Dealraíonn sé gur tháinig laghdú ar líon na gcumas agus na n-éadálacha, lena n-áirítear cumasc meán "media mergers" de thoradh na n-athruithe ar thuiscint an Údaráis Iomaíochta ar an gceangal maidir le gnó a sheoladh "carries on business" agus ar na critéir éigeantacha le haghaidh cumasc a bhfuil gnóthaí meán bainteach leo. Ciallaíonn an laghdú seo gur fearr atá an tÚdarás in ann acmhainní a dhíriú ar chumasc níos casta. Orthu siúd tá, mar shampla, imscrúduithe Céim 2 a cuireadh i gcrích i 2008.

Pléitear na forbairtí sin uile go mion sa téacs thíos.

### 2.1 Fógraí Cumasc i 2008

Is iad na cumasc amháin ina dtagann na gnóthais lena mbaineann le tairseacha airgeadaíochta atá sonraithe san Acht Iomaíochta 2002 a chaithfear a fhógairt don Údarás Iomaíochta le haghaidh luachála. Ní bheidh feidhm áfach ag tairseacha fógartha i ndáil le cumasc áirithe a bhaineann le gnóthaí meán a chaithfear a fhógairt beag beann ar láimhdeachas.<sup>10</sup>


---

<sup>9</sup> Sa rannán seo ciallaíonn an téarma 'cumasc' cumasc agus éadálacha.

<sup>10</sup> Féach sonraí breise i 2.3 thíos.

Léirítear i Léiriú 2.1 thíos comparáid ar bhonn míosúil idir na fógraí a fuair an tÚdarás Iomaíochta sa tréimhse ó 2006 go 2008.

Léiriú 2.1



Tháinig laghdú suntasach i 2008 ar líon na gcumasc agus na n-éadálacha a fógraíodh don Údarás Iomaíochta. Fuarthas 38 fógraí i 2008<sup>11</sup> i gcomparáid le 72 i 2007 agus le 98 i 2006.

Ní haon iontas an titim seo ó tharla go bhfuil cúlú eacnamaíoch domhanda ann. Go páirteach áfach is féidir an laghdú seo a chur i leith ath-léirmhíniú an Údaráis Iomaíochta ar an gceangal “carries on business” i ndáil le tairseach fógartha. Ó 2003 i leith ba é tuiscint an Údaráis ar an bhfrása gur chuimsigh sé gnóthas a bheadh i mbun díolacháin ar oileán na hÉireann fiú mura raibh láithreach fhisiciúil aige ar an oileán. Ba é an toradh a bhí air sin gur fógraíodh cumaisc nach raibh ach nasc lag acu nó nach raibh nasc ar bith acu leis an Stát. An 12 Nollaig 2006 d’fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta an tuiscint nuasonraithe a bhí acu ar an téarma<sup>12</sup> Seo an léirmhíniú nua atá aige anois ar an téarma: nuair nach bhfuil láithreach fhisiciúil ag gnóthas ar an oileán, ní mór go mbeidh díolacháin ar luach €2 mhilliún ar a laghad tugtha isteach aige go dtí an t-oileán sa bhliain airgeadais is deireanaí sula measfar é mar ghnóthas atá ag seoladh gnó “carry on business” ar an oileán. D’fhéadfadh an leasú ar na critéir fógartha éigeantacha trí Ordú Aireachta le haghaidh cumasc a bhfuil gnóthaí meán bainteach leo bheith ina chúis le cuid den laghdú ar fhógraí (pléitear seo ag 2.3 thíos).

<sup>11</sup> Tá cuimsithe sa léiriú tarchur éadail ghnó Scottish & Newcastle in Éirinn, is é sin Beamish & Crawford ag Heineken arna beartú chuig an Údarás ó Choimisiún na hEorpa faoi Airteagal 9 de Rialachán um Chumaisc Choimisiún na hEorpa (RCCE) - Rialachán Uimh. 139/2004 ón gComhairle. Féach rannán 2.2. thíos le haghaidh plé ar an gcás (M/08/011 – Heineken/Scottish & Newcastle).

<sup>12</sup> Féach Cinneadh Uimh. N/02/003 Notice in respect of certain terms used in Part 3 of the Competition Act 2002 (Arna leasú, 12 Nollaig 2006), ar fáil ag suíomh idirlín an Údaráis Iomaíochta, [www.tca.ie](http://www.tca.ie).

In Aguisín B tá liosta iomlán de na cumaisc a fógraíodh don Údarás Iomaíochta i 2008. Seo a leanas staitisticí éagsúla a bhaineann le measúnú an Údaráis Iomaíochta ar chumasc agus ar éadálacha i 2008.

- Tháinig laghdú ó 72 fhógra i 2007 agus 98 bhfógra i 2006 go 38 bhfógra i 2008 ar líon na gcumasc a fógraíodh don Údarás Iomaíochta;
- I rith na bliana freisin thug an tÚdarás Iomaíochta chun críche an obair a bhí ar siúl ar naoi gcinn de hidirbhearta a fógraíodh i 2007 agus a rith an spriodháta a bhain leo isteach i 2008.
- Rinneadh anailís ar na hidirbhearta uile laistigh den tréimhse reachtúil;
- Réitigh an tÚdarás Iomaíochta 36 cinn de na 38 bhfógra a fuarthas i 2008 i gcaitheamh an imscrúdaithe thosaigh (Céim 1), de ghnáth laistigh de mhí féilire amháin;
- I 2008 thionscain an tÚdarás Iomaíochta dhá imscrúdú (Céim 2); coisceadh ceann amháin díobh; agus
- I 2008 tháinig laghdú ar líon na gcumasc a bhain le gnóthaí meán a fógraíodh don Údarás Iomaíochta. Fógraíodh 5 chumasc dá leithéid don Údarás Iomaíochta i gcomparáid le 15 i 2007.

Thar thréimhse 2003 go deireadh 2008:

- Fógraíodh 420 cumasc agus éadail don Údarás Iomaíochta (47 i 2003, 81 i 2004, 84 i 2005, 98 i 2006, 72 i 2007, 38 i 2008); agus,
- rinne an tÚdarás Iomaíochta cinntí maidir le 412 de na fógraí sin; tarraingíodh siar 6 cinn agus tá dhá cheann fós á n-imscrúdú.

## 2.2 Cumasc ar ghá Imscrúdú Iomlán a Dhéanamh orthu (Céim 2)

Ní mór don Údarás Iomaíochta iniúchadh mionsonraithe a dhéanamh (imscrúdú Céim 2) ar idirbheart murar éirigh leis, i ndiaidh réamh-imscrúdú (Céim 1) a dhéanamh, conclúid a tharraingt nach laghdódh an t-idirbheart an iomaíocht go substainteach “substantially lessen competition”. I 2008 thionscain an tÚdarás Iomaíochta dhá imscrúdú Céim 2:

- M/08/009 – cuireadh cosc le héadail Breeo Foods Limited agus Breeo Brands Limited arna beartú ag Kerry Group plc an 28 Lúnasa 2008; agus,
- M/08/011 – ceadaíodh éadail an ghnó Éireannach de Scottish & Newcastle, is é sin Beamish & Crawford arna beartú ag Heineken B.V. an 3 Deireadh Fómhair 2008.

Seo a leanas cuntas mionsonraithe ar gach imscrúdú Céim 2:

### **Éadail Breeo Foods Limited agus Breeo Brands Limited arna beartú ag Kerry Group plc an 28 Lúnasa 2008 (M/08/009)**

Ba é an conclúid a tharraing an tÚdarás Iomaíochta an 28 Lúnasa 2008, dá gceadófaí don idirbheart a bhí beartaithe dul ar aghaidh, go laghdódh sé an iomaíocht go substainteach “substantially lessen competition” i dtrí mhargadh táirgí bia sa Stát agus dá bhrí sin chinn sé gan chur i bhfeidhm an éadála a cheadú “may not be put into effect.” Tá achomharc á dhéanamh faoin

gcinneadh seo san Ard-Chúirt. Tá an dá pháirtí gafa le táirgeadh, le dáileadh agus le soláthar bianna tomhaltóra. Rinne Roinn na gCumasc anailís eacnamaíoch agus fiosrúcháin mhargaidh ar feadh cúig mhí sula ndearnadh an cinneadh seo.

Tháinig an tÚdarás Iomaíochta ar na conclúidí a leanas:

### **Margaidh lena mBaineann**

- (i) Seo a leanas na margaidh lena mbaineann:
  - a. An margadh do tháirgeadh, do dháileadh agus do sholáthar lispíní sa Stát (lispíní);
  - b. An margadh do tháirgeadh, do dháileadh agus do sholáthar putóga bána agus dubha sa Stát (putóga);
  - c. An margadh do tháirgeadh, do dháileadh agus do sholáthar slisíní bágúin sa Stát (slisíní bágúin);
  - d. An margadh do tháirgeadh, do dháileadh agus do sholáthar feolta cócaráilte éanlaithe sa Stát (FCE);
  - e. An margadh do tháirgeadh, do dháileadh agus do sholáthar feolta cócaráilte nach feolta éanlaithe iad sa Stát (FCNE);
  - f. An margadh do tháirgeadh, do dháileadh agus do sholáthar ime sa Stát (im);
  - g. An margadh do tháirgeadh, do dháileadh agus do sholáthar leathán .i. táirgí nach im iad sa Stát (leatháin)
  - h. An margadh do tháirgeadh, do dháileadh agus do sholáthar cáise nádúrtha sa Stát (cáis nádúrtha);
  - i. An margadh do tháirgeadh, do dháileadh agus do sholáthar cáise próiseáilte sa Stát (cáis phróiseáilte);
- (ii) Ba é conclúid anailís an Údaráis Iomaíochta ar éifeachtaí iomaíocha an idirbhirt a bhí beartaithe nach dtiocfadh laghdú substainteach ar an iomaíocht (LSI) de bharr an idirbhirt i sé cinn de na margaidh a bhí faoi léirmheas. Seo iad na margaidh: lispíní, putóga, FCE, cáis nádúrtha, im agus leatháin.
- (iii) I dtrí cinn de na margaidh a rachadh an t-idirbheart i gcion orthu ba é conclúid anailís an Údaráis Iomaíochta ar éifeachtaí iomaíocha an idirbhirt a bhí beartaithe go mbeadh LSI ann de bharr an idirbhirt. Is iad san an margadh do shlisíní bágúin, an margadh do FCNE agus an margadh do cháis nádúrtha. Is margaidh leis an tairseach is airde maidir le dlús margaidh (Crios C den HHI mar a thugtar orthu i dTreoirínte Cumaisc an Údaráis Iomaíochta) gach ceann díobh seo, rud a chiallaíonn gur margaidh iad a shaineofaí mar mhargaidh thar bheith dlúth agus ar mó is dóigh go mbeifí imníoch faoin iomaíocht ina leith. Tá achoimre thíos faoi seo ar chinntí an Údaráis Iomaíochta maidir le gach ceann de na margaidh seo.

### **Slisíní Bágúin:**

- Sa chumasc seo faigheann an branda atá rangaithe sa chéad áit, Denny, seilbh ar an mbranda atá rangaithe sa dara áit, Galtee;
- Is iad Denny, branda Kerry agus Galtee branda Breeo is mó a bhíonn in iomaíocht lena chéile sa mhargadh do shlisíní bágúin. I ndiaidh na héadála beidh [45-50]% ó thaobh luacha de, de mhargadh na slisíní bágúin ag an dá bhranda seo.
- Níl aon bhrandaí comhroghnacha i ndáiríre i margadh na slisíní bagúin a chuirfidh ar chumas miondíoltóirí eintiteas cumascta a shrianadh ó ardú buan a chur ar phraghsanna i ndiaidh na héadála.
- Ní bheidh sé ar chumas brandaí nua láithreacht sách tréan a bhunú i margadh na slisíní bagúin laistigh de thréimhse dhá bhliain le go mbeidh siad i ann eintiteas cumascta a shrianadh ó phraghsanna a ardú i ndiaidh na héadála;
- In ainneoin gurb é [35-40]% ó thaobh luach de, an sciar mhargaidh atá ag slisíní bagúin lipéid phríobháidigh dá meastaí mar aon aonad amháin iad, ní mheastar iad a bheith i ndlúth-iomaíocht le Denny nó le Galtee. Tá sé den riachtanas go mbeadh an dá bhranda slisíní bágúin is mó a bhfuil éileamh orthu "must have" .i. Denny agus Galtee, i stoc ag miondíoltóirí; agus,
- Ní chreidtear go mbeidh miondíoltóirí in ann araíonacht a bhagairt ar an eintiteas cumascta i ndiaidh na héadála de bhrí (a) nach bhfuil aon rogha maidir le slisíní bagúin brandáilte ar fiú rogha a thabhairt air, (b) nach mbeidh líon dóthanach de shlisíní bagúin brandáilte ann laistigh de thréimhse dhá bhliain, agus (c) nach meastar gur táirge iomaíoch sách láidir sa mhargadh a bheidh i slisíní bagúin lipéid phríobháidigh agus dá réir, nach n-éireoidh leo tairiscint slisíní bágúin an eintitis cumascta a shárú.

### **Feolta Cócaráilte nach Feolta Éanlaithe iad:**

- Beidh [45-50]% den sciar mhargadh de réir luacha ag an eintiteas cumascta i ndiaidh éadála i gcomparáid leis an [5-10]% de réir luacha is sciar mhargaidh na mbrandaí eile sa mhargadh um fheolta cócaráilte nach feolta éanlaithe iad, dá meastaí mar aon aonad amháin iad agus níl níos mó ná [0-5]% de réir luacha ag aon soláthraí amháin díobh.
- Is iad Kerry agus Breeo is mó a bhíonn in iomaíocht lena chéile sa mhargadh um fheolta cócaráilte nach feolta éanlaithe iad.
- Bhí titim ar sciar ghnóthaí na lipéad príobháideach de mhargadh na bhfeolta cocaráilte nach feolta éanlaithe iad ó [50-55]% i 2005 go [45-50]% i 2007. Ní mheastar go bhfuil feolta cocaráilte nach feolta éanlaithe iad ó ghnóthaí na lipéad príobháideach ina iomaitheoirí sách láidre i gcomórtas le Kerry agus Breeo;
- Níl aon bhrandaí comhroghnacha i ndáiríre i margadh na bhfeolta cocaráilte nach feolta éanlaithe iad a chuirfidh ar chumas miondíoltóirí araíonacht a bhagairt ar an eintiteas cumascta má ardaíonn sé praghsanna i ndiaidh na héadála;
- Ní bheidh sé ar chumas brandaí nua láithreacht sách tréan a bhunú i margadh na bhfeolta cocaráilte nach feolta éanlaithe iad laistigh de

thréimhse dhá bhliain le go mbeidh siad i ann eintiteas cumascta a shrianadh ó phraghsanna a ardú i ndiaidh na héadála; agus,

- Níl dóthain chumhacht mar cheannaitheoirí ag miondíoltóirí lena chur ar a gcumas araíonacht a bhagairt i ndáiríre ar an eintiteas cumascta i ndiaidh éadála de bhrí (a) nach bhfuil aon soláthraithe malartacha ann ar fiú an t-ainm a thabhairt orthu, (b) nach mbeidh líon dóthanach d'fheolta cocaráilte brandáilte nach feolta éanlaithe iad ag teacht ar an margadh laistigh de dhá bhliain, agus (c) nach meastar gur táirge iomaíoch sách láidir sa mhargadh a bheidh i bhfeolta cocaráilte nach feolta éanlaithe iad a thagann ó ghnóthaí na lipéad príobháideach agus dá réir, nach n-éireoidh leo tairiscint an eintitis chumascta maidir le feolta cocaráilte nach feolta éanlaithe iad a shárú.

▪

### **Cáis Phróiseáilte**

- Mar thoradh ar an gcumasc atá beartaithe bheadh an gnóthas is mó de réir sciar an mhargadh de [35-40]% ag fáil seilbh ar Breeo an gnóthas sa dara háit ó thaobh sciar an mhargaidh de [15-20]%;
- I ndiaidh na héadála beidh [55-60]% de mhargadh na cáise próiseáilte ag an dá bhranda Kerry agus Breeo.
- Féadfaidh sé go ndeighlfear margadh na cáise próiseáilte: (a) idir shlisní cáise próiseáilte; sneacanna cáise próiseáilte; agus leatháin cáise próiseáilte. Is iad brandaí Kerry agus Breeo is mó a bhíonn in iomaíocht lena chéile i margadh na cáise próiseáilte. Is ionann agus 40% den díolachán iomlán i margadh na cáise próiseáilte an eanáil seo;
- Níl aon bhrandaí comhroghnacha i ndáiríre i margadh na cáise próiseáilte a chuirfidh ar chumas miondíoltóirí eintiteas cumascta a shrianadh ó ardú buan a chur ar phraghsanna i ndiaidh na héadála. Ní bheidh leathnú na ngnóthas nach bhfuil i mbun cumaisc dóthanach chun an eintiteas cumascta a shrianadh ó ardú buan a chur ar phraghas cáise próiseáilte i ndiaidh na héadála;
- Ní bheidh sé ar chumas brandaí nua láithreach sách tréan a bhunú in eanáil na slisne de mhargadh na cáise próiseáilte laistigh de thréimhse dhá bhliain le go mbeidh siad i ann an eintiteas cumascta a shrianadh ó ardú buan a chur ar phraghas slisní cáise próiseáilte i ndiaidh na héadála;
- Níl ach [10-15]% de réir díolacháin de mhargadh na cáise próiseáilte ag táirgí lipéid phríobháidigh agus ní mheastar go mbeidh tréaniomaíocht idir iad agus táirgí cáise próiseáilte Kerry nó Breeo; agus
- Ní bheidh sé ar chumas miondíoltóirí i ndáiríre araíonacht a bhagairt ar an eintiteas cumascta i ndiaidh na héadála de bhrí (a) nach bhfuil aon rogha maidir le slisní cáise próiseáilte brandáilte ar fiú rogha a thabhairt air, (b) nach mbeidh líon dóthanach de shlisní cáise próiseáilte brandáilte ann laistigh de thréimhse dhá bhliain, agus (c) nach meastar gur táirge iomaíoch sách láidir sa mhargadh a bheidh i slisní cáise próiseáilte lipéid phríobháidigh agus dá réir, nach n-éireoidh



leo tairiscint an eintitis chumascta maidir le slisní cáise próiseáilte a shárú.

### **Éadail an ghnó Éireannach de Scottish & Newcastle, is é sin Beamish & Crawford arna beartú ag Heineken B.V. (M/08/011).**

An 3 Deireadh Fómhair 2008, d'fhógair an tÚdarás Iomaíochta go raibh éadail Beamish & Crawford plc ag Heineken N.V. ceadaithe aige.

An 12 feabhra 2008 d'fhógair Heineken N.V. do Choimisiún na hEorpa fáil arna beartú de shócmhainní áirithe de chuid Heineken (ar a n-áirítear brandaí) a bhain le gnóthaí arna oibriú ag Scottish & Newcastle plc sa Bheilg, sa bhFionlainn, in Éirinn, sa Phortaingéal agus sa Ríocht Aontaithe.

An 3 Aibreán 2008 chuir an Coimisiún éadail an ghnó Éireannaigh Beamish & Crawford plc arna beartú ag Heineken faoi bhráid an Údaráis Iomaíochta. Is ionann agus fógra an tarchur seo faoi Acht na hiomaíochta 2002.

An 1 Lúnasa 2008 d'fhógair an tÚdarás Iomaíochta a chinneadh imscrúdú iomlán (Céim 2) a dhéanamh maidir leis an éadail a bhí beartaithe. Rinneadh an cinneadh tar éis réamh-imscrúdú (Céim 1) i gcás nach raibh sé ar chumas an Údaráis Iomaíochta conclúid a tharraingt gan imscrúdú breise, nach laghdódh an t-idirbheart an iomaíocht go substainteach.

Tá an cumasc seo tábhachtach ar roinnt cúiseanna: Seo é an chéad uair a cuireadh ar ais faoi bhráid an Údaráis Iomaíochta faoi Rialachán um Chumaisc Choimisiún na hEorpa (RCCE), cuid de chumasc a fógraíodh do Choimisiún na hEorpa, agus (ii) rinne an tÚdarás Iomaíochta anailís ar shainiú margaidh a bhí is dócha ar na hanailísí is dóthanaí a rinneadh riamh agus chinn gurbh é an sainiú margaidh cúng, de réir cineál beorach, an ceann is oiriúnaí, cé gur minic a chinn gníomhaireachtaí iomaíochta san am atá caite nach raibh sé riachtanach conclúid a dhéanamh faoin gceist seo.

I ndiaidh imscrúdú forleathan tháinig an tÚdarás Iomaíochta ar na conclúidí a leanas:

#### **Margadh Táirge Ábhartha**

Ba é conclúid an Údaráis Iomaíochta go raibh ceithre mhargadh táirge ábhartha sa chás seo:

- (i) táirgeadh agus soláthar lágair don chainéal iontrádála;
- (ii) táirgeadh agus soláthar lágair don chainéal eistrádála;
- (iii) táirgeadh agus soláthar leanna duibh don chainéal iontrádála; agus,
- (iv) táirgeadh agus soláthar leanna duibh don chainéal eistrádála.

Ba é an Stát an diminsean geografach a bhí ag gach ceann de na margaidh tháirge ábhartha seo.

#### **Cinneadh**

Chinn an tÚdarás Iomaíochta nach mbeadh iarmhairtí comhordaithe ná aontaobhacha in aon cheann de na margaidh seo de thoradh an idirbhirt arna bheartú agus dá bhrí sin nach mbeadh laghdú substainteach ar an iomaíocht dá bharr. D'fhonn na héifeachtaí is dóigh a bheadh ag an idirbheart a bhí beartaithe ar an iomaíocht a mheas rinne an tÚdarás Iomaíochta anailís

chuirsiúiteach ar roinnt tosca mar atá an ionad sa mhargadh a bhí ag an eintiteas cumascta, bacainní nó easpaí bacainní do allmhairí iontrála agus comhthreormhara, oiread na cumhachta ceannaíochta frithchúitimh a bheadh ag custaiméirí an eintitis chumascta agus gnóthas neamhaontaigh "maverick firm" a thabhairt chun bealaigh.

### 2.3 Cumaisc a bhfuil gnóthaí meán bainteach leo

#### Ionstraim Reachtúil Nua

An 1 Eanáir 2003 rinne an tAire Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta Ordú faoi alt 18(5) den Acht Iomaíochta 2002. Shonraigh an tOrdú seo, Ionstraim Reachtúla (I.R.) Uimh. 622 ó 2002 gach cumasc meán mar aicme "class" chumaisc arbh éigeantach é a fhógairt, fiú mura raibh aon chumasc meán dá leithéid ag comhall na gceangal maidir le tairseacha airgeadais le haghaidh fógra sainordaitheach atá leagtha amach in alt 18(1)(a) den Acht Iomaíochta 2002.

Faoin Acht Iomaíochta 2002 ceadaítear i ndáil le cumasc meán atá ceadaithe ag an Údarás Iomaíochta ar fhorais iomaíochta tar éis imscrúdú iomlán, gur féidir leis an Aire Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta é a chosc ó bheith curtha i bhfeidhm ar fhorais a bhaineann leis an leas poiblí.

Bhí sé d'éifeacht ag an aicme chumaisc a sonraíodh i I.R. Uimh. 622 ó 2002 gur chuir sí faoi deara gur fógraíodh go leor cumasc nach raibh nó ar éigean a raibh nasc ábhartha acu leis an Stát, agus i gcásanna áirithe nach raibh aon nasc praiticiúil acu le gnóthaí meán ar chor ar bith.

- sainítear cumasc meán "media merger" san Acht mar chumasc ina bhfuil **ceann amháin** nó níos mó de na gnóthais atá bainteach leis ag seoladh gnó meán "media business" sa Stát. Foráladh i I.R. Uimh. 622 ó 2002 go raibh na cumaisc uile a tháinig faoin sainmhíniú seo infhógartha go héigeantach; agus
- le linn dó na gnóthais lena mbaineann "undertakings involved" a ainmniú chuaigh an tÚdarás Iomaíochta in iontaoibh chleachtas Choimisiún na hEorpa na gnóthais lena mbaineann a mheas mar ghrúpa iomlán seachas mar an chuideachta aonair amháin is ceannaitheoir nó is sprioc.

An 21 Márta 2007, cúlghaireadh I.R. Uimh. 622 ó 2002 trí I.R. Uimh. 122 ó 2007. Tá sé de cheangal faoin ordú nua go bhfógrófaí:

- gach cumasc nó éadail ina bhfuil **dhá cheann** nó níos mó de na gnóthais atá bainteach leis ag seoladh gnó meán "media business" sa Stát; agus
- gach cumasc nó éadail ina bhfuil cheann amháin nó níos mó de na gnóthais atá bainteach leis ag seoladh gnó meán "media business" sa Stát agus ina bhfuil cheann amháin nó níos mó de na gnóthais atá bainteach leis ag seoladh gnó meán "media business" in áit eile.

Ó 21 Márta 2007 i leith nuair a tháinig an tOrdú nua in éifeacht:

- tháinig laghdú ó 22 i 2006 agus 17 i 2007 go cúig i 2008 ar líon na gcumasc a bhain le gnóthaí meán ar fógraíodh iad don Údarás Iomaíochta; agus,
- bhí nasc ábhartha leis an Stát ag gach cumasc a bhain le gnóthaí meán agus a fógraíodh ó 21 Márta 2007 i leith.

## Staitisticí Cumasc Meán

Maidir leis na cúig chumasc meán a fógraíodh i 2008:

- bhain trí cinn le héadáil foilseachán clóite;
- bhí ceithre cinn ceadaithe ag an Údarás Iomaíochta faoi cheann na bliana agus fágadh réiteach an ceathrú ceann go 2009; agus
- ní dhearna an tAire Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta aon ordú i 2007 imscrúdú iomlán a dhéanamh faoi Alt 22 den Acht Iomaíochta 2002 nó cumasc meán a thoirmeasc ó bheith curtha in éifeacht.

Table 2.3 Cumaisc Mheán a fógraíodh don Údarás Iomaíochta i 2008

Fógra	Dáta an Fhógra	Earnáil Eacnamaíoch	Dáta an Chinnidh
M/08/003 – Independent News and Media Holdings (Ireland) / Champion Printing Limited	12 Feabhra 2008	Nuachtáin a fhoilsiú agus a chur i gcló	10 Márta 2008
M/08/007 Irish Times Limited / Relevance Publishing Limited	5 Márta 2008	Nuachtáin a fhoilsiú agus a chur i gcló	25 Márta 2008
M/08/021 TV3 Television Network Limited / Kish Media Limited	25 Iúil 2008	Cláir theilifíse a léiriú agus teilifís a chraoladh	18 Lúnasa 2008
M/08/024 General Electric Company / Carnival Film and Television Limited	20 Lúnasa 2008	Pleanáil chlár dráma san RA (Ríocht Aontaithe)	8 Meán Fómhair 2008
M/08/038 Alpha Publications Limited / Herald Publishing and Printing Company Limited	23 Nollaig 2008	Earnáil foilsithe na nuachtán réigiúnach	22 Eanáir 2009

## Tuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh ar Chumaisc Mheán

Faoin Acht Iomaíochta 2002 tá sé d'oibleagáid ar an Údarás Iomaíochta tuairim maidir leis na critéir ábhartha "relevant criteria" mar atá siad sainithe san Acht a sholáthar don Aire Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta i ndáil le cumaisc mheán Céim 2. Tá a mhíshástacht leis an staid seo curtha in iúl ag an Údarás Iomaíochta roinnt uaireanta ar an mbonn gur ábhar atá lasmuigh dá shainréimse eolais atá sna critéir ábhartha. Baineann na critéir ábhartha le héagsúlacht/hiolarthacht na dtuairimí a chuirtear in iúl i réimse poiblí na hÉireann, le láidreacht agus le cumas iomaíochta gnóthaí meán atá dúchasach sa Stát agus leis an gcaoi a bhfuil úinéireacht ar na meáin scaipthe ar dhaoine aonair agus ar ghnóthais eile.

Le aghaidh a thabhairt ar an gceist seo bhunaigh an tAire a bhí ann ag an am, Micheál Martin T.D., i Márta 2008, Grúpa Comhairleach i leith Cumaisc Mheán

chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat láithreach reachtúil maidir le gnéithe leas an phobail de chumaisc mheán in Éirinn. Go sonrach, iarradh ar an nGrúpa na *critéir ábhartha* atá sonraithe san Acht agus a ndéanann an tAire tagairt dóibh le linn dó cumaisc mheán a bhreithniú a iniúchadh.

Ina chuid aighneachta don Ghrúpa dúirt an tÚdarás Iomaíochta,

*Níl sé laistigh dár shainréimse eolais tuairim chinntitheach a dhéanamh maidir leis na critéir ábhartha "... it is not within its expertise to develop a definitive opinion with respect to the relevant criteria..."*

*Cuireann alt 23(7) den Acht [Iomaíochta] oibleagáid ar an Údarás Iomaíochta rud a dhéanamh atá lasmuigh dá shainréimse eolais "Section 23(7) of the [Competition] Act obliges the Competition Authority to do something outside its area of expertise."*

Lena chur ar a chumas an moladh a dhéanamh, chuaigh an Grúpa i mbun comhairliúcháin go forleathan faoin gceist a d'ardaigh an tAire. Fuair an Grúpa ceathair aighneacht déag agus thionóil cruinnithe leis an Údarás Iomaíochta, leis an gComhchoiste Oireachtais um Fhiontair, Thráchtáil agus Fhostaíocht agus leis an gComhchoiste Oireachtais um Chumarsáid, Fhuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha. Ina theannta sin fuair an Grúpa roinnt trácht faoi leith ó ionadaithe pobail.

Sa tuarascáil a d'fhoilsigh sé in Eanáir 2009 d'aontaigh an Grúpa Comhairleach le haighneacht an Údaráis Iomaíochta agus mhol nár chóir ceangal a chur ar an Údarás teacht ar thuairim ná tuairim a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar ábhartha; ba chóir an ról a bhí aige a bheith teoranta don éifeacht a bhí ag cumaisc mheán ar an iomaíocht sa Stát a mheas.

## 2.4 Cumaisc faoi bhun na tairsí fógartha

D'fhéadfadh cumaisc faoi bhun thairseach fógartha an láimhdeachais an iomaíocht a theorannú freisin. Go sonrach d'fhéadfadh siad Alt 4 agus/nó alt 5 den Acht Iomaíochta 2002, a chinntíonn nach ngníomhaíonn cuideachtaí chun dochar do thomhaltóirí a shárú.

Tar éis roinnt cumasc dá leithéid a imscrúdú, d'eisigh an tÚdarás Iomaíochta, an 30 Meán Fómhair 2003, Fógra (N/03/001) a chuireann in iúl a pholasaí maidir le hidirbhearta dá leithéid. Tugann an Fógra seo soiléiriú do páirtithe maidir le cén chaoi a gcaithfeadh an tÚdarás Iomaíochta le cumaisc neamh-infhógartha agus cuireann in iúl polasaí an Údaráis cinnte a dhéanamh de nach ndéanann bearta dá leithéid dochar don iomaíocht agus do thomhaltóirí.

Go bunúsach má mheasann an tÚdarás Iomaíochta, i ndiaidh réamh-imscrúdú a dhéanamh go bhféadfadh an t-idirbheart imní maidir le hiomaíocht a chothú rachaidh sé i dteagmháil leis na páirtithe le fáil amach ar mhian leo fógra a chur isteach dá ndeoin féin. Murar cuireadh an t-idirbheart in éifeacht go fóill beidh deis ag na páirtithe fógra a dhéanamh dá ndeoin féin. I gcás go roghnaíonn na páirtithe gan fhógra a dhéanamh dá ndeoin féin, féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta imeachtaí dlí a thionscnamh chun urghaire a iarraidh d'fhonn cur i bhfeidhm an chumaisc a shrianadh. Más amhlaidh gur cuireadh an t-idirbheart in éifeacht cheana féin, déanfaidh an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú le fáil amach cé acu a sáraíodh Alt 4 agus/nó Alt 5 den Acht Iomaíochta 2002 nó nár sáraíodh.

I 2008 ní dhearna an tÚdarás Iomaíochta measúnú ar aon chumasc faoi na tairseacha fógartha.

## 2.5 Cumaisc a Leigheas

I 2007 cheadaigh an tÚdarás Iomaíochta dhá chumasc ina ndearna páirtithe an idirbhirt moltaí maidir le dí-éadail. Ba shin na chéad chásanna inar tairgeadh dí-éadail struchtúrtha mar mholadh chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna imní i leith iomaíochta i bhfógraí cumaisc arna n-ainmniú ag an Údarás Iomaíochta. Ní raibh aon chumaisc áfach i 2008 ina ndearna páirtithe an idirbhirt moltaí maidir le dí-éadail.

Tá sé de rún ag an Údarás Iomaíochta treoirlínte dá chuid féin a sholáthar i 2009 maidir le leighis a thabharfaidh aghaidh ar bhuarthaí arna n-ainmniú a bhaineann leis an iomaíocht agus go sonrach maidir le tairiscintí i leith dí-éadail struchtúrtha. Go dtí seo chuaigh an tÚdarás Iomaíochta ar iontaoibh Fhógra Choimisiún na hEorpa maidir le Leighis Inghlactha faoi Rialachán (CEE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus faoi Rialachán(CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún agus ar Threoirlínte ó Choimisiún na hEorpa faoi Shárchleachtas i leith gealltanais dí-éadála lena n-áirítear na téacsanna eiseamláireacha le haghaidh gealltanais dí-éadála agus mandáidí iontaobhaithe.

## 2.6 Athbhreithniú ar Athruithe ar Chumasc

An 15 Deireadh Fómhair 2008 rith an tOireachtas An tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 (Acht na bliana 2008) a achtaíodh ar mhaithe le leas an phobail chun: (i) tacaíocht airgeadais a sholáthar do bhainc d'fhonn cobhsaíocht an chórais airgeadais sa Stát a choimeád slán agus (ii) forálacha áirithe den Acht Iomaíochta a mhodhnú d'fhonn a cheadú don Aire Airgeadais cinneadh a athbhreithniú nó a dhéanamh i ndáil le haon chumasc nó éadail (de réir bhrí Alt 16 den Acht Iomaíochta) in earnáil na baincéireachta a thagann leis na critéir atá leagtha amach in alt 7(1) d'Acht na bliana 2008. Ní ghlanann Acht na bliana 2008 chun siúil dlínse an Údaráis Iomaíochta ar gach cumasc bainc; ní ghlanann ach na cinn a thagann leis na critéir atá leagtha amach in alt 7(1)<sup>13</sup>.

De bhun ailt 7(6) agus (7) d'Acht na bliana 2008 féadfaidh an tAire Airgeadais dul i gcomhairle leis an Údarás Iomaíochta agus cuirfidh an tÚdarás Iomaíochta ar fáil aon chomhairle, aon fhaisnéis nó aon chúnamh atá iarrtha go réasúnach ag an Aire Airgeadais. Faoi alt 7(12) d'Acht na bliana 2008 féadfaidh an tAire Airgeadais, tar éis dó/di dul i gcomhairle leis an Aire Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta, le Gobharnóir an Bhainc Cheannais, leis an mBanc Ceannais agus leis an Údarás Iomaíochta

*... cumasc nó éadail a cheadú ... fiú má thagann sé nó sí ar an tuairim go mbeidh sé de thoradh ar an gcumasc nó ar an éadail go laghdóidh sé go substainteach an iomaíocht i margaidh earraí agus seirbhísí sa Stát ach go bhfuil gá leis an gcumasc ag féachaint do aon cheann nó do gach ceann dá leanas:*

- *cobhsaíocht an chórais airgeadais sa Stát a choimeád slán;*
- *an gá atá le bagairt thromchúiseach ar Institiúidí creidmheasa a sheachaint;*

<sup>13</sup> Is iad na critéir ábhartha faoi alt 7(1): (i) Tá an cumasc nó an éadail arna bheartú a bhfuil institiúid chreidmheasa bainteach léi/leis riachtanach chun cobhsaíocht an chórais airgeadais sa Stát a choinneáil slán (ii) ba bhagairt thromchúiseach do chobhsaíocht an chórais sin mura rachfai ar aghaidh leis an gcumasc nó leis an éadail atá beartaithe.

- *an gá atá le corraíl thromchúiseach i ngeilleagar an Stáit a leigheas.*

Oibreoidh an tÚdarás Iomaíochta i ndlúthpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais lena chinntiú go gcomhlíonann sé a fheidhmeanna faoin Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 de réir mar a iarrfaidh an tAire Airgeadais.

## 2.6 Coiste Comhairle um Chomhchruinnithe

Tá sé de cheangal ar Choimisiún na hEorpa faoi Rialachán Cumaisc Choimisiún na hEorpa tuairim an Údaráis Iomaíochta maidir le comhchruinnithe a lorg sula nglacfar le cinneadh um chumasc. Mar chuid dá oibleagáidí idirnáisiúnta bhí an tÚdarás Iomaíochta rannpháirteach ar bhonn réamhghníomhach ar an gCoiste Comhairle um Chomhchruinnithe. An 6 Bealtaine 2008 bhí an tÚdarás Iomaíochta ina Rapóirtéir sa Choiste Comhairle Comp/M.4854- TomTom /Tele Atlas.

## **Nósanna imeachta um Chumaisc in Éirinn (Acht Iomaíochta 2002)**

### **Tástáil Chumaisc: Laghdú substainteach ar iomaíocht**

Is í an tástáil a chineann cé acu is cóir cumasc a cheadú nó gan a cheadú an laghdóidh sé go substainteach an iomaíocht "substantially lessen competition" i margadh na n-earraí agus na seirbhísí sa Stát. Seo í an tástáil a mbaintear úsáid aisti san RA agus baineann Coimisiún na hEorpa úsáid as leagan cosúil léi. Ceadáítear leis fócas a dhíriú ar an gcaoi a dtéann an iomaíocht agus an tomhaltóir i bhfeidhm ar an idirbheart agus air sin amháin.

### **Tairseacha fógartha**

Tá na tairseacha maidir le fógra díorthaithe ó láimhdeachas na ngnóthas lena mbaineann. Ní mór láimhdeachas airgeadais bliantúil de €40 milliún ar bhun domhanda ar a laghad bheith ag gach ceann de na gnóthais lena mbaineann. Caithfidh go mbeidh gnó á sheoladh ag an dá ghnóthas in oileán na hÉireann agus go nginfidh ceann amháin díobh ar a laghad láimhdeachas de €40 milliún laistigh den Stát. Más amhlaidh go mbeidh na tairseacha sin sroichte ní mór fógra a dhéanamh.

### **Cumaisc faoi bhun na tairsí fógartha**

Fós féin féadfaidh éifeachtaí frithiomaíocha a dhéanann díobháil do thomhaltóirí bheith ag cumaisc atá faoi bhun na dtairseacha seo. Foráiltear in Acht Iomaíochta 2002 gur féidir le gnóthas cumaisc dá leithéid a fhógairt dá dheoin féin don Údarás Iomaíochta d'fhonn cinnteacht dhlíthiúil a baint amach. Is é an chúis atá leis seo go páirteach go bhfuil cumaisc faoi bhun na tairsí fós faoi réir caingean forfheidhmithe i gcomhréir le hAilt 4 agus 5 den Acht agus tá imscrúduithe déanta ag an Údarás Iomaíochta ar idirbhirt dá leithéid.

### **Cumaisc a bhfuil gnóthaí meán bainteach leo**

Ní mór cumaisc ina bhfuil dhá cheann ar a laghad de na gnóthais atá bainteach leo ag seoladh gnó meán sa Stát, nó ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na gnóthais atá bainteach leo ag seoladh gnó meán sa Stát agus ina bhfuil ceann amháin ar a laghad ag seoladh gnó meán in áit eile, a fhógairt don Údarás Iomaíochta beag beann ar láimhdeachas na ngnóthas atá i gceist. Sainítear gnó meán go sách ginearálta san Acht Iomaíochta 2002 agus cuimsítear leis aon ghnó a bhfuil leasanna aige, mar shampla, i nuachtáin, i raidió, i dteilifís nó i seastáin chraolacháin. Sonraítear san Acht Iomaíochta 2002 freisin gur féidir leis an Aire toirmeasc a chur ar chumasc meán a cheadaigh an tÚdarás Iomaíochta ar fhorais a bhaineann leis an leas poiblí.

### **Réamh-imscrúdú (Céim 1)**

Is iniúchadh tosaigh ar feadh míosa ar an gcumasc atá i gCéim 1; is leordhóthanach an tréimhse sin de ghnáth chun cead a fháil dó. Is féidir síneadh ama a chur leis an tréimhse athbhreithnithe d'aon mhí i gcás go n-iarrann an tÚdarás Iomaíochta go foirmeálta breis eolas ar na páirtithe nó i gcás go gcuireann na páirtithe tograí isteach le bearta sonracha atá ceaptha aghaidh a thabhairt ar bhuarthaí an Údaráis Iomaíochta. Ceadáidh i gCéim 1 thart ar 95% de na cumaisc a fógraíodh i 2008.

### **Imscrúdú iomlán (Céim 2)**

Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú iomlán (Céim 2) a dhéanamh i gcás nach mbeidh sé ar a chumas a chinntiú, i ndiaidh réamh-imscrúdaithe, nach mbeidh laghdú substainteach ar an iomaíocht "substantial lessening of competition" de bharr an chumaisc. Is tréimhse bhreise trí mhí Céim 2 ina

ndéantar iniúchadh mionsonraithe ar an idirbheart agus ar an margadh/na margaidh ina n-oibríonn na páirtithe.

### **Measúnú**

Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta le linn imscrúdú Céim 2, measúnú scríofa faoin idirbheart a eisiúint chuig na páirtithe má bhíonn buarthaí tromchúiseacha aige maidir le hiomaíocht. Leagtar amach anseo na buarthaí agus ceadaítear do na páirtithe iad a fhreagairt.

### **Cumasc mheán ceadaithe ag an Aire Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta**

Má cheadaíonn an tÚdarás Iomaíochta cumasc meán ag Céim 1, beidh 10 lá ag an Aire Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta ansin chun cinneadh a dhéanamh faoi cé acu a bheidh sé ag iarraidh ar an Údarás Iomaíochta imscrúdú iomlán (Céim 2) a dhéanamh nó nach mbeidh.

I gcás go gceadaíonn an tÚdarás Iomaíochta cumasc meán i ndiaidh imscrúdú Céim 2, beidh 30 lá ag an Aire leis an gcumasc a cheadú, lena cheadú faoi choinníollacha nó lena thoirmeasc. Ní ar bhunús a bhaineann le critéir iomaíochta a dhéanann an tAire a chinneadh ach ar cheann amháin nó níos mó de na forais (ar a dtugtar critéir ábhartha "relevant criteria") a dhéanann leas an phobal mar a leagtar amach iad san Acht Iomaíochta.

Cuimsíonn na critéir ábhartha ábhair mar éagsúlacht úinéireachta, láidreacht na meán dúchasach agus treasúinéireacht fhoirmeacha éagsúla meán.

### **Achomharc chun na Cúirteanna**

I gcás go dtoirmisctear cumasc beidh aon mhí amháin ag na páirtithe lena chinntiú an mian leo achomharc iomlán a chur chun na hArd-Chúirte.

I gcás go ndéanann na páirtithe achomharc déanfaidh an Chúirt cinneadh maidir le cé acu atá údar le cinneadh an Údaráis Iomaíochta nó nach bhfuil.

### **Ról Roinn na gCumasc san Údarás Iomaíochta**

Is é príomhról Roinn na gCumasc an tasc reachtúil cinntí réasúnaithe maidir le cumaisc agus éadálacha atá fógartha laistigh de thréimhse shonraithe a athbhreithniú, a chur faoi anailís agus a chur i scríbhinn chuig an Údarás.

Is faoi Ailt 4 agus 5 den Acht Iomaíochta 2002 freisin a imscrúdaíonn Roinn na gCumasc cumaisc atá faoi na tairseacha fógartha. Ar deireadh thiar déanann sé ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag cruinnithe de Choimisiún na hEorpa agus ag cruinnithe idirnáisiúnta eile ina bpléitear cásanna cumaisc agus polasaí cumaisc.



### 3. AN IOMAÍOCHT A CHUR CHUN CINN IN ÉIRINN

---

De bhreis ar na feidhmeanna atá aige maidir le forfheidhmiú dlí agus le rialachán cumaisc, tá dualgas ag an Údarás Iomaíochta an iomaíocht a chur chun cinn sa gheilleagar. Baintear é sin amach go príomha tríd an Roinn Aighneachta arb iad na feidhmeanna atá aici an fheasacht ar ról na hiomaíochta, agus ar na sochair a ghabhann léi a mhúscailt agus comhairle maidir leis na himpleachtaí atá ag reachtaíocht atá anois ann agus atá beartaithe, ag rialacháin agus ag cinntí ábhartha eile i leith na hiomaíochta a thabhairt do lucht déanta beartas poiblí. Is éard a dhéanann an Roinn go sonrach:

- tugann sé comhairle do Ranna Rialtais, d'Údaráis Phoiblí agus do pháirtithe leasmhara eile maidir leis na himpleachtaí atá ag polasaí iomaíochta i leith réimsí eile polasaí agus i leith moltaí faoi pholasaí;
- déanann sé anailís ar réimsí a bhfuil an iomaíocht in easnamh, nó teoranta nó srianta; agus
- sainíonn sé réitigh inoibrithe chun méadú a chur ar an iomaíocht (i gcás ina n-aithnítear go bhfuil sí in easnamh nó go bhfuil sí teoranta nó srianta) agus cuireann i bhfeidhm na réitigh ar bhonn leanúnach.

Comhallann an Roinn an ról seo ar roinnt bealaí ar a n-áirítear:

- na srianta atá ar an iomaíocht in earnálacha éagsúla a shainiú agus anailís a dhéanamh orthu;
- an fheasacht maidir le haon srianta neamhriachtanacha ar an iomaíocht a mhúscailt trí thuarascálacha foilsithe agus trí mheáin eile;
- aighneachtaí a chur chuig Ranna Rialtais agus chuig chomhlachtaí eile, go minic trí fhreagairt a thabhairt ar ar dúradh i bpróisis chomhairliúcháin phoiblí; agus,
- cruinnithe a thionól leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann.

#### 3.1 Srianta Poiblí ar an iomaíocht a Shainiú

Tá sé d'éifeacht ag srianta poiblí ar an iomaíocht go gcuireann siad iallach ar thomhaltóirí níos mó a íoc as seirbhísí. Méadaíonn siad costais ionchur gnó sa chaoi gur lúide dá mbarr an iomaíocht ghnó. Ceadaíonn siad d'earnálacha an gheilleagair atá faoi fhothain áis saor in aisce a dhéanamh de na hearnálacha atá gan chosaint agus laghdaíonn siad táirgiúlacht agus fás sa gheilleagar ina iomláine. Dá bhrí sin tá sé thar bheith tábhachtach go saineofaí agus go nglanfaí chun siúil srianta poiblí ar an iomaíocht.

I 2008 lean an tÚdarás Iomaíochta leis ag mhúscailt feasachta agus ag bolscaireacht chun dlíthe agus chun rialacháin fhrithiomaíochta a chur ar neamhní. Cé go bhfuil srianta príobháideacha (.i. comhaontuithe frithiomaíochta agus cairtéil) níos feiceálaí do thomhaltóirí, ar deireadh thiar is ionann an toradh – níos lú luach ar airgead, níos lú rogha do thomhaltóirí agus costais níos airde do idir thomhaltóirí agus ghnó.

Tá liosta iomlán in Aguisín C d'aighneachtaí foirmeálta a rinne an tÚdarás Iomaíochta i 2008. Orthu sin tá líon aighneachtaí a cuireadh chuig Ranna Rialtais agus chuig chomhlachtaí eile Stáit mar fhreagairt ar ar dúradh i bpróisis chomhairliúcháin phoiblí. Mar shampla chuir an tÚdarás Iomaíochta aighneachtaí chuig Ghrúpa Comhairleach an Rialtais um Alcól maidir le hathbhreithniú ar *Reachtaíocht a Rialaíonn Díolachán agus Tomhaltas Alcóil* agus chuig an Roinn Sláinte agus Leanaí maidir le Rialúcháin Ghnó

Cógaisíochta arna mbeartú. Tá cóipeanna de aighneachtaí an Údaráis Iomaíochta ar fáil ag suíomh idirlín an Údaráis Iomaíochta, [www.tca.ie](http://www.tca.ie). Tá achoimre ar aighneacht an Údaráis Iomaíochta chuig Ghrúpa Comhairleach an Rialtais um Alcól léirithe thíos faoi.

### **Aighneacht an Údaráis Iomaíochta chuig Ghrúpa Comhairleach an Rialtais um Alcól**


In Eanáir 2008 bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an Grúpa Comhairleach (Grúpa Comhairleach um Alcól) chun gnéithe tábhachtacha den dlí a rialaíonn díolachán agus tomhaltas alcóil a iniúchadh. Ar na saincheisteanna a d'iniúch an Grúpa Comhairleach um Alcól bhí:

- an méadú ar líon na n-ollmhargadh, siopaí áise agus stáisiúin pheitрил le heisceadúnais agus modh agus coinníollacha díolachán táirgí alcóil ina leithéidí de asraonta ar a n-áirítear díolachán faoi chostas an aonaid agus seifteanna spreagtha díolacháin;
- an méadú ar líon na n-orduithe díolúine speisialta atá áitribh ceadúnaithe ar fuaid na tíre a fháil lena gceadaítear síneadh ama a chur leis na huaireanta oscailte; agus,
- úsáid, dóthanacht, agus éifeachtúlacht na bpionós atá ann faoi láthair go háirithe iadsan atá dírithe ar thomhaltas iomarcach alcóil agus ar an troid in aghaidh tomhaltas alcóil ag daoine atá faoi bhun na haoise ceadaithe.

Dhírigh aighneacht an Údaráis Iomaíochta ar an gcéad chás dar luadh ansin agus pléadh inti na himpleachtaí ba thoradh ar shrianta a chur ar phraghas alcóil in áitribh eisceadúnaithe.

Ag breathnú dó ar threochtaí deireanacha maidir le praghas agus le tomhaltas alcóil fuair an tÚdarás Iomaíochta amach go raibh titim de 3% ar phraghas an alcóil a bhí ar díol ag gnóthaí eistrádála idir Márta 2006 agus Nollaig 2007, ón uair a díothaíodh an tOrdú Grósaera i Márta 2006. Chinn an tÚdarás Iomaíochta áfach nár chuir sin leis an tomhaltas alcóil tríd is tríd; bhí titim iarbhair ar thomhaltas alcóil in aghaidh an duine 15 bliana d'aois agus níos sine ó 13.36 lítir i 2006 go 13.19 lítir i 2007, agus bhí cuar na treochta ag teacht anuas ó bhuaicphointe de 14.09 lítir in aghaidh an duine 15 bliana d'aois agus níos sine i 2001.

### Léiriú 3.1 Tomhaltas Alcóil in aghaidh an Duine 15 Bliana d’aois agus níos Sine, 2000-2007



Foinse: Grúpa Comhairleach an Rialtais um Alcól, Aighneacht an Údaráis Iomaíochta, S/08/001, Eanáir 2008, Ich. 5.

Léirigh aighneacht an Údaráis Iomaíochta gurbh é an toradh a bheadh ar chosc ar dhíolachán faoi bhun chostas aonaid nó ar rialacháin i leith praghas íosta go gcuirfí chun cinn agus go gcosnófaí corrlaigh dhíoltóirí alcóil, go bpionósófaí an tomhaltóir measartha agus go mbeifí ag gníomhú contrártha don aidhm tomhaltas iomarcach an alcóil a laghdú. D’aibhsigh an tÚdarás Iomaíochta freisin na deacrachtaí praiticiúla ar casadh air iad le linn dó bheith ag iarraidh pleán dá leithéid a chur i bhfeidhm.

De mhalairt air sin d’áitigh an tÚdarás Iomaíochta dá mba amhlaidh go raibh sé ar intinn an Rialtais praghas alcóil a mhéadú d’fhonn daoine a chur óna thomhaltas gurbh fhearr a d’aimseofaí an sprioc sin trí cháin (agus go sonrach trí cháin mháil) agus go bhféadfaí praghsanna a ardú ar an dóigh sin agus d’fhabhródh an t-ioncam don Státchiste seachas do dhíoltóir an alcóil.

Chuidigh aighneacht an Údaráis Iomaíochta leis an rath a bhí ar an dtoirmeasc ar chóras den chineál ordú grósaera “groceries order” a thabhairt isteach in athuair le haghaidh táirgí alcóil. Níor mhol an tÚdarás Iomaíochta go dtabharfaí isteach toirmeasc ar dhíolachán faoi bhun aonad costais nó ar rialachán praghas íosta alcóil.

### 3.2 Comhairle maidir le Reachtaíocht, le Rialachán agus le Saincheisteanna Iomaíochta arna mbeartú

Tugann an tAcht Iomaíochta 2002 feidhm sonrach don Údarás Iomaíochta, is é sin comhairle a thabhairt don Rialtas, d’Airí agus d’Airí Stáit maidir le himpleachtaí na reachtaíochta atá beartaithe ar an iomaíocht. Le linn dó an fheidhm seo a fheidhmiú aibhsíonn an Rialtas go tráthrialta a bhuarthaí i leith na hiomaíochta agus iarrann sé teacht roimh aon iarmhairtí diúltacha ar thomhaltóirí agus ar an ngeilleagar go ginearálta.

De bhreis ar thuairim a nochtadh faoi dhréacht-reachtaíocht shonrach agus ar aighneachtaí foirmeálta poiblí a dhéanamh, cuireann an Údarás Iomaíochta

comhairle ar fáil do Ranna Rialtais agus do ghníomhaireachtaí pobail ar bhealaí eile agus i bhformáid éagsúla, a leithéidí cruinnithe, cumarsáid scríofa nó cumaisc den dá rud. I 2008 chomhairligh an tÚdarás Iomaíochta Ranna Rialtais maidir le go leor saincheisteanna a chuimsigh réimse leathan d'earnálacha eacnamaíoch, lena n-áirítear mar shampla:

- Chomhairligh an tÚdarás Iomaíochta Cumann Suirbhéirí Cairte maidir lena Chód Iompair do Shuirbhéirí Gnó agus do Shuirbhéirí Cainníochta agus chuir in iúl dó nár dóigh go gcoiscfeadh, go srianfadh nó go saobhfadh na forálacha a bhí ann an iomaíocht.
- D'ullmhaigh an tÚdarás Iomaíochta tuarascáil don Aire Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta, i ndiaidh chinneadh Stiúrtóireacht Iomaíochta an AE a thoirmisc MasterCard óna tháille idirmhalartaithe iltaobhach a ghearradh ar mhiondíoltóirí chun idirbhearta MasterCard a éascú. Cuireadh fios ar chomhairle an Údaráis maidir le himpleachtaí na ngníomhaíochta seo ar an mhiondíoltóir in Éirinn. Thuairiscigh an tÚdarás Iomaíochta nach raibh súil leis go mbeadh mórán tionchair ar an tráchtáil ag an gcinneadh laistigh den AE de bhrí nár bhain an táille idirmhalartaithe iltaobhach (TII) ach le 5% de thrácht iomlán MasterCard laistigh den AE. Ní dhéanann an Cinneadh difear do mhuirir a ghearrann baill MasterCard in Éirinn ar mhiondíoltóirí Éireannacha Tá MasterCard i mbun cainteanna leanúnacha leis an gCoimisiún maidir le leigheas oiriúnach.

### **Rialachán Éifeachtúil in a Cheapadh in Éirinn**

Léirigh Declan Purcell, Comhalta an Údaráis Iomaíochta agus Stiúrtóir Roinn na gCumasc roinnt saincheisteanna tábhachtacha maidir le rialachán éifeachtúil a cheapadh in Éirinn in óráid a rinne sé ag ócáid an Chéad Athbhreithnithe Bhliantúil ar Chúrsaí Rialúcháin Éireannacha i mBaile Átha Cliath, i nDeireadh Fómhar 2008. Seo a leanas leagan eagraithe den óráid; tá an leagan iomlán ar fáil ag [www.tca.ie](http://www.tca.ie).

#### **Défhíús poiblí maidir le rialachán**

Tá teannas míshuaimhneach ag gabháil le próiseas bunaithe rialtóirí in Éirinn. Ar an gcéad dul síos níl sé soiléir i ngach cás go ndearnadh dóthain mhachnaimh faoi an bhfuil gá le comhlacht nua rialúcháin. Go minic dealraíonn sé nach bhfuil ann ach frithghníomh i ndáil le corraíl éigin sa phobal atá cúpláilte le drogall ó thaobh na Roinne Rialtais ábhartha creat rialúcháin nua a chruthú a dtitfeadh a fheidhmiú air féin ina dhiaidh sin. Samhlaítear gurbh fhearr i bhfad comhlacht neamhspleách rialúcháin a bhunú agus é bheith i bhfad i bhfad ón Roinn lena mbaineann.

Ach ansin ní túisce é bunaithe ná go dtosaítear de réir dealraimh ag cur ceisteanna maidir le cuntasacht agus le feidhmíocht an rialtóra agus déantar líomhaintí nach bhfuil sé/sí ag cur i gcrích an obair atá sé ceaptha a dhéanamh nó go bhfuil sé/sí imithe ó smacht "out of control". Cruthaíonn sin míshuaimhneas ar a sheal in intinní lucht ceaptha polasaithe agus braitheann siadsan go bhfuil sé d'oibleagáid orthu bealaí a chruthú chun smacht a fháil arís ar an rialtóir cibé acu trína chur ar chumas Airí teoracha polasaí a eisiúint nó trí bhíthin meán eile.

Sa chomhthéacs sin thug an tAire Airgeadais reatha faoi deara i 2007 go bhfuilimid imithe ábhairín rófhada síos an bóthair – níl mé ag caint anois faoin

Roinn Dlí agus Cirt, ach ar fud réimse gnó an Rialtais – ó thaobh gníomhaireachtaí agus comhlachtaí a bhunú nach bhfuil ach céim amháin amuigh ón Rialtas agus ar féidir leis an Rialtas ansin an fhreagracht as cúrsaí áirithe a stiúradh a aistriú dóibh. “we have gone down the road a little too far – I am not talking about the Department of Justice, but right across the range of Government business – of setting up agencies and bodies at one remove from the Government to whom the Government can then abdicate responsibility for dealing with certain matters.”

Bhí tuairim an Aire le sonrú arís i bhfocail na Tuarascála ar Athbhreithniú ar Bhainistíocht Phoiblí an ECFE (an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta) inar dearbhaíodh nár laghdaigh aon tír líon a gníomhaireachtaí go suntasach le blianta beaga anuas iarbhír. I ndáiríre bunaíodh roinnt comhlachtaí rialúcháin nua in Éirinn ó gheall Páipéar Bán an Rialtais, Rialáil níos Fearr, i 2004 nach mbunófaí comhlachtaí dá leithéid mura raibh an cás ar a son an-láidir.

Ina bhuiséad don bhliain 2009 chinn an tAire go ndéanadh sé cumasc de nó go ndíothódh sé 41 ghníomhaireacht mar chéad chéim i dtograí réasúnaithe “first round of rationalisation proposals”, gníomh a thug chun suntais go raibh cur chuige an Rialtais maidir leis an tsaincheist múnlaithé ar shraith phrionsabal treorach lárnach. Cuimsítear sraith phrionsabal a bhfáilteodh formhór na ndaoine leo. An bhéim a chur ar an mbunchaidreamh idir an saoránach agus an Stát maidir le soláthar seirbhísí poiblí den scoth.

- Ba chóir do Ranna Rialtais bheith ina bpríomhfhoinsí maidir le foirmlíú polasaí poiblí agus maidir le comhairle a thabhairt d’Airí.
- Tá sé iomchuí áfach go mbeadh gníomhaireachtaí faoi leith ag feidhmiú feidhmeanna áirithe i gcás go bhfuil éileamh ar scileanna agus ar shaineolas speisialtóra.
- Ba chóir dúbláil agus dul thar a chéile i ndáil le feidhmeanna gníomhaireachtaí a dhíothú.
- Ba chóir ábharthacht leanúnach na ngníomhaireachtaí a mheas agus a ath-mheas ar bhonn leanúnach chun a fháil amach an bhfuil an aidhm a bhíodhas ag iarraidh a bhaint amach tráth a mbunaithe fós ábhartha nó an bhfuil sé inbhainte amach.

### **Neamhspleáchas i gcoinne Cuntasachta**

Tá ceist shuimiúil ann maidir le neamhspleáchas agus cuntasacht. An bhfuil an dá choincheap sin ag réiteach lena chéile? Cloistear go leor cainte faoi gur call do rialtóirí bheith cuntasach “be accountable”. Cad tá i gceist againn leis seo, go beacht, ó tharla go gcuirimid comhlachtaí dá leithéid ina suí freisin le go mbeidh siad neamhspleách “independent”? Neamhspleách ar céard, d’fhéadfá a fhiafraí? Go réadúil níl formhór na gcomhlachtaí rialúcháin chomh neamhspleách agus a mhaíonn go bhfuil siad ná, ar ndóigh, agus a maíodh i bhfocail bhreátha a dúradh tráth a mbunaithe go mbeadh siad.

Cloistear go leor cainte freisin faoi rialtóirí a dhéanamh níos cuntasáí “more accountable”. Céard a thuigimid leis an téarma sách míshoiléir agus ilghnéitheach seo? Caithfidh sé go dtuigimid leis ar a laghad go bhfuil rialtóir freagrach do dhuine éigean maidir le hairgead a caitheadh, maidir le luach ar an airgead sin agus maidir le caighdeáin feidhmíochta atá leagtha amach go soiléir a bhaint amach. A bheith cuntasach, ní hionann sin ar an lámh eile agus a bheith ciaptha mar gheall ar chinneadh a rinneadh a d’fhéadfadh bheith ceart ach nach nglactar leis go fonnmhar.

Is é an deacracht go minic nach bhfuil na caighdeáin agus na torthaí a

bhfuiltear ag súil leo ó chomhlacht rialúcháin leagtha amach sách soiléir in áit éigin chun tabhairt ar an gcomhlacht sin bheith freagrach ar mhodh cothrom. Go hidéalach ba chóir go mbeadh an áit éigin sin sa reachtaíocht. Ach ar a laghad ba chóir go mbeadh sé i Meamram Tuisceana idir an Aire lena mbaineann agus Rialtóir. Ní móide gur leor spriocanna féinsocraithe agus dréimeanna i Ráitis Straitéise atá ullmhaithe ag na Rialtóirí féin.

Cháin Athbhreithniú an ECFE go háirithe an easpa maidir le tuairisciú agus monatóireacht leanúnach ar an bhfeidhmíocht idir gníomhaireachtaí agus na Ranna atá á n-urrú. Cé gur trí tuarascálacha bliantúla freisin a thuairiscítear spriocanna feidhmíochta agus cé go dtuairiscítear iad i gcásanna áirithe le rannóga líne ar bhonn neamhfhoirmeálta, ní fheictear go bhfuil comhrá fadtéarmach foirmeálta ar síúl idir rannóga agus gníomhaireachtaí maidir le feidhmíocht ghníomhaireachta "Although reporting on performance targets also takes place through annual reports, and in some cases with line departments on an informal basis, there does not seem to be a long-term formal conversation between departments and agencies on agency performance."

### **Na rialaithe - aon chéim chun tosaigh i gcónaí?**

Ó thráth go chéile éilíonn leasanna táirgeora rialachán nua ar mhaithe leis an bpobal "in the public interest" nó ar mhaithe le tomhaltóirí "in the interests of consumers". Ba chóir dúinn bheith cúramach maidir le héilimh dá leithéid go háirithe i gcás gur de chineál eacnamaíoch atá an rialachán a lorgaítear. Is maith a d'fhéadfadh córas nua rialúcháin dul chun sochair do leasanna eacnamaíocha na dtáirgeoirí iarbhir agus chun dochar do thomhaltóirí. Tagann foireann nua fhórsaí isteach san imirt nuair a bhunaítear córas rialúcháin. Is cuma a fheabhas atá comhlacht rialúcháin ag obair rialúcháin ní bheidh an oiread faisnéise ar fáil dó choidhchin agus atá ar fáil do na heintitis atá sé ag iarraidh a rialú. An toradh atá air sin is ea: cé go bhfuil an chumhacht dhlíthiúil fhoirmeálta ag an rialtóir is iad príomh-imreoirí an mhargaidh a chinnteoidh an oibriúcháin agus na torthaí "while the formal legal power is held by the regulator, the operation and outcomes are often determined by the leading market players". Dá bhrí sin in go leor cásanna caitheann rialtóirí go leor dá gcuid ama ag iarraidh coinneáil suas leis an imirt, rud a dhéanann an jab thar bheith deacair. An bhfuiltear ag súil leis an iomarca mar sin ó chomhlacht rialúcháin má tá súil leis go gcoinneodh sé chun tosaigh ar an imirt agus go rialódh sé go héifeachtúil? Níl ar chor ar bith – braitheann sé go hiomlán ar an rud a bhfuil súil againn leis ó rialtóirí a leagan amach go soiléir agus gan chuspóirí agus chaighdeáin taibhsiúla do-aimsithe a bhrú orthu.

### **An cóir go mbeadh comhlachtaí rialúcháin poiblí "public" i gcónaí?**

Is iomas nádúrtha go gcaithfidh rialachán, de réir a shainmhíniú, bheith curtha i bhfeidhm i gcónaí ag comhlacht seirbhíse poiblí. Ach smaoinigh air seo – más ag iarraidh iompar daoine a rialú atáthar, d'fhéadfaí ar a laghad breathnú ar fhoirmeacha áirithe rialacháin mar sheirbhísí poiblí ar beag a n-éagsúlacht le haon seirbhísí poiblí eile i bprionsabal. An bhfuil aon fáth nach bhféadfadh comhlacht ó thaobh amuigh den earnáil phoiblí go leor feidhmeanna rialúcháin a fheidhmiú i bprionsabal? Cheana féin tá iarratas ar thairiscintí phríobháideacha i leith roinnt feidhmeanna rialúcháin – clampáil feithiclí agus seirbhís TNG (Tástáil Náisiúnta Gluaisteán) eisithe againn. Cibé barúil atá agat de do fheithicil bheith clampáilte nó de theip ar thástáil TNG ní fhéadfadh duine ar bith a dhiúltú go mbíonn torthaí éifeachtacha agus éifeachtúla ar na córais seo. Agus mheasfá nach bhfuiltear ag cailliúint airgid ag soláthar na seirbhísí sin – cibé acu airgead as an gciste poiblí nó airgead na gcuideachtaí lena mbaineann atá i gceist.

Chomh fada is atá dréimeanna an Stáit sonraithe go soiléir, maille le caighdeáin feidhmíochta le héilimh ghéara, nárbh fhearrde an chuntasacht an conradh a chailliúint an chéad uair eile a dhéantar conradh!

Is minic a chloistear daoine ag éileamh go seolfaí na comhlachtaí rialúcháin go Fia fuinidh – is é sin le rá gur chóir téarma a chur lena saolta nuair a oireann. Ní fhéadfaí bheith ag súil leis go rachadh comhlacht rialúcháin go dtí Fia fuinnidh agus go n-imeodh sé ón saol dá dheoin féin – ach dá ndéanfaí athbhreithniú tráthrialta ar chonradh rialúcháin ba dhóiche i bhfad go dtarlódh sin i ndáiríre.

### **Rialachán Neamhspleách i gcoinne Féinrialúcháin**

Cé gur chomhairligh an tÚdarás Iomaíochta Rannóga go leanúnach nár chóir comhlachtaí rialúcháin nua a bhunú ach sa chás sin amháin gur féidir a thaispeáint go bhfuil dianghá lena mbunú agus nach bhfuil aon dara rogha ann, fághtar mar sin muid le fadhb an fhéinrialacháin. Cás áirithe a léiríonn sin is ea gairm an dlí atá gar do bheith féinrialaithe den chuid is mó. Is léir ónar thit amach le blianta beaga anuas nach bhfuil féinrialúcháin ghairm an dlí in Éirinn ag oibriú mar is ceart agus gurb é an t-aon bealach ar aghaidh comhlacht rialúcháin neamhspleách a chruthú agus a gníomhaíochtaí a rialú. Is é sin atá molta ag an Údarás.

## **3.3 Anailís ar cén chaoi a Oibríonn an Iomaíocht in Earnálacha Áirithe**

### **Tionscadal Monatóireachta an Ghrósaera**

Tar éis dhíothú an Ordaithe Ghrósaera i Márta 2006, d'iarr an tAire Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta ar an Údarás Iomaíochta -

*aithbhreithniú agus monatóireachta a dhéanamh ar cheird na grósaereachta chomh fada amach sa todhchaí agus ab fhéidir a bhreathnú féachaint cén chaoi a bhfreagródh sé don chomshaol reachtach nua "to review and monitor the structure and operation of the grocery trade for the foreseeable future to see how it responds to the new legislative environment".*

Rinneadh mionléiriú breise ar an iarratas i gComhaontú Crea Comhpháirtíochta Sóisialta an Rialtais, *I dtreo 2016 "Towards 2016"*, a foilsíodh i Meitheamh 2006.

I 2008 d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta mar chuid den Tionscadal Monatóireachta Grósaera trí cinn de thuarascálacha a d'iniúch -

- struchtúr agus iomaíocht mhargaidh ag leibhéal an mhiondíola agus ag leibhéal an mhórdhíola,
- treochtaí praghsála miondíola, agus
- éifeachtaí an chórais phleanála ar leathnú agus ar theacht isteach ag leibhéal an mhiondíola.

D'éiligh aon mheasúnú ar thionchar an chomhshaoil nua rialúcháin ar struchtúir agus ar oibriúcháin earnáil na grósaereachta go mbeadh tuiscint ar an slabhra soláthar grósaereachta agus ar an gcaoi a d'éabhlóidigh sé agus na hoibreoirí éagsúla is cuid de in imeacht aimsire. D'fhonn inbhainistithe an

Tionscadail a éascú cinneadh ar dhíriú ar leibhéal mhiondíola agus mhórdíola earnáil na grósaeireachta ó 2001 go 2006.

Dá bhrí sin ba chur síos ba mhó a bhí sa chéad dá Thuarascáil. Cé go ndearnadh mion chur síos ar an iomaíocht ag leibhéal an mhiondíola agus ag leibhéal an mhórdhíola níor tairgeadh aon chonclúidí sna Tuascálacha maidir le cé acu a bhí nó nach raibh aon iompar nó cleachtas san earnáil ag sárú dlíthe iomaíochta na hÉireann nó an AE. Ní fhéadfaí aon chonclúidí dá leithéid a dhéanamh ach mar chuid de ghníomhaíocht imscrúdaithe agus forfheidhmithe arna déanamh ag an Údarás Iomaíochta agus arna cinneadh ag na Cúirteanna.

### **Tuarascáil Mhonatóir Grósaeireachta Uimh. 1**

Foilsíodh an chéad Thuarascáil, *A Description of the Structure and Operation of Grocery Retailing and Wholesaling in Ireland: 2001 to 2006*, an 9 Aibreán 2008 agus rinneadh cur síos ann ar struchtúr margaidh ag leibhéal miondíola agus ag leibhéal mórdhíola earnáil ghrósaeireachta na hÉireann.

Seo a leanas fionnachtana anailís an Údaráis:

#### An Earnáil Mórdhíola

- Dealraíonn go bhfuil an-dlús ag baint le leibhéal na grósaeireachta den slabhra soláthar mórdhíola. B'ionann agus thart ar 80% de láimhdeachas mórdhíola na n-earraí grósaeireachta a gineadh sa Stát i 2006 láimhdeachas an dá saincheadúnóir-mórdhíoltóir is mó (Musgrave agus BWG).
- Níor tháinig athrú ar an ionad sa mhargadh a bhí ag na sé shaincheadúnóir-mórdhíoltóir idir 2001 agus ceann na bliana 2006, agus bhí scaireanna an láimhdeachais sách cobhsaí i gcaitheamh na tréimhse toisc nár tháinig aon saincheadúnóir-mórdhíoltóir nua go dtí an margadh; agus
- Is i dtreo níos mó comhtháthaithe le miondíoltóirí atá an treocht ag leibhéal an mhórdhíola.

#### Earnáil an Mhiondíola

- Tá an leibhéal miondíola den slabhra soláthar sách dlúth. B'ionann agus thart ar 35% de láimhdeachas miondíoltóra na n-earraí grósaeireachta atá comhtháite go hingearach agus a gineadh sa Stát i 2006 láimhdeachas an dá miondíoltóir comhtháite go hingearach is mó (Tesco agus Dunnes).
- Dúbláíodh nach mór líon na miondíoltóirí comhtháite go hingearach ó 2001 i leith agus b'ámhlaidh scéal le méid an spáis urláir a bhí in úsáid acu;
- Bhí a mhacasamhail d'fhás ag grúpaí comhcheangailte miondíoltóirí (m.sh. Centra, Spar) thar an tréimhse.
- Dealraíonn sé go bhfuil treocht fhadtéarmach i dtreo comhtháthaithe i struchtúr mhargadh an mhiondíola. Tá an cumas miondíola ag éirí níos dlúite in asraonta atá ag éirí níos mó ó thaobh méide de agus níos lú ó thaobh a líon de.
- Bhí titim de 44% ar líon na n-asraonta miondíola ar le miondíoltóirí neamhspleácha neamh-comhcheangailte iad idir 2000 agus 2006, rud a léirigh treocht níos fadtéarmaí san earnáil neamhspleách. Bhí titim de 63% ar líon na n-asraonta miondíola ar le miondíoltóirí neamhspleácha iad idir 1977 agus 2006.




## Tuarascáil Mhonatóir Grósaeireachta Uimh. 2

Foilsíodh an dara Tuarascáil, *Price Trends in the Irish Retail Grocery Sector: A Description of the Evolution of Retail Grocery Prices between 2001 and 2007*, ag an am céanna agus Tuarascáil uimh. 1 agus soláthraíodh inti cur síos ar threochtaí praghsála miondíola san earnáil ghrósaeireachta ó 2001 go 2007.

Ar cheann d'éifeachtaí an Orduithe Grósaera<sup>14</sup> bhí gur chuir sé teorainn leis an iomaíocht i leith praghsanna i measc miondíoltóirí. Go sonrach, toirmisceadh miondíoltóirí ó earraí a dhíol faoin bpraghas sonraisc glan a bhí socruithe ag na soláthraithe. Chuir sin teorainn leis an oiread agus ab fhéidir le miondíoltóirí tomhaltóirí a mhealladh le seifteanna spreagtha díolacháin lenar laghdáíodh praghsanna, trí choir a dhéanamh de dhíolúintí sonraisc a chur ó mhiondíoltóir go chéile. I bhfianaise an tionchair dhírigh ar thomhaltóirí, rinne an tÚdarás Iomaíochta anailís ar threochtaí comhiomlána i ndáil le praghsanna grósaeireachta miondíola. Déantar achoimre i Léiriú 3.2 ar éabhlóid phraghsanna míreanna Ordú Grósaera (OG), míreanna Ordú Neamh-Ghrósaera (Neamh-OG), agus earraí agus seirbhísí tomhaltóirí uile (CPI) thar an tréimhse Aibreán 2006 go Samhain 2007.

Léiriú 3.2 Treochtaí praghsais i ndáil le Míreanna Ordú Grósaera agus Míreanna Ordú Neamh-Ghrósaera i ndiaidh Aibreán 2006 (Aibreán 2006 = 100)



Foinse: *Treochtaí Praghsais in Earnáil Ghrósaeireachta na hÉireann: Price Trends in the Irish Retail Grocery Sector: Cur síos ar Éabhlóid Phraghsanna Grósaeireachta Miondíola idir 2001 agus 2007, A Description of the Evolution of Retail Grocery Prices between 2001 and 2007, Monatóir Grósaeireachta: Tuarascáil Uimh. 2, Márta 2008, lch.15.*

<sup>14</sup> Cúlghaireadh an tOrdú Grósaera an 20 Márta 2006.

Go ginearálta, don tréimhse idir Aibreán 2006 agus Samhain 2007 tháinig ardú ar phraghas:

- bhí ardú de 3.8% ar mhíreanna OG;
- bhí ardú de 4.0% ar mhíreanna Neamh-OG;
- bhí ardú de 3.6% ar mhíreanna grósaeireachta uile; agus,
- bhí ardú de 7.6% ar phraghas earraí agus seirbhísí tomhaltóra trí chéile.

Ach tá forbairtí codarsnacha laistigh de dhá fho-shraith shainithe ceilte faoi na treochtaí ginearálta seo.

Sa chéad áit i gcaitheamh na tréimhse naoi mí díreach i ndiaidh dhíothú an Ordaithe Ghrósaera dhealraigh sé go raibh an-difríocht idir iompar treochtaí praghais míreanna OG agus iompar treochtaí praghais míreanna neamh-OG. Bhí na treochtaí praghais ag bogadh ó chéile ar malairt treo; bhí praghais míreanna OG ag titim agus bhí praghais míreanna neamh-OG ag dul in airde. Dá bharr sin ba é an éifeacht láithreach a bhí ag díothú an Ordaithe Ghrósaera ath-choigeartú ar threocht praghais anuas do mhíreanna OG.

Sa dara áit, ó thús na bliana 2007 ba chosúil lena chéile treochtaí praghais míreanna OG agus treochtaí praghais míreanna neamh-OG; bhí an dá threocht ag dul in airde. I dtreo dheireadh na bliana 2007, bhú cuar an ardaithe i gcás praghais míreanna OG níos géire agus cuireadh sin i leith an ardaithe ar phraghsanna tráchtearraí domhanda i ndáil le táirgí áirithe talmhaíochta cosúil le cruithneacht.

### **Tuarascáil Mhonatóir Grósaeireachta Uimh. 3**

Foilsíodh an tríú Tuarascáil den Tionscadal Monatóir Grósaeireachta, *The Retail Planning System as Applied to the Grocery Sector: 2001 to 2007*, an 10 Meán Fómhair 2008 agus rinneadh iniúchadh ann ar an gcaoi ar féidir leis an gcóras pleanála tionchar a imirt ar chineál na miondíoltóirí grósaeireachta a thrádálann in Éirinn, ar na háiteanna a suitear iad, ar a mbíonn á thairiscint acu do thomhaltóirí agus ar na praghaisanna a íocann tomhaltóirí.

Deirtear sa Tuarascáil go gcuireann an córas pleanála bac ar an iomaíocht san earnáil mhiondála grósaeireachta d'ainneoin méadú ar líon agus fás ar mhéid na n-asraonta miondíola grósaeireachta in Éirinn ó 2001 i leith, agus go ndéanann sé sin ar thrí bhealach:

- srianta ar *mhéid* asraon miondíola grósaeireachta;
- srianta ar *cá háit* is féidir asraon miondíola grósaeireachta a shuí; agus,
- is féidir go n-ardóidh *neamhchinnteacht* maidir le cead phleanála an costas agus go gcuirfidh sé moill ar theacht asraon nua miondíola.

Rinneadh seacht moladh sa Tuarascáil le cur chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Chun na moltaí seo a chur i bhfeidhm ní theastaíonn athrú drámatúil ar pholasaí pleanála na hÉireann ach ath-choigeartú ar fhócas an chórais le gur fearr a dhéanfar freastal ar shaincheisteanna iomaíochta agus tomhaltóra.

Seo a leanas na seacht moladh a bhaineann le hoibriúchán agus le cur i bhfeidhm an chórais phleanála mhiondíola:

- uasteorainneacha ilchuimsitheach ar spás miondíola grósaeireachta a dhíothú;
- deireadh a chur leis an idirdhealú i ndáil le siopaí lascaine;

- an bhéim a cuireadh ar iar-réamh-mheastacháin, ar riachtanais spás urláir a dhíbirt;
- go mbeadh measúnú ar an iomaíocht ina chuid de sheiceálacha ar phleananna forbartha áitiúla;
- a aithint go dtéann an iomaíocht ó ionaid mhiondíola nua chun sochair do thomhaltóirí áitiúla;
- suirbhé foirmeálta a dhéanamh ar thomhaltóirí maidir le cén dearcadh atá acu ar mhéid na siopaí agus ar na méideanna ab fhearr leo;
- taighde breise ar bhealaí chun achomhairc achrannacha a dhéanann iomaitheoirí a theorannú.

### **Staidéir Ghairmeacha**

O 2002 i leith bhí an tÚdarás Iomaíochta gafa le sraith staidéar tábhachtach ar an iomaíocht in 8 ngairm faoi leith d'fhonn an chaoi a n-oibríonn an iomaíocht sna gairmeacha sin a iniúchadh agus chun iompar a choisceann an iomaíocht, fiú murar sárú ar dhlí na hiomaíochta é, a aithint. D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta an séú tuarascáil sa tsraith seo i 2008, is é sin Tuarascáil na gCleachtóirí Tréadliachta. Tá cóipeanna den Tuarascáil ar fáil ar shuíomh idirlín an Údaráis Iomaíochta, [www.tca.ie](http://www.tca.ie). Tá an staidéar deireanach sa tsraith seo – Staidéar ar an Iomaíocht sa Ghairm Leighis (Liachleachtóirí Ginearálta) – ceaptha bheith críochnaithe i 2009.<sup>15</sup>

### **Cleachtóirí Tréadliachta - Tuarascáil Deireanach**

Foilsíodh Tuarascáil Deireanach an Údaráis Iomaíochta ar an Iomaíocht i nGairm na Tréadliachta an 19 Meitheamh 2008. Deirtear sa Tuarascáil go bhfuil fós roinnt athchóirithe de dhíth má tá tomhaltóirí agus an pobal talmhaíochta níos leithne chun sochar a fháil i ndáiríre ón iomaíocht, cé go bhfuil cuid mhaith den bhealach i dtreo ghairm na tréadliachta a fhreacnairciú curtha di ag reachtaíocht a rinneadh le deireanas.

Mar shampla chuirfeadh rialacha a rinne an Chomhairle Tréadliachta bac ar thréadlianna chun dul in iomaíocht lena chéile; go sonrath toirmisceann siad tréadlianna óna gcuid praghsanna a fhógairt nó ó dhíolúintí a thairiscint. Roghnaíonn níos mó tréadlianna dul i mbun cúram peataí seachas aghaidh a thabhairt ar obair feirme. Tá sin ag tarlú ag an am céanna a bhfuil tomhaltóirí ag éileamh níos mó dearbhaithe maidir le sláinte thréad beithígh agus caigdeáin inrianaitheachta níos airde. Tugann sin deis don Roinn Talmhaíochta agus Bia bealaí nua a aimsiú chun seirbhísí tábhachtacha tréadliachta a sholáthar a leithéid tástáil TB.

Tá cúig mholadh sa Tuarascáil a bhfuil sé d'aidhm acu an iomaíocht a fheabhsú agus córas rialúcháin nua-aimseartha a chosnaíonn sláinte ainmhithe agus an phobail i gcoitinne a chinntiú, le linn dó luach ar airgead a sholáthar do thomhaltóirí.

Seo iad na cúig mholadh:

- monatóireacht a dhéanamh ar líon na dtréadlianna a sholáthraíonn seirbhísí ainmhí bia;
- plé a dhéanamh ar chóras tástála TB faoi chúram tuataí a thabhairt isteach;
- deireadh a chur le srianta neamhriachtanacha ar sheirbhísí fógraíochta;
- deireadh a chur le srianta ar stocaireacht; agus

<sup>15</sup> Cé go bhfuiltear ag iniúchadh ocht gcinn de ghairmeacha ní fhoilseofar ach seacht dtuarascáil, toisc go ndearnadh tuairisc ar Aturnaetha agus Abhcóidí i dtuarascáil amháin ar Ghairm an Dlí "Legal Profession".

- a ligean do chomhlachtaí corparáideacha seirbhísí tréadliachta a sholáthar.

Tá sé d'aidhm ag na moltaí breis fhaisnéise a thabhairt do thomhaltóirí agus don eanáil talmhaíochta maidir le praghas seirbhísí tréadliachta; spreagann siad tréadlianna chun seirbhísí nua agus feabhsaithe a sholáthar do gach tomhaltóir deiridh, idir fheirmeoirí agus dhaoine nach iad; agus soláthraíonn siad an foras chun soláthar dóthanach de sheirbhísí tréadliachta a chinntiú sa Stát ar bhonn fadtéarmach.

### 3.4 Feasacht ar Iomaíocht a Mhúscailt

Fuasclaíonn an tÚdarás Iomaíochta feasacht go leanúnach ar an ról dearfach atá ag iomaíocht éifeachtúil sa gheilleagar. Bíonn comhaltaí agus foireann an Údaráis Iomaíochta ar a ndícheall ag iarraidh feasacht a chur chun cinn agus aird a tharraingt ar shaincheisteanna sonracha trí dheiseanna óráidíochta poiblí, trí bheith ina n-óstaigh do sheimineáir, trí aithisc a thabhairt ag comhdhálacha agus trí na meáin, mar shampla thug Comhaltaí agus foireann an Údaráis Iomaíochta roinnt agallamh meán i 2008.

Rinne Comhaltaí agus an fhoireann óráidí agus aithisc maidir le cúrsaí iomaíochta os comhair réimse leathan éisteoirí in imeacht na bliana 2008. Tá liosta iomlán de na hórídí agus de na haithisc a rinneadh i rith na bliana in Aguisín D.

Leanadh ar aghaidh i 2008 le sraith sheimineár an Údaráis Iomaíochta a lainseáladh i 2005 chun tuiscint níos fearr ar shaincheisteanna reatha maidir le dlí na hiomaíochta agus leis an eacnamaíocht a chur chun cinn. Bíonn an tÚdarás Iomaíochta ina óstach do sheimineáir phoiblí le haoichainteoirí oirirce Éireannacha agus idirnáisiúnta. Tá sonraí na seimineár a rabhthas ina óstach dóibh leagtha amach i dtábla 3.1. Ina theannta sin ar an 22 Samhain bhí an tÚdarás Iomaíochta ina óstach do chomhdháil um Pionóis, Fhíneálacha agus Shocruithe i gCásanna Cairtéil: Forbairtí agus Bacadh san AE agus in Éirinn. Breithimh ón gCúirt Uachtarach agus ón Ard-Chúirt ba ea a mhodhnaigh an seimineár agus taiscéaladh roinnt ábhair lena linn. Tá na sonraí i dtábla 3.2 thíos.

Table 3.1 Seimineáir Sheachtracha an Údaráis Iomaíochta i 2008

<i>Dáta</i>	<i>Teideal</i>	<i>Cainteoirí</i>
6 Meitheamh	Páipéar Bán ar Chaingin chun Damáistí a Ghnóthú	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An Dochtúir Rainer Becker, Stiúrthóireacht Iomaíochta, Coimisiún na hEorpa</li> <li>• Fanny-Marie Brisdet; Comhairleoir Sinsearach Polasaí Rialtais, An Ísiltír</li> <li>• An Dochtúir Vincent Power, Comhpháirtí agus Ceann Grúpa Iomaíochta agus AE A&amp;L Goodbody</li> </ul>
1 Deireadh Fómhair	Trócaire Chairtéil	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An Dochtúir Kirtikumar Mehta, Stiúrthóir Cairtéal, Stiúrthóireacht Iomaíochta, Coimisiún na hEorpa</li> <li>• Peter McCormick, Oifig an Stiúrthóra um</li> </ul>

		<p>Ionchúisimh Poiblí</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Philip Andrews, Comhpháirtí agus Comhcheann Grúpa Iomaíochta, Margadh Rialaithe agus Dlí AE McCann FitzGerald</li> <li>David McFadden, Comhairleoir don Údarás Iomaíochta</li> </ul>
--	--	---

Tábla 3.2 Comhdháil um Pionóis, Fhíneálacha agus Shocruithe i gCásanna Cairtéil: Forbairtí agus Bacadh san AE agus in Éirinn.

<i>Ábhar</i>	<i>Modhnóir</i>	<i>Painéal/Cainteoir</i>
<b>Pionóis Chairtéil: Peirspictíocht an AE</b>	An Breitheamh Onórach John Cooke, iarbhréiteamh Chúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach agus breitheamh atá ainmnithe chuig an Ard-Chúirt	<ul style="list-style-type: none"> <li>Michael Collins, SC, Cathaoirleach na Comhairle Barra,</li> <li>Gerald Fitzgerald, Comhairleoir, McCann Fitzgerald,</li> <li>Donncadh Woods, Leas-Cheann Aonaid, Coimisiún na hEorpa, Iomaíocht DG</li> </ul>
<b>Eacnamaíocht Fíneálacha agus Pionós Cairtéil</b>	An Breitheamh Onórach Nicholas Kearns den Chúirt Uachtarach	<ul style="list-style-type: none"> <li>An Dochtúir Gregory Werden, Comhairleoir Sinsearach Eacnamaíoch, United States Department of Justice, Antitrust Division</li> </ul>
<b>Taithí Ballstáit ar Pionóis, ar Fhíneálacha agus ar Shocruithe</b>	An Breitheamh Onórach Niall Fennelly den Chúirt Uachtarach	<ul style="list-style-type: none"> <li>An tArd-Aighne Paul Gallagher, SC,</li> <li>Ali Nikpay, Stiúrthóir Sinsearach, Polasaí, Oifig Chóirthrádála,</li> <li>Monique van Oers, Stiúrthóir, Roinn Dlí, Údarás Iomaíochta na hÍsiltíre</li> </ul>

### 3.5 Láithrithe os comhair Coistí Oireachtais

Bhuail Cathaoirleach an Údaráis Iomaíochta leis an gComhchoiste Oireachtais um Fhiontar, Thráchtáil agus Fhostaíocht an 19 Márta 2008 chun obair an Údaráis Iomaíochta a phlé. Láithrigh an Cathaoirleach os comhair an Choiste céanna an 29 Deireadh Fómhair 2008 chun trí thuarascáil an Údaráis Iomaíochta ar an Earnáil Ghrósaeireachta a phlé. Léirigh an Cathaoirleach an chaoi a raibh éifeacht fhrithiomaíoch ag Treoirlínte Pleanála Miondíola ar an earnáil agus an chaoi a dtairbheodh Treoirlínte Pleanála Miondíola tomhaltóirí trí níos mó iomaíochta a chothú i ndáil le grósaeireachtaí.

Láithrigh Cathaoirleach an Údaráis Iomaíochta dhá uair freisin os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Iompar. An 21 Bealtaine 2008 d'fhreastail an Cathaoirleach ar chruinniú an Choiste mar ar pléadh an tionchar ba dhóigh a bheadh ar shrianta cainníochtúil ar cheadúnais tacsáí a thabhairt isteach in athuir. Ag an gcruinniú leag an tÚdarás Iomaíochta béim ar oiread na seirbhíse a rinneadh do thomhaltóirí nuair a cuireadh deireadh leis an

srianadh ar líon na tacsaithe agus ar an dochar a dhéanadh sé dóibh dá dtabharfaí isteach in athuair é.


An 8 Deireadh Fómhair 2008 láithrigh an Cathaoirleach os comhair an Choiste i ndáil le ghnéithe na hiomaíochta d'earnáil an bhreosla leachtaigh. Léirigh an Cathaoirleach don Choiste ionchúiseamh rathúil a rinneadh an tÚdarás, tríd an SIP i ndáil le cairtéal praghas-socraithe in Iarthar na hÉireann a bhain le hola téimh.

### 3.6 Iarthuarascálacha agus Iarmholtaí an Údaráis Iomaíochta

Rinne an tÚdarás Iomaíochta go leor moltaí chun an iomaíocht a fheabhsú in earnálacha éagsúla ar fud an gheilleagair. Cuireadh cuid de na moltaí sin i bhfeidhm ach tá go leor acu nach bhfuil curtha i bhfeidhm fós. Déanann an tÚdarás Iomaíochta faireachán leantach ar na comhlachtaí ar a bhfuil na moltaí dírithe d'fhonn a áitiú orthu iad a chur i bhfeidhm.

Is tuairisc Léiriú 3.3 ar staid na moltaí a rinneadh i sraith thuarascálacha a d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta ó 2004 i leith. <sup>16</sup> De na 158 moltaí a rinneadh go dáta, cuireadh 27% i bhfeidhm go huile, cuireadh 3% i bhfeidhm go páirteach agus tá an próiseas fós ar siúl i gcás 13% díobh.

Léiriú 3.3 Staid na Moltaí a rinneadh an tÚdarás Iomaíochta i Staidéir a Foilsíodh ó 2004 i Leith



Foinse: An tÚdarás Iomaíochta

Rinneadh roinnt athruithe in imeacht ama i roinnt réimsí a chuaigh chun sochar do thomhaltóirí, agus fáiltimid rompu – (m.sh. cheadaigh díothú an Ordaithe Grósaera do ollmhargaidh díolúintí a thairiscint; tá sé níos éasca anois do chustaiméirí bainc a gcuntais bhainc a aistriú; tá sé de rogha anois ag tomhaltóirí dul go dtí an fiacloir nó go dtí teicneoir cliniciúil fiacloireachta

<sup>16</sup> Cuireadh tús le roinnt de na staidéir seo i 2002 ach níor foilsíodh na tuarascálacha agus na moltaí deireanacha go dtí 2004.

chun fiacla bréige a fháil). Tiocfaidh sochair bhreise nuair a chuirfear i bhfeidhm na moltaí eile.

Bheadh feidhm aighneachta an Údaráis Iomaíochta níos éifeachtúla dá dtabharfadh an Rialtas freagra foirmeálta ar mholtaí foirmeálta an Údaráis. Maidir leis sin fáiltíonn an tÚdarás Iomaíochta roimh fhógra an Rialtais in *Building Ireland's Smart Economy: A Framework for Sustainable Economic Renewal* go bhfuil sé de rún aige freagra a fhoilsiú ar son an Rialtais ina iomláine, ar mholtaí i dtuarascálacha an Údaráis Iomaíochta laistigh de naoi mí i ndiaidh a bhfoilsithe "... *publish a whole-of-Government response to recommendations contained in reports of the Competition Authority within nine months of their publication.*"<sup>17</sup>

### **Staidéir Earnála**

Sa rannán a leanas tabharfar níos mó sonraithe faoi chur i bhfeidhm na moltaí i staidéir éagsúla an Údaráis Iomaíochta le blianta beaga anuas. Tá cur síos níos mine déanta ar Thuarascáil an Údaráis ar Cleachtóirí Tréadliachta i rannán 3.3. thuas.

### **Árachas Sláinte Príobháideach (2007)**

Foilsíodh an staidéar ar Árachas Sláinte Príobháideach i bhFeabhra 2007. Insan tuarascáil rinneadh 16 mholadh chun an iomaíocht i margadh an árachais sláinte phríobháidigh a chur chun cinn. Tá na moltaí ceaptha chun an iomaíocht i réimse an árachais sláinte phríobháidigh a chur chun cinn laistigh de theorainneacha na dlúthpháirtíochta ó ghlúin go glúin, is cuma cén chaoi a n-éabhlóidíonn an margadh. Tá roinnt mhaith de na moltaí curtha i bhfeidhm cheana féin agus foráiltear do roinnt eile sa an Bille Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008 a foilsíodh le deireanas. Mar sin tá an tÚdarás Iomaíochta ag súil leis go gcuirfear i bhfeidhm nach mór gach ceann dá mholtaí faoi cheann na bliana 2009. Is é an moladh is tábhachtaí nach bhfuil curtha i bhfeidhm go fóill an moladh gur chóir do VHI Healthcare scor de bheith ag cealú polasaithe árachas taistil i gcásanna ina n-athraíonn custaiméir ó VHI Healthcare go dtí árachóir sláinte eile.

### **Árachas (2005)**

Foilsíodh an Staidéar Árachais i Márta 2005 agus bhí 47 moladh ann: don Rialtóir Airgeadais (ISFRA) (36), don Roinn Iompair (4), don Roinn Airgeadais (1), do Bhiúró Árachóirí Gluaisteán na hÉireann (4), don tSeirbhís Chúirteanna/don Roinn Díl agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Díl (1) agus d'ídirghabhálaithe árachais i gcoitinne (1). Thug an Rialtóir Airgeadais aghaidh ar 21 mholadh agus tabharfaidh sé aghaidh ar mholtaí eile tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar na hidirghabhálaithe.

### **Baincéireacht (2005)**

Foilsíodh an Staidéar Baincéireachta i Meán Fómhair 2005 agus bhí 25 moladh ann: don Rialtóir Airgeadais (IFSRA) (3), don Roinn Airgeadais (6), d'Eagraíocht Seirbhísí Íocaíochta na hÉireann (IPSO) (10), do Chónaidhm Baincéirí na hÉireann (IBF) (4) agus na bainc (2). Chuir an Rialtóir Airgeadais, an Roinn Airgeadais, an IBF, agus IPSO 15 mholadh i bhfeidhm. Orthu sin bhí tabhairt isteach códmhalartuithe le haghaidh cuntais reatha agus athruithe ar rialachas chórais íocaíochta na hÉireann.

### **Staidéir na nGairmeacha**

---

<sup>17</sup> Rialtas na hÉireann (2008), *Building Ireland's Smart Economy: A Framework for Sustainable Economic Renewal*, lch. 51.

De bhreis ar na staidéir atá luaite thuas rinneadh an tÚdarás Iomaíochta staidéir agus d'fhoilsigh tuarascálacha ar na gairmeacha a leanas: Innealtóirí, Ailtirí, Aturnaetha agus Abhcóidí, Optaiméadraithe, Fiaclóirí, agus Cleachtóirí Tréadliachta. Beidh deireadh leis an tsraith i 2009 tráth a bhfoilseofar tuarascáil ar an iomaíocht i ngairm an leighis.

### **Innealtóirí (2004)**

Foilsíodh tuarascáil an Údaráis Iomaíochta ar Innealtóirí i Nollaig 2004. Chinn an tÚdarás Iomaíochta go raibh an iomaíocht i gcoitinne ag oibriú go maith agus ní dhearna ach dhá mholadh. Cuireadh i bhfeidhm an chéad mholadh: d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann (IIE) (Innealtóirí na hÉireann anois) go ndéanfaí níos trédhearcaí an creidiúnú le haghaidh céimeanna Innealtóireachta agus nach n-éileofaí go mbeifí ina bhall de IIE. Is ar an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil a bhí an dara mholadh dírithe, is é sin nár chóir aon rialachán breise a chur ar ghairm na hinnealtóireachta gan Anailís ar Thionchar Rialála (ATR) a dhéanamh, agus níor iarradh aon ghníomhaíocht sonrath ann.

### **Ailtirí (2006)**

Foilsíodh tuarascáil an Údaráis Iomaíochta ar Ailtirí i Márta 2006 agus bhí 11 mholadh inti agus tá sé cinn díobh sin curtha i bhfeidhm. Cuireadh i bhfeidhm trí cinn de mholtaí sonracha an Údaráis Iomaíochta go ndealófaí ó chéile ar mhodh níos soiléire feidhmeanna rialúcháin agus ionadaíochta Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI), a rinneadh i gcomhthéacs reachtaíochta atá anois san Acht um Rialú Foirgníochta, 2007.

Ach de réir an Achta is é an comhlacht ionadaíoch (RIAI) atá ina rialtóir reachtach i gcónaí. Chuir an tÚdarás Ardoideachais agus RIAI na moltaí a díriodh chucu i bhfeidhm sular foilsíodh an tuarascáil deiridh d'fhonn na roghanna oiliúna atá ar fáil do mhic léinn a mhéadú.

Níor cuireadh i bhfeidhm moladh do Chomhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo. maidir le ceangail árachais slánaíochta ghairmiúil rósriantacha i leith conartha poiblí. Éilíonn moltaí eile go mbeadh an Clár nua Ailtirí ann.

### **Optaiméadraithe (2006)**

Foilsíodh tuarascáil an Údaráis Iomaíochta ar Optaiméadraithe i Meitheamh 2006 agus bhí 5 mholadh ann a bhí dírithe chuig an Aire Sláinte agus Leanaí (2), chuig Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (1), chuig Bhord na Radharceolaithe/Chumann Optaiméadraithe na hÉireann (1), agus chuig an Údarás Ardoideachais (1). Chuir an tAire Sláinte agus Leanaí in iúl go gcuirfeadh i bhfeidhm an moladh gur chóir go mbeadh sé ina ghnáthamh oibre do Optaiméadraithe scrúduithe súile Státmhaoinithe a chur ar fáil do pháistí. Ar an dóigh chéanna tá súil leis go gcuirfeadh i bhfeidhm go gairid moltaí maidir le hionaid oiliúna optaiméadrachta a athbhreithniú agus maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar shrianta ar an bhfógraíocht. Tá dhá mholadh maidir le feidhmeanna agus le comhdhéanamh Bhord na Radharceolaithe fós gan bheith curtha i bhfeidhm. Déanann an tÚdarás Iomaíochta faireachán leantach ar cé acu atá nó ná bhfuil dul chun cinn déanta ar chur i bhfeidhm na moltaí.

### **Aturnaetha agus Abhcóidí (2006)**

Foilsíodh tuarascáil an Údaráis Iomaíochta ar ghairm an dlí .i. aturnaetha agus abhcóidí i Nollaig 2006. Bhí 29 moladh sa tuarascáil a bhí dírithe chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (13), an Cumann Dlí (3), Comhairle Bharra na hÉireann (13) agus na Máistrí Fómhais agus na Cláraitheoirí Contae (2). Tá seacht gcinn de na moltaí curtha i bhfeidhm go dáta, tá 17 a mbaineann a bhformhór le bunú agus le hoibriúchán córas neamhspleách rialacháin i ndáil le gairm an dlí nach bhfuil curtha i bhfeidhm.



Ina theannta sin rinneadh roinnt athchóirithe maidir le cúig mholadh ach ní dhearnadh an oiread a mhol an tÚdarás.

Tá athchóiriú déanta ar rialacha i leith fógraíochta i ndáil le haturnaetha agus le habhcóidí, ach is lú a mhéid i gcás abhchóidí. I Lúnasa 2008 thosaigh an Cumann Dlí ag tairiscint cúrsa dar teideal "Essentials in Legal Practice" gearrchúrsa a bheifí a thairiscint ar bhonn bliantúil d'fhonn aistriú go gairm an aturnae a éascú do habhcóidí.

Is den suntas áfach nach dtarlóidh an t-athchóiriú ó bhun go barr a moladh sa tuarascáil, a bhainfidh go háirithe le caighdeáin a leagan síos maidir le hoideachas agus le hiompar gairmiúil, mura dtéann an Roinn Dlí agus Cirt (nach bhfuil ach moladh amháin curtha i bhfeidhm aici) i mbun gníomhaíochta agus mura dtabharfar isteach Bille cuimsitheach um Sheirbhísí Dlí.

### **Fiaclóirí (2007)**

Foilsíodh tuarascáil an Údaráis Iomaíochta ar Fhiaclóirí i nDeireadh Fómhair 2007. Bhí 12 mholadh sa tuarascáil. Go dáta tá gairm nua dar teideal Teicneoir Cliniciúil Fiaclóireachta tugtha isteach agus tá na srianta maidir le fógraíocht fiaclóirí i bhfad níos scaoilte ná mar bhí, mar shampla, tá cead tugtha anois d'fhiaclóirí a gcuid praghsanna a fhógairt. Tá an Roinn Sláinte agus Leanaí ag cur Polasaí Náisiúnta Sláinteachas Béil nua chun cinn agus ar na téarmaí tagartha atá ann tá go dtabharfar aghaidh ar mholtaí an Údaráis Iomaíochta go ndéanfar athbhreithniú ar shrianta ar an bhfógraíocht, go leasófar chomhdhéanamh Chomhairle na bhFiaclóirí agus go méadófar líon na n-ionad oiliúna d'fhiaclóirí agus do lucht cúram béil gairmiúil nach iad.

### **Airgeadas**

Is trí dheontas bliantúil ón Roinn Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta a mhaoinítear an tÚdarás Iomaíochta. B'fhiú €6.78m. deontas an Údaráis Iomaíochta i 2008. Tá cuntais an Údaráis Iomaíochta faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ní dóigh go mbeidh iniúchadh chuntais na bliana 2008 críochnaithe go dtí an dara ráithe de 2009. Ag am scríofa na tuarascála seo áfach ba é an toradh sealadach neamhiniúchta don bhliain 2008 an caiteachas de €5.95m. Ba é ba mhó ba chúis leis an ngannchaiteachas gur tharla roinnt folúntas i rith na bliana. Shainigh an tÚdarás Iomaíochta i Meitheamh 2008 gannchaiteachas ionchasach de €720,000 mar fhreagairt ar iarratas a chuir an Rialtas chuig Ranna agus Ghníomhaireachtaí go ndéanfaí scrúdú criticiúil ar choigilteas ionchasach ar chaiteachas na bliana 2008. D'éascair €620,000 den tsuim seo as coigiltis phárolla arna n-aithint atá bunaithe ar fholúntais iarbhír agus ar fholúntais theilgthe foirne i rith na bliana 2008 agus d'éascair an chuid eile de as coigiltis theilgthe ar chaiteachas nach pá é. Is óna chionroinnt bhuiséid de €6.78m. a dhealaigh an tÚdarás Iomaíochta na coigiltis a aithníodh agus tugadh iad don Roinn Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta.

### **Saoráil Faisnéise**

Fuair an tÚdarás Iomaíochta ceithre iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise i 2008, trí cinn níos lú ná mar fuarthas i 2007. De chineál neamhphearsanta a bhí gach ceann de na ceithre iarratas. Tugadh chun críche an fhreagra ar thrí cinn de na hiarratais i 2008 agus tugadh an ceathrú ceann ar aghaidh go 2009. De na trí iarratas ar déileáladh leo deonaíodh ceann amháin go páirteach ach diúltaíodh roinnt doiciméad a chur ar fáil; diúltaíodh don dá iarratas eile. Ar na fáthanna gur diúltaíodh don iarratas na doiciméid a cheadú bhí nach raibh na taifid a iarradh ar an saol, gur de chineál rúnda a bhí na doiciméid a iarradh agus gurbh fhéidir go ndéanfaí dochar do éifeachtúlacht imscrúduithe an Údaráis Iomaíochta agus do chur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta dá gcuirfí taifid áirithe ar fáil.

### **Earcú**

Is é an tÚdarás Iomaíochta féin a earcaíonn an fhoireann de bhun Alt 39 den Acht Iomaíochta 2002. D'éagraigh an tÚdarás Iomaíochta trí chomórtas earcaíochta phoiblí i 2008 agus ceapadh ochtar chun na folúntais a tharla i 2007 nó i 2008 a líonadh. Ina theannta sin earcaíodh aon bhall foirne trí chomórtas earcaithe teoranta. Laghdaigh láimhdeachas foirne go mór i 2008 i gcomórtas leis an mbliain roimhe; d'ímigh ceithre bhall foirne agus d'ímigh trí bhall déag i 2007. Den cheathrar a d'ímigh i 2008, chuaigh beirt isteach in eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí, fuair duine amháin acu fostaíocht thar lear agus d'fhill an ceathrú duine ar an gcomhlacht poiblí as ar tháinig siad ar iasacht.

### **Gealltanais Idirnáisiúnta**

Bíonn an tÚdarás Iomaíochta gníomhach i réimse fóram idirnáisiúnta. Is ón ról atá aige i dteannta Choimisiún na hEorpa agus údaráis áitiúla i mBallstáit eile ag cur forálacha iomaíochta Chonradh CE i bhfeidhm a eascraíonn ról idirnáisiúnta an Údaráis. Glacann an tÚdarás Iomaíochta páirt i bhfóraim idirnáisiúnta eile chun an dea-chleachtas a chur chun cinn laistigh den

ghníomhaireacht agus d'fhonn coinneáil ar an eolas maidir le saincheisteanna iomaíochta a bhfuil réim uilechoitinn acu.

### **Líonra Iomaíochta na hEorpa (LIE)**

Tá ballraíocht i Líonra Iomaíochta na hEorpa éigeantach d'údaráis iomaíochta náisiúnta na mBallstát. Bunaíodh i 2004 é faoi réir ceangail i Rialachán CE 1/2003 chun comhoibriú ar fheidhmiú comhsheasmhach rialacha iomaíochta an Chomhphobail a éascú trí shocruithe i leith comhroinnt faisnéise, chúnamh agus chomhairliúcháin. Is é an aidhm atá ag LIE creat dlíthiúil éifeachtúil a thógáil chun dul i ngleic le cuideachtaí atá gafa le cleachtais thrasteorainneacha a chuireann srian ar an iomaíocht agus a dhéanann dochar do leas an tomhaltóra.

Is ionadaí na hÉireann an tÚdarás Iomaíochta le haghaidh comhairliúcháin le Coimisiún na hEorpa a bhaineann le cásanna agus le tionscnaimh forfheidhmithe i leith dhlí agus pholasaí na hiomaíochta. Sula nglacann an Coimisiún cinneadh maidir le mí-úsáid forlámhais nó maidir le cumasc atá beartaithe, tá sé de cheangal air Éisteacht ó Bhéal a thionól mar ar féidir le cosantóirí Pháirtithe an Chumaisc a thuairimí a nochtadh agus is féidir go mbunófar Coiste Comhairliúcháin mar ar féidir le gach Ballstát a thuairim a nochtadh dá bharr sin. De bhreis air sin téann an Coimisiún i gcomhairle le Ballstáit maidir le cleachtais forfheidhmithe, le treoir, le polasaithe agus le reachtaíocht arna mbeartú, a bhaineann le dlí agus polasaí an Choimisiúin. Comhlíonann an tÚdarás Iomaíochta an ról seo trí fhreastal a dhéanamh ar chruinnithe ina ndéantar cinntí agus ar chruinnithe nach iad agus trí anailísí cáis agus polasaí a chur chun cinn lena insintí ó bhéal agus lena scríbhinní. Ní dhéanann an tÚdarás freastal ar gach cruinniú ach díríonn na hacmhainní atá aige ar na cásanna sin is mó a bhíonn tionchar acu ar thomhaltóirí na hÉireann agus ar chruinnithe ag ardleibhéal mar a phléitear feidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach dhlí na hEorpa.

I 2008 d'fhreastail an tÚdarás Iomaíochta ar thrí cinn d'Éisteachtaí ó Bhéal le taobh ocht gcrúinniú Coiste Comhairligh faoi cheisteanna forfheidhmithe. Ghlac an tÚdarás Iomaíochta páirt freisin sna cruinnithe ginearálta ag ardleibhéal (cruinnithe Iomlánacha LIE agus cruinniú an Stiúrthóra Ghinearálta). Bhí an tÚdarás Iomaíochta gníomhach i gceithre cinn de na cúig Ghrúpa Oibre LIE agus i gcúig cinn den aon Fhoghrúpa Earnálacha dhéag a bhreathnaigh ar cheisteanna sna réimsí a leanas: Comhoibriú idir Údaráis Iomaíochta, Díolúintí maidir le Srian Ingearacha, Trócaire, Príomheacnamaithe, Baintéireacht, Árachas Sláinte, Fuinneamh, Bia, Iomaíocht agus Tomhaltóirí agus Mí-úsáid Forlámhais.

### **Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE)**

Tá Éire ina bhall den ECFE de réir comhaontas Rialtais. Cuireann an ECFE áis ar fáil dá 30 Ball-Rialtas chun taithí agus chun saincheisteanna eacnamúla, sóisialta agus polasaí rialachais a phlé. Gníomhaíonn an ECFE freisin mar fhoinse neamhspleách maidir le taighde ar pholasaí agus maidir le hanailís pholasaí. Coistí atá san ECFE a dhíríonn ar réimse leathan de shaincheisteanna polasaí. Is é an Coiste Iomaíochta an Coiste atá freagrach as polasaí iomaíochta.

Cuireann an tÚdarás Iomaíochta athchóiriú chun cinn trí spreagadh agus trí chúnamh a thabhairt do chinnteoirí sa Rialtas chun dul i ngleic le cleachtais agus le rialacháin frithiomaíocha. Freastalaíonn an tÚdarás Iomaíochta ar chruinnithe Choiste Iomaíochta an ECFE agus a dhá mheitheal oibre chomhcheangailte: Meitheal Oibre 2 a bhfuil cúram na hIomaíochta agus an

Rialúcháin uirthi agus Meitheal Oibre 3 a bhfuil cúram an Chomhoibrithe agus an Forfheidhmithe uirthi – 3 uair in aghaidh na bliana. Gné rialta de na cruinnithe is ea plé comhchéime “roundtable” ar shaincheisteanna substaintiúla polasaí agus tugtar cuireadh do na balltíortha aighneachtaí a dhéanamh roimh ré. Foilsítear iadsan uile níos deireanaí in éindí le Tuarascáil Chúlra ó Rúnaíocht an EFCE agus sinthéis den phlé.

I 2008 rinne an tÚdarás Iomaíochta aighneachtaí ar Úsáid Talaimh mar Chosc ar Theacht isteach “*Land Use Restrictions as a Barrier to Entry*”, ar cheisteanna Frith-iontaobhais a bhaineann le Scairshealbháin Mhionlaigh “*Anti-trust issues relating to Minority Shareholdings*”, ar Stiúrtóireachtaí Comhshnaidhmeacha agus Coibhneasa Ingearacha i ndáil le Miondíol Gásailín “*Interlocking Directorates and Vertical Relations in Gasoline Retailing*”, agus ar an taithí a bhí aige ar staidéir mhargaidh a dhéanamh. Tugadh cuireadh don Údarás Iomaíochta freisin na cinntí sa tuarascáil maidir leis an iomaíocht i seirbhísí fiacloireachta in Éirinn a chur i láthair agus tá sé rannpháirteach i nDréachtghrúpa atá gafa le tuarascáil ar Chamastaíl tairiscintí agus ar Éadail Rialtais “*Bid-rigging and Government Procurement*”.

### **Líonra Iomaíochta Idirnáisiúnta**

Tá ballraíocht sa Líonra Iomaíochta Idirnáisiúnta (LII) ag an Údarás Iomaíochta. Iarrann an LII ionad coinne speisialaithe ach neamhfhoirmeálta a chur ar fáil do údaráis iomaíochta chun tacú le forbairt an dea-chleachtais i leith dlí agus polasaí iomaíochta agus chun aghaidh a thabhairt ar chúramaí praiticiúla pholasaí na hiomaíochta. Tá an tÚdarás Iomaíochta ag gníomhú i dtír cinn de ghrúpaí oibre an LII: an Grúpa Oibre um Iompar Aontaobhach, an Grúpa Oibre Cumaisc, agus an Grúpa Oibre Cairtéal.

Tá an tÚdarás Iomaíochta ina chomhchathaoirleach ar an nGrúpa Oibre (GO) Cumaisc leis an Antitrust Division den United States Department of Justice (US DOJ) agus tá sé in chathaoirleach ar Fhoghrúpa an LII a bhfuil Imscrúdú agus Anailís Chumaisc faoina chúram. D'éirigh go maith leis an Leabhar Saothair um Threoirlínte Cumaisc an LII agus anois tá an GO Cumaisc ag taiscéaladh réimsí substainteacha inar féidir cleachtas atá molta le haghaidh anailís chumaisc a chur chun cinn. Ag Comhdháil Bhliantúil LII na bliana 2008 chuir an tÚdarás Iomaíochta i láthair in éindí leis an US DOJ an chéad trí thopaic thionscanta le haghaidh an tsaothair seo: creat dlíthiúil d'anailís, do theacht isteach agus do leathnú cumasc iomaíochta, agus úsáid tairseacha agus toimhdí atá bunaithe ar sciar an mhargaidh.

Tá an tÚdarás Iomaíochta ag gníomhú in dhá fhoghrúpa den Ghrúpa Oibre Cairtéil: Foghrúpa Ginearálta Creata agus Foghrúpa um Theicnící Forfheidhmiúcháin. San Foghrúpa Ginearálta Creata scríobh an tÚdarás Iomaíochta faoi na tuarascálacha, *Fíneálacha a Shocrú i ndáil le Cairtéil* “*Setting Fines in Cartels*” agus *Socrúcháin Chairtéal* “*Cartels Settlements*”. San Foghrúpa um Theicnící Forfheidhmiúcháin bhí an tÚdarás Iomaíochta gníomhach ag dréachtú caibidle ar *Theicnící Agallaimh* “*Interviewing Techniques*” do *Lámhleabhar Forfheidhmithe Frithchairtéal* an LII “*Anti-cartel Enforcement Manual*”. Rinne an tÚdarás Iomaíochta láithreoireacht freisin ag ceardlann Chairtéil LII sa Phortaingéil i mí Dheireadh Fómhair 2008.

Chuir an tÚdarás Iomaíochta aighneachtaí dá chuid maidir le praghsáil chreicthe chuig tuarascáil an Ghrúpa Oibre um Iompar Aontaobhach.

## Údaráis Iomaíochta na hEorpa

Tá ballraíocht ag an Údarás Iomaíochta in Údaráis Iomaíochta na hEorpa (UIE). Cuireann an UIE fóram ar fáil do phlé idir údaráis iomaíochta náisiúnta sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Ar bhail an UIE áirítear údaráis iomaíochta ó Bhallstáit an AE, Coimisiún na hEorpa, Ballstáit Limistéar Saorthrádála na hEorpa agus Údarás Faireachais Limistéar Saorthrádála na hEorpa. Bíonn an UIE ag iarraidh an comhoibriú idir údaráis iomaíochta a fheabhsú agus a chion a dhéanamh chun an dlí náisiúnta agus chun dlí na hEorpa a chur i bhfeidhm go héifeachtach. D'fhreastail an tÚdarás Iomaíochta ar chruinniú bliantúil an UIE i 2008.

## Ráiteas Straitéise an Údaráis Iomaíochta

Ba é 2008 an bhliain dheireanach den tréimhse 2006-2008 a bhí clúdaithe ag an Ráiteas Straitéise a chuaigh roimhe seo. D'éirigh leis an tÚdarás Iomaíochta rudaí tábhachtach a bhaint amach i gcaitheamh na tréimhse sin atá sonraithe sa Tuarascáil seo agus i dtuarascálacha na mblianta atá caite.

In Eanáir 2009 d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta a Ráiteas Straitéise don tréimhse 2009-2011. Léirítear sa doiciméad seo aidhmeanna an Údaráis Iomaíochta do na trí bliana atá amach romhainn.

Sa Ráiteas Straitéise do 2009-2011 is ar fheidhmeanna an Údaráis Iomaíochta a chomhlíonadh ar an mbealach is tráthúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla agus is féidir atáthar ag díriú. Cuireadh an Ráiteas Straitéise i dtoll a chéile i ndiaidh comhairliúchán forleathan le páirtithe leasmhara seachtracha agus inmheánacha. Is gníomhaireacht é an tÚdarás Iomaíochta atá ag aibiú agus is mó atá sí ag díriú ar mhéid agus ar chaighdeán na dtorthaí a fheabhsú agus a sholáthar anois ná ar a acmhainn a threisiú.

Is é eochair an Ráitis Straitéise Ráiteas Misin an Údaráis Iomaíochta. Is é an misean atá aige a chinntiú go n-oibríonn an iomaíocht ar mhaithe le tomhaltóirí agus le geilleagar na hÉireann "*to ensure that competition works well for consumers and the Irish economy*".

Má oibríonn an iomaíocht go maith téann sí chun sochair do thomhaltóirí (lena n-áirítear gnóthaí) trína chinntiú go n-oibríonn gnóthaí (soláthraithe) ar bhealach a chuireann chun cinn roghanna, praghsáil éifeachtach, seirbhís, nuálaíocht agus éagsúlacht táirge. Dá éifeachtúla dá bhfuil an iomaíocht is ea is mó an méadú ar tháirgiúlacht agus ar chumas iomaíochta gheilleagar na hÉireann ina iomláine agus dá bhrí sin leathnaíodh an ráiteas misin chun an sochar is féidir leis an iomaíocht a thabhairt don gheilleagar trí chéile a léiriú.

D'fhonn a mhisean a chomhlíonadh tá na hAidhmeanna Ardléibhéil a leanas leagtha amach dó féin ag an Údarás Iomaíocht.

**Aidhm: Feasacht a Mhúscailt:** Cultúr na hiomaíochta a chothú in Éirinn tríd an fheasacht agus an tuiscint ar shochair na hiomaíochta agus ar ról an Údaráis Iomaíochta a mhúscailt; i measc déantóirí polasaí, gnóthaí agus tomhaltóirí.

**Aidhm an Fhorfheidhmithe:** Dlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú i gcoinne cairtéal, i gcoinne comhaontuithe frithiomaíochta eile agus i gcoinne mí-úsáid fhorlámhais eile, agus tosaíocht a thabhairt do

na sárúithe is mó a dhéanann dochar do thomhaltóirí.

**Aidhm an Athchóirithe Chumaisc:** An córas athchóiriú cumaisc a chur i bhfeidhm go héifeachtach, go héifeachtúil agus de réir dea-chleachtais idirnáisiúnta.

**Aidhm an Ghéilliúntais:** Géilliúntas i leith dhlí na hiomaíochta agus tuiscint ar an dlí sin a chun cinn imeasc gnóthaí trí oideas a chur orthu maidir le céard is dlí na hiomaíochta ann agus cén chaoi a gcomhlíontar é.

**Aidhm na Stocaireachta:** Méadú san iomaíocht a bhaint amach mar a bhfuil sí in easnamh gan ghá, nó mar a bhfuil sí teoranta nó srianta, agus cosaint a thabhairt don iomaíocht san áit a bhfuil sí cheana - trí chomhoibriú leis an Rialtas agus leis na hAirí, le Ranna Rialtais agus leis na húdaráis phoiblí go ginearálta, agus le hionadaithe tomhaltóirí agus gnóthaí.


D'fhonn toradh rathúil maidir leis na haidhmeanna thuasluaite a bhaint amach tá an tÚdarás Iomaíochta chun tabhairt faoi réimse tionscnamh ar fud na bhfeidhmeanna atá aige, ar a n-áirítear treisiú sa gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara, breis treorach maidir le dlí na hiomaíochta agus cur chuige níos luathaithí i ndáil le bainistíocht cháis. Déanfar measúnú ar an rath a bheidh ar na tionscnaimh sin gach ráithe agus leasófar iad más gá. Tá na sonraí ar fad ar fáil i Ráiteas Straitéise an Údaráis Iomaíochta 2009-2011.

## COMHALTAÍ AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA

---



William Prasifka  
Cathaoirleach



Declan Purcell  
Stocaireacht



Stanley Wong  
Monaplachtaí



Carolyn Galbreath  
Cairtéil



Paul Gorecki  
Cumaisc

**STRUCHTHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA  
(LÉIRÍTEAR CÚRAIMÍ FOIRNE AN 31 NOLLAIG 2008)**

Roinn	Stocaireacht	Cumaisc	Seirbhísí Corparáideacha	Cairtéil	Monaplachtaí	Polasaí
<b>Comhaltaí</b>	Declan Purcell	Paul Gorecki	William Prasifka	Carolyn Galbreath	Stanley Wong	William Prasifka
<b>Feidhmeanna</b>	Staidéar, anailís agus stocaireacht ar son na hiomaíochta i margaidh ina gcuireann an Stát srian ar an iomaíocht agus ar léirscaoileadh margaidh.	Fógraí cumaisc, athbhreithniú agus forfheidhmiú	Bainistiú acmhainní daonna, airgeadas, tacaíocht riaracháin, TFC agus cumarsáid	Imscrúdú, ionchúiseamh agus forfheidhmiú i ndáil le cairtéil righne faoi Alt 4	Imscrúduithe agus forfheidhmiú i ndáil le cásanna mí-úsáid forlámhais agus comhaontuithe neamhchairtéil (cothromach agus ingearach) faoi Ailt 4 agus 5	Tacaíocht anailíseach do ranna eile, go príomha do Roinn na gCumasc. Bainistiú agus comhordú oibre idirnáisiúnta. Struchtúir faisnéise agus oiliúna a fhorbairt, polasaí agus straitéis.
<b>Bainisteoirí Roinne</b>	Cormac Keating	Ibrahim Bah	Ciarán Quigley	Vivienne Ryan	John Evans	Carol Boate
<b>Comhairleoirí Dí</b>			Noreen Mackey David McFadden			
<b>Bainisteoir Cumarsáide</b>			Clodagh Coffey			
<b>Oifigigh Cháis</b>	Ciarán Aylward Cathal Hanley Andrew Rae Deirdre McHugh Kathryn MacGuill	Victoria Balaguer Anne Ellis Barry O'Donnell Michele Pacillo		John Burke TJ Fitzpatrick Catherine Kilcullen Eksteen Maritz Daniel Kenna Joe McLoughlin <sup>18</sup> Elisa Ryan Sinead Sinnott Joseph Walser John Gasaway	Aoife Brennan Kieran Coleman Niamh Dunne Theunis Kotze Han Nie Anne Ribault O'Reilly John McNally David Boyle David O'Connell	Janet McCoy Malachy Fox
<b>Ardoifigigh Feidhmiúcháin</b>			James Plunkett Sandra Rafferty			
<b>Oifigigh</b>			Stephen Lalor Pat Downey Elizabeth Heffernan			
<b>Oifigigh Chléireacha</b>			Laraine Cooper Sandra Brennan Mark Wilkinson Stephen Tighe			

<sup>18</sup> Tá Bleachtaire-Sháirsint Joe McLoughlin ar iasacht ag an Údarás Iomaíochta ó Bhiúró an Gharda um Imscrúdú Calaoise.



## AGUISÍNÍ

### Aguisín A: Staitisticí ar Chumaisc arna Measúnú 2006-2008

	2008	2007	2006
<b>Cumaisc Fhógartha</b>	<b>37</b>	<b>72</b>	<b>98</b>
fógraí éilithe (Alt 18(1))	37	71	97
fógraí toilteanacha (Alt 18(3))	0	1	1
<b>Tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe</b>	<b>9</b>	<b>9</b>	<b>7</b>
tugtha ar aghaidh mar Chéim 1	9	8	7
tugtha ar aghaidh mar Chéim 2	0	1	0
<b>Tarchurtha ó Choimisiún na hEorpa (RCCE Airteagal 9)</b>	<b>1</b>	<b>0</b>	<b>0</b>
<b>IOMLÁN NA gCÁSANNA</b>	<b>47</b>	<b>81</b>	<b>105</b>
an chuid den iomlán is cumaisc mheán	5	20	22
an chuid den iomlán a tháinig isteach i gCéim 2 i mbliain an chinnidh	2	3	4
an chuid den iomlán a tháinig isteach i gCéim 2 sa bhliain roimh an gcinneadh	0	1	0
<b>Cásanna a Tarraingíodh siar</b>	<b>0</b>	<b>2</b>	<b>2</b>
Tarraingthe siar ag Céim 1	0	2	2
Tarraingthe siar ag Céim 2	0	0	0
<b>Cinntí Soláthraithe</b>	<b>45</b>	<b>70</b>	<b>96</b>
Cinntí Céim 1 a ceadaíodh gan mholtaí	43	64	93
Cinntí Céim 1 a ceadaíodh le moltaí	0	2	0
Cinneadh dearfach Céim 2 gan choinníollacha ná moltaí	1	3	2
Cinneadh Céim 2 le moltaí	0	1	0
Cinneadh Céim 2 le coinníollacha	0	0	0
Toirmeasc Céim 2	1	0	1
<b>Tarchur chuig Choimisiún na hEorpa (RCCE Airteagal 22)</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>
<b>Tugtha ar aghaidh go dtí an bhliain dár gcionn</b>	<b>2</b>	<b>9</b>	<b>7</b>
Tugtha ar aghaidh mar Chéim 1	2	9	6
Tugtha ar aghaidh mar Chéim 2	0	0	1

## Aguisín B: Cumaisc a fógraíodh don Údarás Iomaíochta i 2008

Fógra	Tionscal	Dáta an Fógra	Staid
M/08/001 - SSE/Airtricity	Giniúint agus soláthar fuinneamh aibhléise	09 Eanáir 2008	Críochnaithe
M/08/002 - Citigroup/ Facey	Soláthar breisluacha in earnáil an bhia, na cógaisíochta, telecom agus réiteach gnó	31 Eanáir 2008	Críochnaithe
M/08/003 - Independent/Champion	Nuachtáin a fhoilsiú agus a chur i gcló	12 Feabhra 2008	Críochnaithe
M/08/004 - 3i/Alpharma	Cógaisíocht	22 Feabhra 2008	Críochnaithe
M/08/005 - Collins Stewart/ISTC	Seirbhísí Airgeadais	26 Feabhra 2008	Críochnaithe
M/08/006 - CRH/Ancon	Comhghabhálais Tógála	28 Feabhra 2008	Críochnaithe
M/08/007 - Irish Times/Relevance	Nuachtáin a fhoilsiú agus a chur i gcló	5 Márta 2008	Críochnaithe
M/08/008 - GE/Gama/TEL	Giniúint Aibhléise	19 Márta 2008	Críochnaithe
M/08/009 - Kerry/Breeo	Bianna	21 Márta 2008	Críochnaithe
M/08/010 - IFP/C&D	Bianna peata agus próiseáil mhairteola	20 Márta 2008	Críochnaithe
M/08/011 - Heineken/Scottish & Newcastle	Táirgeadh agus dáileadh beorach agus deochanna eile	3 Aibreán 2008	Críochnaithe
M/08/012 - JPMC/Bear Stearns	Seirbhísí Baincéireachta agus Airgeadais	9 Aibreán 2008	Críochnaithe
M/08/013 - Hibernian/Vivas	Árachas sláinte príobháideach	11 Aibreán 2008	Críochnaithe
M/08/014 - BWG/Mangan's	Miondíol agus mórdhíol grósaeireachta	11 Aibreán 2008	Críochnaithe
M/08/015 - Ford/Lindsay	Dáileachán agus seirbheáil mhótarfheithicilí	16 Aibreán 2008	Críochnaithe
M/08/016 - Premier/Imprint	Soláthar seirbhísí earcaíochta	25 Aibreán 2008	Críochnaithe
M/08/017 - 3i/Uponor Private Healthcare	Córais phíopaí fónais bonneagar PE	9 Bealtaine 2008	Críochnaithe
M/08/018 - ML Cayman/ Omega IV/Euromedic JV	Seirbhísí cúram sláinte	23 Meitheamh 2008	Críochnaithe
M/08/019 - Sagem Securite S.A./SDU Identification B.V.	Teicneolaíocht/aitheantas/slándáil leictreonach	30 Meitheamh 2008	Críochnaithe
M/08/020 - IAWS Group	Bia	4 Iúil 2008	Críochnaithe

plc/Hiestand Holding AG			
M/08/021 – TV3 Television Network Limited/Kish Media Limited	Cláir theilifíse a léiriú agus teilifís a chraoladh	25 Iúil 2008	Críochnaithe
M/08/022 – Tesco PLC/TPF	Soláthar seirbhísí árachais saoil/neamh-shaoil	30 Iúil 2008	Críochnaithe
M/08/023 – DHC/Middenberm/TMF	Seirbhísí a fhoinsiú allamuigh	31 Iúil 2008	Críochnaithe
M/08/024 – GE/Carnival	Pleanáil chlár dráma san RA	20 Lúnasa 2008	Críochnaithe
M/08/025 – Alchemy/Noonan	Seirbhísí áiseanna san RA agus in Éirinn	25 Lúnasa 2008	Críochnaithe
M/08/026 – ITW/AVCo	Réitigh mheáite don mhargadh tionscail agus do shiopaí miondíola	27 Lúnasa 2008	Críochnaithe
M/08/027 – Symantec/PC Tools	Earnáil seirbhísí agus táirgí bogearra slándála	1 Meán Fómhair 2008	Críochnaithe
M/08/028 – EirGrid/SONI	Oibriúchán agus bainistiú aibhléis ardvoltais móide oibriúchán an mhargaidh aibhléise mhórdhíola.	10 Meán Fómhair 2008	Críochnaithe
M/08/029 – OEP/J&J wound care business	Monarú agus soláthar táirgí Leighis	19 Meán Fómhair 2008	Críochnaithe
M/08/030 – Celsa/BRC/McMahon	(a) Táirgí cruach a threisiú ag an leibhéal aghaidh-le-sreabhadh agus (b) Próiseáil/dáileachán táirgí cruach threisiúcháin le haghaidh thionscal na tógála ag an leibhéal síos an sreabhadh	25 Meán Fómhair 2008	Críochnaithe
M/08/031 – Aon/Benfield	Dáileachán árachais phríomha agus atharachais	6 Deireadh Fómhair 2008	Críochnaithe
M/08/032 – First Choice/Sunshine Cruises	Gníomhaíochtaí oibreoir turais	7 Deireadh Fómhair 2008	Críochnaithe
M/08/033 – Sony/Sony NEC Optiarc	Táirgí leictreonacha	29 Deireadh Fómhair 2008	Críochnaithe
M/08/034 – Celsa/ROM Group	Monarú táirgí cruach threisiúcháin ag leibhéal aghaidh-le-sreabhadh agus dáileachán táirgí cruach ag leibhéal síos an sreabhadh	7 Samhain 2008	Críochnaithe
M/08/035 – Sagem/Printrak	Réitigh aitheantas bithmhéadrachta chun duine a aithint lena n-áirítear na táirgí ábhartha, obair chothabhála agus na seirbhísí	7 Samhain 2008	Críochnaithe

	a bhaineann le réitigh dá leithéid		
M/08/036 – Lloyds TSB/HBOS	Baincéireacht	21 Samhain 2008	Críochnaithe
M/08/037 – RDF/Cyrte	Táirgeadh agus dáileachán clárphleanáil teilifíse	10 Nollaig 2008	Críochnaithe
M/08/038 – Alpha/The Herald	Earnáil Foilsithe Nuachtán Réigiúnach	23 Nollaig 2008	Críochnaithe

### Aguisín C: Aighneachtaí Foirmeálta a rinne an tÚdarás Iomaíochta i 2008

Uimhir Aighneachta	Aighneacht chuig:	Ábhar	Achoimre ar Mholtaí
/08/001	Grúpa Comhairleach um Alcól	Athbhreithniú ar Reachtaíocht a rialaíonn Díol agus Tomhaltas Alcóil	<p>Ba chóir chur in aghaidh iarratais daoine a bhfuil leasanna dílsithe acu i dtionscal na ndeochanna cosc ar íoc alcóil faoi chostas an aonaid a thabhairt isteach in athuair. Is é an toradh a bhíonn ar shocrú praghas alcóil go mbíonn díolachán dí níos brabúsaí ar fud na n-asaonta miondíola agus na mbeár. Spreagann corrlaigh ráthaithe díolachán alcóil agus dá bhrí sin tagann siad trasna ar an aidhm tomhaltas iomarcach alcóil a laghdú. Dhéanfaí dleathach trí bhearta dá leithéid comhaontuithe praghas-socraithe; faoi láthair meastar gur sárúithe tromchúiseacha "hard-core" ar dhlí na hiomaíochta atá iontu agus tá siad ionphionóis le téarmaí príosúnachta de suas le cúig bliana. Níl i bpraghas ach toisc amháin a théann i gcion ar an éileamh ar alcóil. Dá mba mhian leis an Rialtas praghas alcóil a ardú d'fhonn cur in aghaidh an tomhaltais, d'fhéadfadh sé é a dhéanamh trí cháin (go sonrach dleachtanna máil). Ní dhearnadh aon mhéadú ar dhleachtanna máil in Éirinn le breis is deich mbliana anuas. Is i 2002 a méadaíodh dleachtanna máil ar bhiotáille an uair deireanach. Mar sin tá luach réadúil an cháin ar alcól in Éirinn ag titim go seasmhach.</p>
S/08/002	An Roinn Sláinte agus Leanaí	Reachtaíocht maidir le Banaltraí agus Mná Cabhartha	<p>Fáiltíonn an tÚdarás Iomaíochta leis an reachtaíocht arna beartú arb í an chéad chéim dar leis chun corpas na reachtaíochta atá infheidhme i leith lucht gairmiúil leighis a uasdátú. Tugtar faoi deara go háirithe an ráiteas gurb é príomhról an Bhoird Altranais an leas poiblí seachas leas cleachtóir gairmiúil leighis faoi leith a chosaint.</p>
S/08/003	An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil	Dréachtrialacháin maidir le Fuíoll Cadhnaí.	<p>Tá roinnt réimsí inar féidir leis na dréachtrialacháin san fhoirm ina bhfuil siad faoi láthair dul i gcion ar mhodh diúltach ar an iomaíocht idir sholáthraithe seirbhísí bainistithe dramhaíola nó idir sholáthraithe atá gan oibleagáidí faoi Threoir an AE um Fhuíoll Cadhnaí. Mar shampla níl gá leis na forálacha a rialaíonn scéimeanna comhchoiteanna toisc go dtugann an dlí iomaíochta atá ann cheana féin aghaidh ar iompar gnóthas iomaíoch a bheartódh dul i mbun gníomhaíochta comhchoitinne ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Ina theannta sin ba chóir go mbeadh ról, comhdhéanamh agus cuntasacht an chomhlachta chlárúcháin sainithe níos soiléire sa reachtaíocht.</p>

S/08/004	An Roinn Sláinte agus Leanaí	Rialacháin um Ghnó Cógaisíochta	Ba chóir go dtabharfaí níos mó faisnéise maidir le praghas cógas do chustaiméirí. Ba chóir go gcuirfí de cheangal ar chógaiseoirí, sula gcomhlánfadh siad oidis, comhairle maidir leis na praghsanna a bhfuil sé i gceist acu a ghearradh a chur ar chustaiméirí, agus go n-aithneofaí idir praghas an táirge agus praghas dáiliúcháin. Ba chóir go mbeadh sé de cheangal ar chógaiseoirí freisin praghas deiridh gach earra dáilte a thaispeáint ar gach lipéad oidis.
S/08/005	Cumann Cógaiseoirí na hÉireann	Rialacháin um Ghnó Cógaisíochta (Clárúchán)	Foráiltear sna rialacháin gur chóir iarratas faoi leith ar chlárúchán a dhéanamh in aghaidh gach asraon cógaisíochta. Molann an tÚdarás Iomaíochta gan sonraí maidir le húinéireacht an iliomad asraonta a iarraidh ach aon uair amháin. Ba chóir rialacha eile maidir le clárú gnothaí cógaisíochta a shoiléiriú freisin.
S/08/006	Grúpa Comhairleach ar Chumaisc Mheán	Cumaisc Mheán	In aighneacht an Údaráis Iomaíochta chuig an nGrúpa Comhairleach díriodh ar an gcaoi a ndéanann an tÚdarás athbhreithniú ar chumaisc faoin Acht Iomaíochta 2002 agus leagadh amach ann freisin ról an Aire faoin reachtaíocht. Tá an tÚdarás Iomaíochta den tuairim nach bhfuil sé laistigh dá shainréimse eolais tuairim chinntitheach a dhéanamh maidir leis na critéir neamhiomaíochta is féidir leis an Aire a chur i bhfeidhm le linn dó an cumasc arna beartú a mheas ó thaobh dhearcadh an leasa phoiblí de.
S/08/007	An Roinn Iompair	Comhairliúchán Poiblí maidir le Taisteal agus Iompar Inbhuanaithe	Spreagann an iomaíocht soláthraithe iompair phoiblí chun seirbhísí a sholáthar ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh chostais de. Is féidir caighdeán slándála, glaineacht, agus compord a rialú go héifeachtúil tríd an bpróiseas tairisceana. Is deis é Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath arna bheartú chun seirbhísí bus na cathrach a oscailt don iomaíocht.
S/08/008	Oifig an Stiúrtóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	Ráiteas Corparáideach OSFC	Is tuairim é atá bunaithe ar thaithí an Údaráis Iomaíochta gur chóir do OSFC daoine aonair a thabhairt os comhair na gcúirteanna toisc gur mór an bac ar choireacht stiúrthóirí cuideachta imeachtaí coiriúla. Ba chóir do OSFC bealaí a aimsiú lena chinntiú go gclárófaí ciontú stiúrthóirí cuideachta in oifigí éagsúla na gCúirteanna Cuarda leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Mura ndéanfar sin is baolach go leanfaidh stiúrthóirí cuideachta ag gníomhú mar stiúrthóirí d'ainneoin a ndícháilithe uathoibríoch iarmhartaigh.

## Aguisín D: Seimineáir, Óráidí, Aithisc agus Páipéir 2008

Teideal	Fóram	Dáta	Duine
An iomaíocht i ndáil le Seirbhísí Fiaclóireachta	EFCE, Páras	18 Feabhra	Declan Purcell
Comhdháil um Chairtéil Idirnáisiúnta: Plé Painéil – Dearcadh an Fhorfheidhmithe ar Bhainistiú Imscrúduithe Ilnáisiúnta	British Institute of International and Comparative Law, Londain	26 Feabhra	Carolyn Galbreath
Aighneacht an Údaráis Iomaíochta ar leasuithe arna mbeartú ar fhorálacha forfheidhmithe san Acht Iomaíochta 2002	Irish Society for European Law: Fóram um Dhlí na hIomaíochta	12 Márta	David McFadden
Forléargas ar Mhonatóir Grósaeireachta	Lainseáil Thuarascálacha Grósaeireachta 1 agus 2	9 Aibreán	William Prasifka
Grúpa Oibre Cumaisc, Cathaoir, plé Painéil Iomlánaigh agus modhnóir, seisiún briste amach.	Comhdháil Bhliantúil an 7ú Líonra Iomaíochta Idirnáisiúnta, Kyoto, an tSeapáin	14-15 Aibreán	Paul K Gorecki
Anailís Chumaisc an Údaráis Iomaíochta	Cúig Bliana de Rialúchán Cumaisc, Ceachta Tábhachtach agus Saincheisteanna atá ag teacht chun cinn- Oifigí McCann Fitzgerald i mBaile Átha Cliath agus i Londain	23 Aibreán	Paul K Gorecki
An Iomaíocht i ndáil le hIompar ar Bhus	Comhairle Iompar CGFE	1 Bealtaine	Declan Purcell
Ráiteas an Chathaoirligh ar Shrianta maidir le Ceadúnas Tacsáí	Comhchoiste an Oireachtais um Iompar	21 Bealtaine	William Prasifka
Géilliúntas i leith Dhlí na hIomaíochta: Scéal Rabhaidh do Chumann Trádála	Cruinniú Chumann Gnóthaí Beaga an CGFE	22 Bealtaine	Carolyn Galbreath
Faisnéisiú Cumainn Trádála	Cruinniú Thionscal Bia agus Dí an CGFE	23 Bealtaine	Carolyn Galbreath
Forléargas ar Mhonatóir Grósaeireachta	Tionscal Bia agus Dí na hÉireann	23 Bealtaine	William Prasifka
Cíos, Athchóiriú Rialúcháin agus Rx	Seimineár Polasaí ITES	3 Iúil	Paul K Gorecki
An Iomaíocht a chur ag Obair sa Soláthar Poiblí	Comhdháil um Sholáthar Poiblí 2008	3 Iúil	William Prasifka

Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí maidir le cás Irish League of Credit Unions Caighdeáin Nua a Leagan síos nó Cásdlí Reatha a chur chun Mífheidhme	Páipéar arna fhoilsiú i European Competition Law Review, Imleabhar 29, Eagrán 9, Ich.499-511	Meán Fómhair	Paul K Gorecki
Leas Príobháideach i gcoinne Leas Poiblí: Úsáid Straitéiseach Dhlí na hIomaíochta in Éirinn ag Leasanna Príobháideacha	Páipéar arna fhoilsiú i World Competition, Imleabhar 31, Eagrán 3, Ich.401-420	Meán Fómhair	Paul K Gorecki
An Córas Pleanála Miondíola	Lainseáil Thuarascáil Ghrósaeireachta 3	10 Meán Fómhair	William Prasifka
Seimineár na hInstitiúide Gnóthaí Eorpacha agus an Údaráis Iomaíochta	Greasachtaí chun Rúndacht na gCairtéal a Bhriseadh: Taithí an AE ar Thrócaire Chairtéil	1 Deireadh Fómhair 2008	Carolyn Galbreath David McFadden
Dlí na hIomaíochta agus Earnáil Chogasaíochta an Phobail	Comhdháil Bhliantúil um Dhlí na hIomaíochta 2008	2 Deireadh Fómhair	William Prasifka
Is ionann an Iomaíocht agus an Saoirse	Comhdháil Bhliantúil 2006 FBME (Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann)	3 Deireadh Fómhair	William Prasifka
An Iomaíocht a chur ag Obair sa Soláthar Poiblí	Coiste um Chonartha Tógála an Rialtais	8 Deireadh Fómhair	Carolyn Galbreath & Catherine Kilcullen
Ráiteas an Chathaoirleach faoi Earnáil an Bhreosla Leachtaigh	Comhchoiste an Oireachtais um Iompar	8 Deireadh Fómhair	William Prasifka
Polasaí Poiblí agus an Iomaíocht	Comhdháil Chinn Mara DEW Chomhdháil Chumann Eacnamaíochta na hÉireann	12 Deireadh Fómhair	William Prasifka
Clár Díolúine Cairtéil	Fóram an Irish Society for European Law um Dhlí Iomaíochta	15 Deireadh Fómhair	Carolyn Galbreath
Fianaise Eacnamaíoch maidir le Rialachán Cumaisc	Seimineár an Irish Society for European Law	11 Samhain	Paul K Gorecki
Coiriúlú na gCairtéal	UHOS (Gníomhaireacht Iomaíochta na Seice) Comhdháil – Brno, Poblacht na Seice	11 Samhain	Carolyn Galbreath
Forfheidhmiú Poiblí agus Gníomhaíochtaí Príobháideacha	'The Lawyer' Comhdháil Dlíthíochta Frithiontaobhais, Londain	26 Samhain	David McFadden
Garthreoir do	An Chéad Athbhreithniú	26 Samhain	Declan Purcell



Rialaitheoirí Éireannacha	Bliantúil ar Chúrsaí Rialúcháin na hÉireann		
Imscrúduithe Casta ar Chairtéil	Líonra Iomaíochta Idirnáisiúnta – Ceardlann na gCairtéal	29 Deireadh Fómhair	Eksteen Maritz
Táirgiúlacht agus an Iomaíocht	Forfás	8 Nollaig	John Evans
Staidéar Cáis ar Chomhlacht Leathstáit Neamhthráchtála – an tÚdarás Iomaíochta	Cúrsa Teastais an Fhorais Riaracháin i Staidéir na Seirbhíse Sibhialta agus na nGníomhaireachtaí Stáit	10 Nollaig	Ciarán Quigley